RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/914 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Aibreán 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint d'Airteagal 57(2), pointe (a) den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i gcomhar le hAirteagal 1 de Phrótacal 21 a ghabhann leis an gComhaontú sin,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dtaca le Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) rinneadh é a leasú roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad, ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Tá Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 bunaithe ar an bprionsabal go dtabharfar fógra éigeantach maidir le comhchruinnithe sula gcuirfear i bhfeidhm iad. Tá ag fógra iarmhairtí dlíthiúla tábhachtacha is fabhrach do na páirtithe sa chomhchruinniú beartaithe. Mar sin féin, mura gcomhlíontar an oibleagáid fógra a thabhairt beidh na páirtithe faoi dhliteanas fíneálacha a íoc agus féadfaidh míbhuntáistí ó thaobh an dlí shibhialta a bheith ann dóibh dá thoradh sin freisin. Dá bhrí sin, is gá, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, sainmhíniú beacht a dhéanamh ar ábhar agus ar inneachar na faisnéise atá le soláthar san fhógra.

(3) I dtaca leis na fíorais agus na himthosca is ábhartha chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcomhchruinniú a bhfuil fógra á thabhairt ina leith, is faoi na páirtithe a bhfuil an fógra á thabhairt acu atá sé iad a nochtadh go hiomlán agus go macánta don Choimisiún.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ceadaítear freisin do na gnóthais lena mbaineann a iarraidh, in aighneacht réasúnaithe, sula dtabharfar fógra, go ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó comhchruinniú, a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin sin, a tharchur chuig an gCoimisiún, nó go ndéanfaidh an Coimisiún é a tharchur chuig Ballstát amháin nó níos mó, de réir mar a bheidh. Tá sé tábhachtach go soláthrófar faisnéis leordhóthanach don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, chun é a chur ar a gcumas dóibh measúnú a dhéanamh, laistigh de ghearrthréimhse, cibé acu ba cheart tarchur a dhéanamh nó nár cheart. Chuige sin, ba cheart faisnéis shonrach áirithe a bheith san aighneacht réasúnaithe lena n-iarrtar an tarchur.

(5) D'fhonn scrúdú na bhfógraí, na n-aighneachtaí réasúnaithe, agus na faisnéise maidir le gealltanais a shimpliú agus a bhrostú, ba cheart foirmeacha caighdeánaithe a úsáid. Leagtar na foirmeacha sin amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Féadfaidh athrú teacht ar fhormáid na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo agus féadfar foirmeacha leictreonacha ina mbeidh na ceanglais chéanna maidir le faisnéis a chur in ionad na bhfoirmeacha comhfhreagracha.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.
([2]) IO L 133, 30.4.2004 lch. 1.

(6) Ós rud é, ar fhógra a thabhairt, go ndéantar teorainneacha ama dlíthiúla a thionscnamh ar teorainneacha iad a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear na teorainneacha ama sin agus an dáta a dtiocfaidh éifeacht leo a chinneadh freisin.

(7) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart rialacha a leagan síos chun na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a ríomh. Go háirithe, ba cheart tús agus deireadh na dtréimhsí agus na himthosca lena gcuirtear rith tréimhsí den sórt sin ar fionraí a chinneadh, agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais atá ann de thoradh fhad fíorghearr na tréimhse dlíthiúla atá ar fáil le haghaidh na n-imeachtaí.

(8) I dtaca leis na forálacha a bhaineann le himeachtaí an Choimisiúin faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, ba cheart iad a leagan amach ar dhóigh lena dtabharfar cosaint iomlán don cheart chun éisteacht a fháil agus do chearta na cosanta. Chun na gcríoch sin, ba cheart don Choimisiún idirdhealú a dhéanamh idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu maidir leis an gcomhchruinniú, páirtithe eile a bhfuil baint acu leis an gcomhchruinniú atá beartaithe, tríú páirtithe agus páirtithe a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le fíneáil nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ghearradh orthu.

(9) Ba cheart don Choimisiún deis a thabhairt do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus do pháirtithe eile a bhfuil baint acu leis an gcomhchruinniú atá beartaithe, arna iarraidh sin dóibh agus sula dtabharfaidh siad fógra, an comhchruinniú atá beartaithe a phlé go neamhfhoirmiúil agus faoi chuing rúin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún, tar éis an fógra a fháil, fanacht i ndlúth-theagmháil leis na páirtithe sin, a mhéid is gá chun aon fhadhb phraiticiúil nó dhlíthiúil a phlé leo ar fadhbanna iad a thugann sé faoi deara tar éis dó an cás a scrúdú den chéad uair, d'fhonn na fadhbanna sin a réiteach trí chomhaontú frithpháirteach, más féidir.

(10) I gcomhréir leis an bprionsabal maidir le cearta na cosanta a urramú, ba cheart deis a thabhairt do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a mbarúlacha a chur isteach faoi na hagóidí uile a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a chur san áireamh ina chinntí. I dtaca leis na páirtithe eile a bhfuil baint acu leis an gcomhchruinniú atá beartaithe, ba cheart iad a chur ar an eolas faoi agóidí an Choimisiúin freisin agus ba cheart deis a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur in iúl.

(11) Ba cheart deis chun a dtuairimí a chur in iúl a thabhairt do thríú páirtithe freisin, ar tríú páirtithe iad a léirigh go bhfuil leas leordhóthanach acu ina leithéid, más rud é go ndéanann siad iarratas i scríbhinn chuige sin.

(12) Na daoine éagsúla atá i dteideal barúlacha a chur isteach, ba cheart dóibh sin a dhéanamh i scríbhinn, chun a leasa féin agus ar mhaithe leis an dea-riarachán, gan dochar dá gceart éisteacht fhoirmiúil ó bhéal a iarraidh, i gcás inarb iomchuí, chun an nós imeachta i scríbhinn a fhorlíonadh. I gcásanna práinneacha, áfach, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann dul ar aghaidh láithreach chun éisteacht fhoirmiúil ó bhéal a thabhairt do na páirtithe a thug fógra, do pháirtithe eile lena mbaineann nó do thríú páirtithe.

(13) Is gá rialacha a leagan síos maidir le cearta na ndaoine atá le héisteacht a fháil, ar mhéid na rochtana ar chomhad an Choimisiúin is ceart a thabhairt dóibh agus ar na coinníollacha faoina bhféadfar ionadaíocht a dhéanamh orthu nó cúnamh a thabhairt dóibh.

(14) Agus é ag deonú rochtana ar an gcomhad, ba cheart don Choimisiún cosaint rúin ghnó nó faisnéise rúnda eile a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a iarraidh ar ghnóthais, a chuir doiciméid nó ráitis isteach, faisnéis rúnda a shainaithint.

(15) Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún measúnú ceart a dhéanamh ar na gealltanais atá á dtairiscint ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu d'fhonn comhchruinniú a dhéanamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, agus chun comhairliúchán cuí a áirithiú leis na páirtithe eile lena mbaineann, le tríú páirtithe agus le húdaráis na mBallstát dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, ba cheart an nós imeachta agus na teorainneacha ama a leagan síos maidir leis gealltanais a chur isteach.

(16) I dtaca le doiciméid a tharchur chuig an gCoimisiún agus uaidh, ba cheart an tarchur sin tarlú i bprionsabal trí mhodhanna digiteacha, agus forbairtí i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus tionchar comhshaoil tarchur den sórt sin á mbreithniú. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir le fógraí, aighneachtaí réasúnaithe, barúlacha mar fhreagairt ar agóidí a dhíríonn an Coimisiún ar pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, agus maidir le gealltanais arna dtairiscint de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME

Airteagal 1

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le rialú comhchruinnithe arna ndéanamh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

CAIBIDIL II

FÓGRAÍ AGUS AIGHNEACHTAÍ EILE

Airteagal 2

Daoine atá i dteideal fógraí a chur isteach

1. Is iad na daoine nó na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a chuirfidh fógraí isteach.

2. I gcás ina síneoidh ionadaithe údaraithe seachtracha daoine nó gnóthas na fógraí, tabharfaidh na hionadaithe sin cruthúnas i scríbhinn ar aird go bhfuil siad údaraithe gníomhú amhlaidh.

Airteagal 3

Fógraí a chur isteach

1. Cuirfear fógraí isteach trí úsáid a bhaint as an bhFoirm CO mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, féadfar fógraí a chur isteach trí úsáid a bhaint as Foirm Ghearr CO mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Cuirfear fógraí comhpháirteacha isteach ar aon fhoirm amháin.

2. I dtaca leis na foirmeacha dá dtagraítear i mír 1 agus gach doiciméad tacaíochta ábhartha, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad i gcomhréir le hAirteagal 22 agus leis na treoracha atá foilsithe ag an gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Déanfar na fógraí a tharraingt suas i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. I gcás na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, is í an teanga sin teanga an imeachta freisin, agus teanga aon imeachta dá éis sin a bhaineann leis an gcomhchruinniú céanna. Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad. I gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais bunteanga doiciméid, cuirfear aistriúchán go teanga na n-imeachtaí i gceangal leis.

4. I gcás ina ndéanfar fógraí de bhun Airteagal 57 den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfar iad a chur isteach freisin i gceann amháin de theangacha oifigiúla Stáit CSTE nó i dteanga oibre Údarás Faireacháin CSTE. Más rud é nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í an teanga a roghnaítear le haghaidh na bhfógraí, déanfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an doiciméadacht uile a fhorlíonadh go comhuaineach le haistriúchán go teanga oifigiúil de chuid an Aontais ar fáil ag an am céanna. Is ar bhonn na teanga a roghnófar le haghaidh an aistriúcháin a chinnfear an teanga a úsáidfidh an tAontas mar theanga na n-imeachtaí le haghaidh na bpáirtithe a thug fógra.

Airteagal 4

Faisnéis agus doiciméid atá le soláthar

1. Beidh sna fógraí an fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, a cheanglaítear sna foirmeacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II. Beidh an fhaisnéis ceart agus iomlán.

2. Ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis faoi leith a sholáthar san fhógra a ligean ar ceal, nó aon cheanglas eile a shonraítear in Iarscríbhinní I agus II lena n-áirítear doiciméid, i gcás ina mbreithneoidh an Coimisiún nach gá na hoibleagáidí ná na ceanglais sin a chomhlíonadh chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

3. Admhóidh an Coimisiún, gan mhoill, i scríbhinn chuig na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó chuig a n-ionadaithe siúd go bhfuair sé an fógra agus aon fhreagra ar litir arna seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 5(2) agus Airteagal (3).

Airteagal 5

An dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfógra

1. Faoi réir mhíreanna 2, 3 agus 4, gabhfaidh éifeacht le fógraí an dáta a bhfaighidh an Coimisiún iad.

2. I gcás ina mbeidh an fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, atá san fhógra neamhiomlán in aon ghné ábhartha, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó a n-ionadaithe ar an eolas ina thaobh i scríbhinn gan mhoill. Sna cásanna sin, gabhfaidh éifeacht leis an bhfógra an dáta a bhfaighidh an Coimisiún an fhaisnéis iomlán.

3. Maidir le hathruithe ábhartha ar na fíorais atá san fhógra a tháinig chun solais tar éis an fógra a thabhairt, ar fíorais iad a bhfuil na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar an eolas ina dtaobh nó ar cheart dóibh a bheith ar an eolas ina dtaobh, nó aon fhaisnéis nua a thagann chun solais tar éis an fógra a thabhairt, ar faisnéis í a bhfuil na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar an eolas ina taobh nó ar cheart dóibh a bheith ar an eolas ina taobh, agus nár mhór fógra a bheith tugtha ina leith i gcás ina raibh siad eolach uirthi tráth an fhógra, déanfar sin a chur in iúl don Choimisiún gan mhoill. I gcásanna den sórt sin, ina bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag na hathruithe ábhartha sin nó ag an bhfaisnéis nua sin ar an mbreithmheas a dhéanfar ar an gcomhchruinniú, féadfaidh an Coimisiún a bhreithniú go ngabhfaidh éifeacht leis an bhfógra an dáta a bhfaighidh sé an fhaisnéis ábhartha. Cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó a n-ionadaithe ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn gan mhoill.

4. Chun críocha an Airteagail seo, breithneofar faisnéis mhícheart nó mhíthreorach ina faisnéis neamhiomlán, gan dochar d'Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

5. I gcás ina bhfoilseoidh an Coimisiún fíoras an fhógra de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, sonróidh sé an dáta a bhfuarthas an fógra. I gcás, tar éis míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, gur déanaí an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfógra ná an dáta a shonraítear san fhoilseachán sin, eiseoidh an Coimisiún foilseachán eile ina luafar an dáta is déanaí.

Airteagal 6

Forálacha sonracha a bhaineann le haighneachtaí réasúnaithe, forlíontaí agus deimhnithe

1. Ní mór an fhaisnéis, lena n-áirítear doiciméid, a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, a bheith in aighneachtaí réasúnaithe de réir bhrí Airteagal 4(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Beidh an fhaisnéis a chuirfear isteach ceart agus iomlán.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 2, an tríú habairt d'Airteagal 3(1), Airteagal 3(2), (3) agus (4), Airteagal 4, Airteagal 5(1) go (4) agus Airteagal 22 den Rialachán seo maidir le haighneachtaí réasúnaithe de réir bhrí Airteagal 4(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 2, an tríú habairt d'Airteagal 3(1), Airteagal 3(2), Airteagal (3) agus (4), Airteagal 4, Airteagal 5(1) go (4) agus Airteagal 22 den Rialachán seo maidir le forlíontaí ar fhógraí agus le deimhnithe de réir bhrí Airteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

CAIBIDIL III

TEORAINNEACHA AMA

Airteagal 7

Tús na dtréimhsí ama

Cuirfear tús le tréimhsí ar an lá oibre, mar a shainmhínítear in Airteagal 24 den Rialachán seo, tar éis an teagmhais dá dtagraíonn an fhoráil ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

Airteagal 8

Dul in éag na dtréimhsí

1. Rachaidh tréimhse arna ríomh i laethanta oibre in éag ag deireadh lá oibre deireanach na tréimhse sin.

2. Rachaidh tréimhse ama arna socrú ag an gCoimisiún i dtéarmaí dáta féilire in éag ag deireadh an lae sin.

Airteagal 9

Fionraí na teorann ama

1. Déanfar na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 9(4), Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a fhionraí i gcás ina mbeidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 11(3) nó Airteagal 13(4) den Rialachán sin, ar aon cheann de na forais seo a leanas:

(a) i dtaca le faisnéis a d'iarr an Coimisiún de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ó aon cheann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó ó pháirtí eile lena mbaineann, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 den Rialachán seo, nach soláthrófar an fhaisnéis sin nó nach soláthrófar an fhaisnéis iomlán laistigh den teorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún;

(b) i dtaca le faisnéis a d'iarr an Coimisiún de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ó thríú páirtí, nach soláthrófar an fhaisnéis sin nó nach soláthrófar an fhaisnéis iomlán laistigh den teorainn ama arna socrú ag an gCoimisiún i ngeall ar imthosca arb iad ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon pháirtí eile lena mbaineann, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 den Rialachán seo, atá freagrach astu;

(c) i gcás inar dhiúltaigh ceann amháin de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó aon pháirtí eile lena mbaineann, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 den Rialachán seo, dul faoi iniúchadh a mheas an Coimisiún a bheith riachtanach ar bhonn Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 nó comhoibriú le cigireacht den sórt sin a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán sin;

(d) i gcás inar mhainnigh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an Coimisiún a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha ar na fíorais atá san fhógra, nó faoi aon fhaisnéis nua den chineál dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán seo.

2. Déanfar na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 9(4), Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a fhionraí i gcás ina mbeidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán sin, gan iarraidh shimplí ar fhaisnéis a dhéanamh ar dtús, i ngeall ar imthosca arb é ceann de na gnóthais a bhaineann leis an gcomhchruinniú atá freagrach astu.

3. Déanfar na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 9(4) agus Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a fhionraí:

(a) sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), ar feadh na tréimhse idir dul in éag na teorann ama atá socraithe san iarraidh shimplí ar fhaisnéis, agus tráth fála na faisnéise iomláine agus cirte a cheanglaítear le cinneadh nó nuair a chuireann an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar an eolas nach bhfuil gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis a iarradh i bhfianaise thorthaí a imscrúdaithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh;

(b) sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ar feadh na tréimhse idir an iarracht nár éirigh léi chun an chigireacht a dhéanamh agus críochnú na cigireachta a ordaítear le cinneadh nó nuair a chuireann an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar an eolas nach bhfuil gá a thuilleadh leis an gcigireacht a iarradh i bhfianaise thorthaí a imscrúdaithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh;

(c) sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), ar feadh na tréimhse idir an t-athrú ar na fíorais dá dtagraítear ann agus tráth fála na faisnéise iomláine agus cirte;

(d) sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, ar feadh na tréimhse idir dul in éag na teorann ama atá socraithe sa chinneadh, agus tráth fála na faisnéise iomláine agus cirte a cheanglaítear le cinneadh nó nuair a chuireann an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar an eolas nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis a iarradh i bhfianaise thorthaí a imscrúdaithe atá fós ar siúl nó forbairtí sa mhargadh.

4. Cuirfear tús le fionraí na teorann ama ar an lá oibre tar éis an dáta a tharla an teagmhas ba chúis leis an bhfionraí. Rachaidh sí in éag ag deireadh an lae ar a gcuirfear an chúis a bhí leis an bhfionraí ar neamhní. Mura lá oibre an lá sin, rachaidh fionraí na teorann ama in éag ag deireadh an lae oibre dár gcionn.

5. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí ar fad a fuair sé faoi chreat a imscrúdaithe a phróiseáil laistigh de thréimhse ama réasúnach, sonraí lena bhféadfadh sé a mheas nach bhfuil gá a thuilleadh le faisnéis a iarradh nó le cigireacht a ordaíodh de réir bhrí mhír 3, pointí (a), (b), agus (d).

Airteagal 10

Teorainneacha ama a chomhlíonadh

1. Maidir leis na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 4(4), an cheathrú fomhír, Airteagal 9(4), Airteagal 10(1) agus (3), agus in Airteagal 22(3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, comhlíonfar iad i gcás ina mbeidh an cinneadh ábhartha déanta ag an gCoimisiún roimh dheireadh na tréimhse.

2. Maidir leis na teorainneacha ama dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 4(4), sa tríú fomhír d'Airteagal 4(5), in Airteagal 9(2), sa dara fomhír d'Airteagal 22(1) agus sa dara fomhír d'Airteagal 22(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, comhlíonfaidh Ballstát lena mbaineann iad i gcás ina gcuirfidh an Ballstát sin, roimh dheireadh na tréimhse, an Coimisiún ar an eolas ina thaobh i scríbhinn nó ina ndéanfaidh sé an iarraidh i scríbhinn, nó ina gcuirfidh sé í i gceangal, de réir mar a bheidh.

3. Maidir leis an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 9(6) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, comhlíonfar í i gcás ina gcuirfidh an t-údarás inniúil de chuid Ballstáit na gnóthais lena mbaineann ar an eolas ina thaobh roimh dheireadh na tréimhse ar an modh a leagtar amach san fhoráil sin.

CAIBIDIL IV

AN CEART A FHEIDHMIÚ CHUN ÉISTEACHT A FHÁIL AGUS ÉISTEACHTAÍ

Airteagal 11

Páirtithe dá dtabharfar éisteacht

Chun críocha an chirt chun éisteacht a fháil de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, déantar idirdhealú idir na páirtithe seo a leanas:

(a) páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, is é sin daoine nó gnóthais a bhfuil fógra á chur isteach acu de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004;

(b) páirtithe eile lena mbaineann, is é sin, páirtithe sa chomhchruinniú atá beartaithe seachas na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, amhail an díoltóir agus an gnóthas arb é sprioc an chomhchruinnithe é;

(c) tríú daoine, is é sin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, lena n-áirítear custaiméirí, soláthróirí agus iomaitheoirí, ar choinníoll go léiríonn siad leas leordhóthanach a bheith acu de réir bhrí Airteagal 18(4), an dara abairt, de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, agus is amhlaidh sin go háirithe:

i) le haghaidh comhaltaí chomhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na ngnóthas lena mbaineann nó ionadaithe aitheanta a gcuid fostaithe;

ii) le haghaidh comhlachais tomhaltóirí, i gcás ina mbaineann an comhchruinniú atá beartaithe le táirgí nó seirbhísí a úsáideann tomhaltóirí deiridh.

(d) páirtithe a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leo de bhun Airteagal 14 nó Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

Airteagal 12

Cinntí maidir le comhchruinnithe a fhionraí

1. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a dhéanfaidh dochar do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe, cuirfidh sé na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus páirtithe eile lena mbaineann ar an eolas i scríbhinn faoi na hagóidí atá aige agus socróidh sé teorainn ama a bhféadfaidh siad a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn lena linn.

2. I gcás ina mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo déanta go sealadach ag an gCoimisiún, de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, gan deis a bheith tugtha do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ná do pháirtithe eile lena mbaineann a gcuid tuairimí a chur in iúl, cuirfidh sé téacs an chinnidh shealadaigh chucu gan mhoill agus socróidh sé síos teorainn ama a bhféadfaidh siad a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn lena linn.

A luaithe a bheidh a gcuid tuairimí curtha in iúl ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus ag páirtithe eile lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún cinneadh deiridh lena n-aisghairfear, lena leasófar nó lena ndaingneofar an cinneadh sealadach. I gcás nach bhfuil tuairimí na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó tuairimí páirtithe eile lena mbaineann curtha in iúl i scríbhinn acu laistigh den teorainn ama atá socraithe, beidh cinneadh sealadach an Choimisiúin críochnaitheach nuair a rachaidh an tréimhse sin in éag.

Airteagal 13

Cinntí maidir le substaint an cháis

1. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 6(3) nó Airteagal 8(2) go (6) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, tabharfaidh sé éisteacht, sula rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach, do na páirtithe de bhun Airteagal 18(1) agus Airteagal (3) den Rialachán sin.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 12(2) den Rialachán seo i gcás ina ndearna an Coimisiún, agus Airteagal 18(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 á chur i bhfeidhm, cinneadh de bhun Airteagal 8(5) den Rialachán sin go sealadach.

2. Cuirfidh an Coimisiún a agóidí i scríbhinn chuig na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu i ráiteas agóidí. Tar éis don Choimisiún an ráiteas agóidí a eisiúint, féadfaidh sé aon ráiteas forlíontach amháin nó níos mó d'agóidí a dhíriú ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, más rud é gur mian leis an gCoimisiún agóidí nua a dhéanamh nó tréithe intreacha na n-agóidí a rinneadh roimhe a mhodhnú.

Déanfaidh an Coimisiún, agus fógra á thabhairt aige maidir le hagóidí, teorainn ama a shocrú a bhféadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an Coimisiún a chur ar an eolas i scríbhinn lena linn faoina mbarúlacha.

Cuirfidh an Coimisiún páirtithe eile lena mbaineann ar an eolas i scríbhinn faoi na hagóidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus socróidh teorainn ama a bhféadfaidh na páirtithe sin a mbarúlacha a chur in iúl don Choimisiún i scríbhinn lena linn.

Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún barúlacha a chur san áireamh a fhaightear i ndiaidh don teorainn ama atá socraithe aige dul in éag.

3. Ina gcuid barúlacha scríofa, féadfaidh páirtithe ar díríodh na hagóidí orthu nó a cuireadh ar an eolas faoi na hagóidí sin na fíorais ábhartha is eol dóibh a leagan amach, agus déanfaidh siad aon doiciméad ábhartha a chur i gceangal mar chruthúnas ar na fíorais a bheidh leagtha amach. Féadfaidh siad a mholadh freisin go dtabharfaidh an Coimisiún éisteacht do dhaoine a fhéadfaidh comhthacú leis na fíorais sin. Cuirfidh siad a mbarúlacha faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 22 agus leis na treoracha atá foilsithe ag an gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Cuirfidh an Coimisiún cóipeanna de na barúlacha scríofa sin chuig údaráis inniúla na mBallstát gan mhoill.

4. Tar éis ráiteas agóidí a eisiúint, féadfaidh an Coimisiún litir fíoras a dhíriú ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, á gcur ar an eolas faoi fhíorais bhreise nó nua nó faoi fhianaise is mian leis an gCoimisiún a úsáid chun comhthacú le hagóidí a rinneadh cheana.

Agus litir fíoras á seoladh, déanfaidh an Coimisiún teorainn ama a shocrú a bhféadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an Coimisiún a chur ar an eolas i scríbhinn lena linn faoina mbarúlacha.

5. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 14 nó Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, tabharfaidh sé éisteacht, sula rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach, de bhun Airteagal 18(1) agus (3) den Rialachán sin, do na páirtithe a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leo.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír de mhír 2 agus i míreanna 3 agus 4.

Airteagal 14

Éisteachtaí ó bhéal

1. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 6(3) nó Airteagal 8(2) go (6) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, tabharfaidh sé deis do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, arna iarraidh sin dóibh ina mbarúlacha scríofa, a gcuid argóintí a fhorbairt ag éisteacht fhoirmiúil ó bhéal. Féadfaidh sé freisin, ag céimeanna eile de na himeachtaí, deis a thabhairt do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a dtuairimí a chur in iúl ó bhéal.

2. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 6(3) nó Airteagal 8(2) go (6) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, tabharfaidh sé deis freisin do pháirtithe eile lena mbaineann, arna iarraidh sin dóibh ina mbarúlacha scríofa, a gcuid argóintí a fhorbairt ag éisteacht fhoirmiúil ó bhéal. Féadfaidh sé freisin, ag céimeanna eile de na himeachtaí, deis a thabhairt do pháirtithe eile lena mbaineann a dtuairimí a chur in iúl ó bhéal.

3. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 14 nó Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, tabharfaidh sé deis do pháirtithe a bhfuil sé beartaithe aige fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh orthu a gcuid argóintí a fhorbairt ag éisteacht fhoirmiúil ó bhéal, arna iarraidh sin dóibh ina mbarúlacha scríofa. Féadfaidh sé freisin, ag céimeanna eile de na himeachtaí, deis a thabhairt do na páirtithe sin a dtuairimí a chur in iúl ó bhéal.

Airteagal 15

Seoladh éisteachtaí ó bhéal

1. Is é an tOifigeach Éisteachta a dhéanfaidh na héisteachtaí ó bhéal a sheoladh ar bhealach iomlán neamhspleách.

2. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh do na daoine atá le héisteacht a fháil freastal ar an éisteacht ó bhéal ar cibé lá a chinnfidh sé féin.

3. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh d'údaráis inniúla na mBallstát páirt a ghlacadh in aon éisteacht ó bhéal.

4. Beidh na daoine dá dtugtar cuireadh freastal ar an éisteacht ó bhéal i láthair go pearsanta nó beidh ionadaithe dlíthiúla nó ionadaithe arna n-údarú ag a mbunreacht i láthair ina n-ionad de réir mar is iomchuí. Féadfaidh gnóthais agus comhlachais ghnóthas ionadaíocht a fháil freisin ó ghníomhaire a bheidh údaraithe agus ceaptha óna bhfoireann bhuan.

5. Féadfaidh daoine a dtabharfaidh an Coimisiún éisteacht dóibh cúnamh a fháil óna ndlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a bheidh údaraithe go cuí agus ceadaithe ag an Oifigeach Éisteachta.

6. Ní dhéanfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí. Féadfaidh gach duine éisteacht a fháil ar leithligh nó i láthair daoine eile a fuair cuireadh freastal ar an éisteacht, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas maidir lena rúin ghnó agus le faisnéis rúnda eile a chosaint.

7. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta a cheadú do gach páirtí de réir bhrí Airteagal 11, do sheirbhísí an Choimisiúin agus d'údaráis inniúla na mBallstát ceisteanna a chur le linn na héisteachta ó bhéal.

8. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta cruinniú ullmhúcháin a reáchtáil leis na páirtithe agus le seirbhísí an Choimisiúin d'fhonn eagrú éifeachtúil na héisteachta ó bhéal a éascú.

9. Déanfar na ráitis ó gach duine a thaifeadadh. Arna iarraidh sin, déanfar taifeadadh na héisteachta ó bhéal a chur ar fáil do na daoine a d'fhreastail ar an éisteacht sin. Tabharfar aird ar leas dlisteanach na ngnóthas sin maidir lena rúin ghnó agus le faisnéis rúnda eile a chosaint.

Airteagal 16

Tríú daoine a éisteacht

1. Más rud é go gcuireann tríú daoine iarratas ar éisteacht isteach, cuirfidh an Coimisiún in iúl dóibh i scríbhinn cineál agus ábhar na n-imeachtaí agus socróidh sé teorainn ama a bhféadfaidh siad a gcuid tuairimí a chur in iúl lena linn.

2. I gcás ina mbeidh ráiteas agóidí nó ráiteas forlíontach agóidí eisithe, féadfaidh an Coimisiún leagan neamhrúnda den ráiteas sin a sheoladh chuig tríú daoine nó iad a chur ar an eolas faoi chineál agus faoi ábhar na n-imeachtaí ar bhealaí iomchuí eile. Chun na críche sin, sainaithneoidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu aon fhaisnéis is faisnéis rúnda dar leo sna hagóidí, de bhun Airteagal 18(3), an dara habairt agus an tríú habairt, laistigh de 5 lá oibre ó thráth fála an ráitis. Soláthróidh an Coimisiún an leagan neamhrúnda de na hagóidí do thríú daoine nach mbeidh le húsáid ach chun críocha na n-imeachtaí ábhartha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 agus chun na gcríoch sin amháin. Glacfaidh tríú daoine leis an srianadh úsáide sin roimh leagan neamhrúnda na n-agóidí a fháil.

I gcás nach mbeidh ráiteas agóidí eisithe, ní bheidh oibleagáid ar bith ar an gCoimisiún aon fhaisnéis a sholáthar do thríú daoine dá dtagraítear i mír 1 seachas cineál agus ábhar na n-imeachtaí.

3. Cuirfidh na tríú daoine dá dtagraítear i mír 1 a dtuairimí in iúl i scríbhinn laistigh den teorainn ama a shocrófar. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, an deis a thabhairt do thríú daoine den sórt sin, arna iarraidh sin dóibh ina mbarúlacha scríofa, chun páirt a ghlacadh in éisteacht fhoirmiúil. Féadfaidh sé deis a thabhairt do na tríú daoine sin a dtuairimí a chur in iúl ó bhéal freisin.

4. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a chuid tuairimí a chur in iúl, i scríbhinn agus ó bhéal freisin, lena n-áirítear ag éisteacht ó bhéal.

CAIBIDIL V

ROCHTAIN AR AN gCOMHAD AGUS FAISNÉIS RÚNDA A LÁIMHSEÁIL

Airteagal 17

Rochtain ar an gcomhad agus doiciméid a úsáid

1. Más rud é go n-iarrtar amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún rochtain ar an gcomhad a dheonú do na páirtithe ar dhírigh sé ráiteas agóidí orthu, chun é a chur ar a gcumas a gcearta cosanta a fheidhmiú. Deonófar an rochtain sin tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt maidir leis an ráiteas agóidí do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

2. Tabharfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin, rochtain ar an gcomhad freisin do na páirtithe eile lena mbaineann atá curtha ar an eolas faoi na hagóidí, a mhéid is gá sin chun a mbarúlacha a ullmhú.

3. Ní shínfidh an ceart rochtana ar an gcomhad chuig:

(a) faisnéis rúnda;

(b) doiciméid inmheánacha an Choimisiúin;

(c) doiciméid inmheánacha de chuid údaráis inniúla na mBallstát;

(d) comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát;

(e) comhfhreagras idir údaráis inniúla na mBallstát; agus

(f) comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta eile.

4. Doiciméid a fhaightear trí rochtain ar an gcomhad de bhun an Airteagail seo, ní fhéadfar iad a úsáid ach chun críocha na n-imeachtaí ábhartha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

Airteagal 18

Faisnéis rúnda a láimhseáil

1. Ní dhéanfaidh an Coimisiún faisnéis, lena n-áirítear doiciméid, a chur in iúl ná a chur ar fáil a mhéid inarb amhlaidh:

(a) go bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile inti; agus

(b) nach measann an Coimisiún gur gá an fhaisnéis a nochtadh chun críche na n-imeachtaí.

2. Duine, gnóthais, nó comhlachais gnóthas a chuireann a dtuairimí nó a mbarúlacha in iúl de bhun Airteagal 12, 13 agus 16 den Rialachán seo, nó a sholáthraíonn faisnéis de bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, nó a chuireann faisnéis bhreise dá éis sin faoi bhráid an Choimisiúin le linn na n-imeachtaí céanna, déanfaidh siad aon ábhar is ábhar rúnda dar leo a shainaithint go soiléir, agus cúiseanna a thabhairt leis sin, agus soláthróidh siad leagan neamhrúnda ar leithligh faoin dáta a bheidh socraithe ag an gCoimisiún.

3. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, ar ghnóthais agus ar chomhlachais de ghnóthais i ngach cás ina dtabharfaidh siad ar aird doiciméid nó na ráitis de bhun Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, nó i gcás ina mbeidh na doiciméid nó na ráitis sin tugtha ar aird acu, na doiciméid nó na codanna de dhoiciméid ina bhfuil rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile dá gcuid dar leo a shainaithint agus na gnóthais a shainaithint i ndáil leo a bhfuil na doiciméid sin le breithniú ina ndoiciméid rúnda freisin.

Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 freisin, ar ghnóthais nó ar chomhlachais de ghnóthais aon chuid de ráiteas agóidí, aon achoimre ar chás nó aon chinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún a shainaithint i gcás ina mbeidh rúin ghnó iontu, dar leo.

I gcás ina sainaithneofar rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile, tabharfaidh na daoine, na gnóthais agus na comhlachais de ghnóthais cúiseanna leis sin agus soláthróidh siad leagan neamhrúnda ar leithligh faoin dáta a bheidh socraithe ag an gCoimisiún.

4. I gcás ina mainneoidh daoine, gnóthais nó comhlachais gnóthas míreanna 2 nó 3 a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún glacadh leis nach bhfuil aon fhaisnéis rúnda sna doiciméid nó sna ráitis lena mbaineann.

CAIBIDIL VI

GEALLTANAIS ARNA dTAIRISCINT AG NA GNÓTHAIS LENA mBAINEANN

Airteagal 19

Teorainneacha ama chun gealltanais a chur isteach

1. I dtaca leis na gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann de bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad laistigh de 20 lá oibre ón dáta a fhaightear an fógra.

2. I dtaca leis na gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad laistigh de 65 lá oibre ón dáta a tionscnaíodh na himeachtaí.

I gcás ina ndéanfaidh na gnóthais lena mbaineann gealltanais a thairiscint ar dtús laistigh de thréimhse is giorra ná 55 lá oibre ón dáta a tionscnaíodh na himeachtaí ach ina gcuirfidh siad leagan modhnaithe de na gealltanais isteach 55 lá oibre nó níos faide ón dáta sin, measfar gur gealltanais nua na gealltanais mhodhnaithe chun an dara habairt d'Airteagal 10(3) a chur i bhfeidhm, de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

I gcás ina gcuirfear síneadh, de bhun na dara fomhíre d'Airteagal 10(3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, leis an tréimhse chun cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 8(1) go (3), cuirfear síneadh 65 lá oibre go huathoibríoch leis an tréimhse 65 lá oibre chun gealltanais a chur isteach.

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún glacadh leis gealltanais a bhreithniú a bheidh tairgthe tar éis don teorainn ama ábhartha dul in éag arb í sin an teorainn ama maidir leis na tairiscintí a chur isteach mar a fhorordaítear san Airteagal seo. Agus cinneadh á dhéanamh cibé acu a ghlacfar nó nach nglacfar leis na tairiscintí a bhreithniú a bheidh tairgthe in imthosca den sórt sin, tabharfaidh an Coimisiún aird faoi leith ar an ngá ceanglais Airteagal 19(5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a chomhlíonadh.

3. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagail 7, 8 agus 9.

Airteagal 20

Nós imeachta chun gealltanais a chur isteach

1. I dtaca leis na gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad i gcomhréir le hAirteagal 22 agus leis na treoracha atá foilsithe ag an gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Cuirfidh an Coimisiún na gealltanais sin ar aghaidh chuig údaráis inniúla na mBallstát gan mhoill.

2. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i mír 1, déanfaidh na gnóthais lena mbaineann, an tráth céanna a dhéanfaidh siad gealltanais a thairiscint de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, an fhaisnéis a chur isteach, faisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm RM mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 22 agus leis na treoracha atá foilsithe ag an gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh an fhaisnéis a chuirfear isteach ceart agus iomlán.

Beidh feidhm ag Airteagal 4 *mutatis mutandis* maidir leis an bhFoirm RM a ghabhann leis na gealltanais arna dtairiscint de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

3. Agus gealltanais á dtairiscint de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, déanfaidh na gnóthais lena mbaineann, an tráth céanna, aon fhaisnéis is faisnéis rúnda dar leo a shainaithint go soiléir, agus cúiseanna á dtabhairt leis sin, agus soláthróidh siad leagan neamhrúnda ar leithligh.

4. I dtaca le gealltanais arna dtairiscint de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, síneoidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iad, mar aon le haon pháirtí eile lena mbaineann agus ar a bhforchuirtear oibleagáidí leis na gealltanais.

5. Foilseofar leagan neamhrúnda de na gealltanais ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin gan mhoill tar éis cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Chuige sin, soláthróidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu leagan neamhrúnda de na gealltanais don Choimisiún laistigh de 5 lá oibre tar éis cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

Airteagal 21

Na hIontaobhaithe

1. I dtaca leis na gealltanais arna dtairiscint ag na gnóthais lena mbaineann de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, ar chostas na ngnóthas féin lena mbaineann, féadfaidh ceapachán aon iontaobhaí neamhspleáigh amháin a bheith ar áireamh leis na gealltanais sin, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas ag na páirtithe nó chun na gealltanais a chur chun feidhme. Féadfaidh na páirtithe na hiontaobhaithe a cheapadh, tar éis don Choimisiún iad a fhormheas, nó féadfaidh an Coimisiún na hiontaobhaithe a cheapadh. Déanfaidh na hiontaobhaithe a gcúraimí faoi mhaoirseacht an Choimisiúin.

2. Féadfaidh an Coimisiún coinníollacha nó oibleagáidí a bhaineann leis na hiontaobhaithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i gceangal lena chinneadh de bhun Airteagal 6(2) nó 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

Airteagal 22

Tarchur agus síniú na ndoiciméad

1. Tarlóidh tarchur na ndoiciméad chuig an gCoimisiún agus uaidh trí mhodhanna digiteacha, ach amháin i gcás ina gceadóidh an Coimisiún go heisceachtúil go bhféadfar modhanna eile arna sainaithint i míreanna (6) agus (7) a úsáid.

2. I dtaca le doiciméid a chuirtear isteach trí mhodhanna digiteacha, ní mór iad a shíniú trí úsáid a bhaint as Ríomhshíniú Cáilithe (QES) amháin ar a laghad ar ríomhshíniú é a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ('Rialachán eIDAS') ([3]) agus na leasuithe a dhéanfar air amach anseo.

3. Foilseofar sonraíochtaí teicniúla maidir leis an modh tarchuir agus sínithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuirfear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin.

4. Cé is moite de na foirmeacha a áirítear in Iarscríbhinní I, II, agus III, measfar i dtaca leis na doiciméid uile a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún ar lá oibre go mbeidh siad faighte an lá a seoladh iad, ar choinníoll go dtaispeánfar le hadmháil fála uathoibrithe ina stampa ama go bhfuarthas an lá sin iad. I dtaca leis na foirmeacha a áirítear in Iarscríbhinní I, II, agus III a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún ar lá oibre, measfar go mbeidh siad faighte an lá a seoladh iad, ar choinníoll go dtaispeánfar le hadmháil fála uathoibrithe ina stampa ama go bhfuarthas an lá sin iad roimh nó le linn na n-uaireanta oscailte a léirítear ar shuíomh gréasáin AS na hIomaíochta. I dtaca leis na foirmeacha a áirítear in Iarscríbhinní I, II, agus III a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún ar lá oibre tar éis na n-uaireanta oscailte a léirítear ar shuíomh gréasáin AS na hIomaíochta, measfar go mbeidh siad faighte an chéad lá oibre eile. I dtaca leis na doiciméid uile a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún lasmuigh de lá oibre, measfar go mbeidh siad faighte an chéad lá oibre eile.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE IO L 257, 28.8.2014, lch. 73

5. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear go leictreonach chuig an gCoimisiún ní mheasfar go mbeidh siad faighte más rud é gurb amhlaidh maidir leis na doiciméid nó le codanna díobh:

(a) go bhfuil siad neamh-inúsáidte (éillithe);

(b) go bhfuil víris, bogearraí mailíseacha nó bagairtí eile iontu;

(c) go bhfuil ríomhshínithe iontu nach féidir leis an gCoimisiún a mbailíocht a fhíorú.

Sna cásanna sin, cuirfidh an Coimisiún an seoltóir ar an eolas gan mhoill.

6. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún trí phost cláraithe, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tabharfar an seoladh sin le fios ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin freisin.

7. I dtaca le doiciméid a tharchuirtear chuig an gCoimisiún agus iad á seachadadh de láimh, measfar go mbeidh siad faighte an lá a thagann siad isteach ag an seoladh arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, fad a dhearbhófar sin in admháil ón gCoimisiún go bhfuarthas iad. Tabharfar an seoladh sin le fios ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin freisin.

Airteagal 23

Teorainneacha ama a shocrú

1. Agus na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus (2), Airteagal 13(2) agus Airteagal 16(1) á socrú ag an gCoimisiún, tabharfaidh sé aird ar a phráinní atá an cás agus ar an méid ama is gá go n-ullmhóidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, na páirtithe eile lena mbaineann, nó na tríú daoine a gcuid tuairimí nó barúlacha. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin laethanta saoire poiblí sa tír ina bhfuil na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, na páirtithe eile lena mbaineann, nó na tríú daoine lonnaithe.

2. Socrófar teorainneacha ama agus dáta féilire beacht á lua leo.

Airteagal 24

Laethanta oibre

Ciallaíonn an nath 'laethanta oibre' i Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 agus sa Rialachán seo gach lá seachas an Satharn, an Domhnach, agus laethanta saoire an Choimisiúin arna bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* roimh thús gach bliana.

Airteagal 25

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Gan dochar do mhír 2, déantar Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 a aisghairm le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2023.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

2. Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 d'fheidhm a bheith aige maidir le haon chomhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 agus a dtugtar fógra faoi an 31 Lúnasa 2023 nó dá éis.

Airteagal 26

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FOIRM A BHAINEANN LE FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHOMHCHRUINNIÚ DE BHUN RIALACHÁN (CE) Uimh. 139/2004 ÓN gCOMHAIRLE

(FOIRM CO)

RÉAMHRÁ

A. **Cuspóir na Foirme CO**

(1) Sonraítear san Fhoirm CO seo an fhaisnéis nach mór do pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a sholáthar agus iad ag cur fógra faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cumasc beartaithe, éadáil bheartaithe nó comhchruinniú beartaithe eile. Leagtar síos córas rialaithe cumasc an Aontais Eorpaigh i Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle, maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme') ([2]), a bhfuil an Fhoirm CO seo i gceangal leis. Tabhair do d'aire na forálacha comhfhreagracha den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]) ('Comhaontú LEE').

B. **Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh**

1. **Cineálacha faisnéise arna n-iarraidh leis an bhFoirm CO**

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas de dhíth ar an bhForim CO:

(a) bunfhaisnéis ar riachtanach i bprionsabal í chun measúnú a dhéanamh ar gach comhchruinniú (Ranna 1-10);

(b) faisnéis maidir le héifeachtúlachtaí (Roinn 11);

(c) faisnéis le soláthar i gcásanna lena mbaineann comhfhiontair (Roinn 12).

(3) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1-10 a sholáthar i ngach cás de réir prionsabail, agus is amhlaidh dá réir ar ceanglas í le haghaidh fógra iomlán a fháil. I Roinn 11 éilítear faisnéis maidir le héifeachtúlachtaí an idirbhirt a bhfuil fógra á thabhairt faoi, a fhéadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a chur isteach más mian leo go mbreithneodh an Coimisiún aon mhaíomh éifeachtúlachta ina leith ón tús. Ní mór Roinn 12 a sholáthar i ngach cás lena mbaineann comhfhiontair; sna cásanna sin, is ceanglas atá san fhaisnéis sin le haghaidh fógra iomlán a fháil.

2. **Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach**

(4) In imthosca eisceachtúla, i dtaca le míreanna faisnéise sonracha a cheanglaítear leis an bhFoirm CO seo, nach mbeidh fáil go réasúnach orthu ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu i bpáirt nó ina n-iomláine (e.g., toisc nach bhfuil fáil ar fhaisnéis faoi sprioc-chuideachta i gcás tairiscint atá faoi chonspóid). Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar nó aon cheanglas eile san Fhoirm CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Ba cheart an iarraidh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha i roinn B.4.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an 'Rialachán um Chumaisc'), (IO L 24, 29.1.2004, Lch. 1).

([2]) Féach lch 22 an Iris Oifigiúil

([3]) Féach go háirithe Airteagal 57 den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), pointe 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Comhaontú LEE, Prótacail 21 agus 24 a ghabhann le Comhaontú LEE (ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A21994A0103%2801%29), mar aon le Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú ('Comhaontú Faireacháin agus Cúirte'), ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AJOL_1994_344_R_0001_003. Ní mór a thuiscint go gciallaíonn aon tagairt do Stáit CSTE na Stáit CSTE sin ar Páirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE iad. Amhail ón 1 Bealtaine 2004, is iad na Stáit sin an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

3. **Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás**

(5) De bhun Airteagal 4(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis ar leith a sholáthar san Fhoirm CO, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile a ligean thar ceal i gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

(6) Cé go mbeadh gá leis le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar chásanna áirithe, i gcásanna eile bheadh feidhm ag Airteagal 4(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme go háirithe ar fhaisnéis dá dtagraítear i ranna 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 5.5 agus 5.6 agus i Roinn 10 den Fhoirm CO seo.

(7) Sna himthosca sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm CO a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh seo a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a leagtar síos i roinn B.4.

4. **Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh**

(8) Tugtar cuireadh do pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu chun dul i mbun pléití réamhfhógra i ngach gnáthchás ar bhonn dréacht-Fhoirm CO. Is seirbhís í an fhéidearthacht chun dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra arna tairiscint ag an gCoimisiún do pháirtithe a thugann fógra ar bhonn deonach chun na nósanna imeachta foirmiúla um chumasc a ullmhú. Mar sin, cé nach céim éigeantach iad na teagmhálacha réamhfhógra, is ríluachmhar don dá pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu agus don Choimisiún iad na teagmhálacha sin chun méid beacht na faisnéise is gá i bhFoirm CO a chinneadh, i measc nithe eile; agus tiocfaidh laghdú suntasach ar an bhfaisnéis a bhfuil gá léi mar thoradh orthu i móramh na gcásanna.

(9) I gcaitheamh na dteagmhálacha réamhfhógra, féadfaidh páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iarrataí ar tharscaoileadh a chur isteach. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tugann na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cúiseanna leormhaithe nach bhfuil fáil go réasúnta ar an bhfaisnéis ábhartha, agus na meastacháin is fearr a thabhairt le haghaidh na sonraí atá in easnamh, agus foinsí na meastachán sin á sainaithint. I gcás inar féidir, ní mór do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu faisnéis a thabhairt faoin áit a bhféadfadh an Coimisiún nó an Ballstát nó Stát CSTE nó na Ballstáit agus Stáit CSTE ábhartha teacht ar aon chuid den fhaisnéis iarrtha nach bhfuil fáil uirthi;

(b) tugann na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach gá an fhaisnéis ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

(10) Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh sa dréacht-Fhoirm CO féin (ag tús na Roinne nó na Foroinne ábhartha). Is í Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ('AS na hIomaíochta') de chuid an Choimisiúin a dhéileálfaidh le hiarrataí ar tharscaoileadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréacht-Fhoirm CO. Is gnách go mbeidh 5 lá oibre de dhíth sula bhfreagrófar iarraidh ar tharscaoileadh.

(11) D'fhonn amhras a sheachaint, i dtaca leis an bhfíoras go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis go bhféadfar aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm CO seo a fhágáil ar lár ó fhógra a dhéantar leis an bhFoirm CO, ní chuireann sé cosc ar an gCoimisiún in aon chor ón bhfaisnéis sin a iarraidh ag aon am le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarraidh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 11 den Rialachán um Chumaisc.

(12) Féadfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu tagairt a dhéanamh do na 'Dea-chleachtais maidir le hiompar Nósanna Imeachta CE um rialú cumasc' arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus arna dtabhairt cothrom le dáta ó thráth go chéile, ina dtugtar treoraíocht maidir le teagmhálacha réamhfhógra agus ullmhú na bhfógraí.

C. **An ceanglas le haghaidh fógra ceart agus comhlánaithe**

(13) Mar a mhínítear i roinn B.1, ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1-10 a sholáthar i bprionsabal i ngach gnáthchás ([4]) agus is amhlaidh dá réir sin ar ceanglas le haghaidh fógra comhlánaithe í. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sa roinn iomchuí den Fhoirm CO, agus ní mór di a bheith ceart agus comhlánaithe.

(14) Ba cheart duit na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara go háirithe:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 10(1) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 5(2) agus Airteagal (4) den Rialachán Cur chun Feidhme, ní thosóidh na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán um Chumaisc maidir leis an bhfógra go dtí go mbeidh an fhaisnéis uile nach mór a sholáthar in éineacht leis an bhfógra faighte ag an gCoimisiún. Áirithítear leis sin go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú faoina dtugtar fógra laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán um Chumaisc;

(b) ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fhíorú, le linn dóibh a bhfógra a ullmhú, gur cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta iad na hainmneacha agus uimhreacha teagmhála, agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sholáthraítear don Choimisiún;

(c) i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, measfar gur faisnéis neamhiomlán í aon fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach a bheidh san fhógra;

(d) ní mór sonraí teagmhála a iarradh a sholáthar san fhormáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ar a suíomh gréasáin ([5]). Tá sé fíor-riachtanach I gcás próiseas imscrúdaithe iomchuí go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuige seo, áirithigh go bhfuil na seoltaí ríomhphoist a sholáthraítear pearsantaithe agus sannta do dhaoine teagmhála sonracha agus nach boscaí poist cuideachta ginearálta iad (e. g., info@, hello@). Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil an fógra neamhiomlán ar bhonn sonraí teagmhála míchuí;

(e) faoi Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, má sholáthraíonn páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, féadfar fíneálacha suas le 1 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais lena mbaineann a ghearradh orthu. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 6(3), pointe (a), agus Airteagal 8(6), pointe (a), den Rialachán um Chumaisc, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le comhoiriúnacht comhchruinnithe faoina dtugtar fógra a chúlghairm i gcás ina mbeidh an cinneadh sin bunaithe ar fhaisnéis mhícheart a bhfuil ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú freagrach aisti.

D. **Conas fógra a thabhairt**

(15) Tá an fhaisnéis a iarrtar san Fhoirm CO seo le leagan amach agus úsáid á baint as uimhreacha na ranna agus na míreanna den Fhoirm CO atá le fáil inti; tá dearbhú le síniú de réir mar a fhoráiltear i Roinn 13 agus an doiciméadacht tacaíochta le cur i gceangal léi. I gcás ina bhforluíonn cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a cheanglaítear le haghaidh roinn amháin le faisnéis a cheanglaítear le haghaidh roinn eile, níor cheart an fhaisnéis chéanna sin a chur isteach faoi dhó cé gur cheart crostagairt chruinn a úsáid.

(16) I dtaca leis an bhFoirm CO a shíniú, ní mór do dhaoine déanamh amhlaidh ar daoine iad atá údaraithe de réir an dlí chun gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu nó ag ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu. Ní mór an chumhacht aturnae chomhfhreagrach a chur i gceangal leis an bhFoirm CO ([6]). Is féidir sonraíochtaí agus treoracha teicniúla maidir le fógraí (sínithe san áireamh) a aimsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(17) Agus Ranna 6, 8, 9 agus 10 den Fhoirm CO seo á líonadh isteach acu, iarrtar ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a machnamh a dhéanamh an fearr, de ghrá na soiléireachta, na ranna seo a chur i láthair in ord uimhriúil, nó an féidir iad a ghrúpáil le chéile le haghaidh gach margadh ar leith dá ndéantar difear (nó grúpa de mhargaí dá ndéantar difear).

(18) Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hiarscríbhinní. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, go ndéanfar na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile, go háirithe faisnéis a bhaineann leis an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe agus a n-iomaitheoirí is mó, a chur i láthair i gcorp na Foirme CO. Ní mór nach n-úsáidtear iarscríbhinní leis an bhFoirm CO ach amháin mar fhorlíonadh ar an bhfaisnéis arna soláthar san Fhoirm CO í féin.

([4]) Agus Roinn 12 i gcásanna lena mbaineann comhfhiontair.

([5]) Féach:https://ec.europa.eu/competition-policy/mergers/practical-information_en.

([6]) Féach teimpléad maidir leis an gcumhacht aturnae ag https://ec.europa.eu/competition/mergers/legislation/power_of_attorney_template_en.docx.

(19) Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ní mór iad a aistriú go dtí teanga na n-imeachtaí (Airteagal 3(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

(20) Maidir leis na doiciméid tacaíochta d'fhéadfaí gur cóipeanna de na bunchóipeanna a bheidh iontu. Sa chás sin, ní mór don pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a dheimhniú go bhfuil siad fíor agus iomlán.

E. **Rúndacht agus Sonraí Pearsanta**

(21) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 17(2) den Rialachán um Chumaisc mar aon leis na forálacha comhfhreagracha de Chomhaontú LEE ([7]) ceanglaítear ar an gCoimisiún, na Ballstáit, Údarás Faireacháin CSTE agus Stáit CSTE, mar aon lena gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm an Rialacháin, ar faisnéis den chineál atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla í. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

(22) Má chreideann tú go ndéanfaí dochar do do leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar ort a chur ar fáil, ba cheart duit an fhaisnéis sin a chur isteach ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar 'Rúin Ghnó'. Ba cheart duit fáthanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

(23) I gcás cumasc nó fáil i gcomhpháirt, nó i gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná ceann amháin de na páirtithe an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san fhógra go measfaí an fógra a bheith iomlán.

(24) Próiseálfar aon sonraí pearsanta a chuirtear isteach san Fhoirm CO i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. ([8])

F. **Sainmhínithe agus treoracha chun críocha na Foirme CO seo**

(25) Chun críoch na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) 'Páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú' nó 'páirtí/páirtithe': Baineann na téarmaí seo leis an bpáirtí is faighteoir/na páirtithe is faighteoirí san éadáil agus an páirtí/na páirtithe faighte araon, nó leis na páirtithe a bheidh ag cumasc le chéile, lena n-áirítear gach gnóthas a mbeidh leas urlámhais á fháil ann nó gach gnóthas a chuirfear faoi réir tairiscint phoiblí. Mura sonraítear a mhalairt, leis na téarmaí 'páirtí/páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu agus 'páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú' áirítear gach gnóthas a bhaineann leis na grúpaí céanna lena mbaineann na páirtithe sin.

(b) 'Margadh ábhartha táirgí': Margadh ábhartha táirgí ina bhfuil na táirgí nó na seirbhísí uile sin, nó iad araon, a mheasann an tomhaltóir a bheith inmhalartaithe nó inionadaithe, de bharr shaintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí, a bpraghsanna agus na húsáide atá beartaithe leo. I gcásanna áirithe, féadfaidh margadh ábhartha táirgí a bheith comhdhéanta de roinnt táirgí nó seirbhísí aonair, nó iad araon, a bhfuil na saintréithe fisiceacha nó teicniúla céanna den chuid is mó acu agus atá inmhalartaithe. Ar na fachtóirí atá ábhartha don mheasúnú ar an margadh ábhartha táirgí tá an anailís, ar bhonn an tsainmhínithe seo, ar na fáthanna a gcuirtear táirgí nó seirbhísí sna margaí sin san áireamh agus na fáthanna a bhfágtar cinn eile as an áireamh, agus ag féachaint, mar shampla, d'inionadaitheacht táirgí agus seirbhísí, praghsanna, tras-phraghasleaisteachas an éilimh nó fachtóirí ábhartha eile (mar shampla, inionadaitheacht ó thaobh an tsoláthair i gcásanna iomchuí).

([7]) Féach, go háirithe, Airteagal 122 de Chomhaontú LEE, Airteagal 9 de Phrótacal 24 a ghabhann le Comhaontú LEE agus Airteagal 17(2) de Chaibidil XIII de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Faireacháin agus Cúirte.

([8]) IO L 295, 21.11.2018, Lch. 39. Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe Cumaisc ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

(c) 'Margadh ábhartha geografach': Cuimsíonn an margadh ábhartha geografach an limistéar ina bhfuil na gnóthais lena mbaineann páirteach i soláthar agus éileamh táirgí nó seirbhísí ábhartha, ina bhfuil na coinníollacha iomaíochta sách aonchineálach agus a fhéadfar a idirdhealú ó limistéir gheografacha in aice láimhe toisc, go háirithe, go bhfuil na dálaí iomaíochta difriúil go maith sna limistéir sin. Ar na fachtóirí atá ábhartha don mheasúnú ar an margadh ábhartha geografach tá, inter alia, cineál agus saintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann, bacainní iontrála, roghanna tomhaltóirí, difríochtaí suntasacha i sciar den mhargadh na ngnóthas ó limistéar geografach in aice le chéile nó difríochtaí suntasacha i bpraghsanna.

(d) 'Forluí cothrománach': Eascraíonn cásanna d'fhorluití cothrománacha as comhchruinniú nuair atá na páirtithe sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh nó sna margaí ábhartha táirgí agus geografacha céanna (lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt ([9])). ([10])

(e) 'Caidreamh neamh-chothrománach': Eascraíonn caidreamh neamh-chothrománach as comhchruinniú nuair atá gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú i gcaidreamh nach forluí cothrománach atá ann.

(f) 'Caidreamh ingearach': Eascraíonn caidreamh ingearach as comhchruinniú nuair atá páirtí amháin nó níos mó sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh a bhfuil páirtí ar bith eile sa chomhchruinniú gníomhach ann (lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt). ([11])

(g) 'Margaí dá ndéantar difear': Is iad margaí dá ndéantar difear gach margadh ábhartha táirgí agus geografach, chomh maith le margaí ábhartha malartacha inchreidte táirgí agus geografacha i gcás ina bhfuil forluí cothrománach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe nó i gcás ina bhfuil caidreamh ingearach eatarthu agus nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh athbhreithniú faoi phointe 5 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ([12]) agus nach dtairbhíonn de chlásail solúbthachta de phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe.

(26) Ní mór na sonraí airgeadais a iarrtar i Roinn 4 a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim sna blianta nó sna tréimhsí eile i gceist.

G. **Tuairisc ar na sonraí eacnamaíocha cainníochtúla arna mbailiú ag na gnóthais lena mbaineann**

(27) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar i ranna 5.5 agus 5.6 den Fhoirm seo a sholáthar le go measfaí an Fhoirm CO a bheith comhlánaithe.

(28) Le tuilleadh treoraíochta a fháil, féadfaidh na páirtithe sa chomhchruinniú tagairt a dhéanamh do 'Dhea-chleachtais Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta maidir le fianaise eacnamaíoch a chur isteach agus bailiú sonraí i gcásanna lena mbaineann cur i bhfeidhm Airteagail 101 agus 102 CFAE agus i gcásanna cumaisc' arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus arna nuashonrú ó thráth go chéile.

H. **Comhar idirnáisiúnta idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta eile**

(29) Spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun an comhar idirnáisiúnta idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta eile a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú acu a éascú. I dtaithí an Choimisiúin, baineann tairbhí suntasacha do na gnóthais lena mbaineann le dea-chomhar idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta i ndlínsí lasmuigh de LEE.

([9]) Is éard is táirgí píblíne ann táirgí ar dócha go dtabharfar chun an mhargaidh iad sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Cumhdaíonn 'Táirgí píblíne' seirbhísí chomh maith.

([10]) Le forluití cothrománacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear forluití cothrománacha idir táirgí píblíne agus forluití idir aon táirge amháin nó níos mó a mhargaítear agus táirge píblíne amháin nó níos mó.

([11]) Le caidrimh ingearacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear caidrimh idir táirgí píblíne agus caidrimh idir aon táirge amháin nó níos mó a mhargaítear agus aon táirge píblíne amháin nó níos mó.

([12]) Fógra ón gCoimisiún chun comhchruinnithe áirithe a láimhseáil ar bhealach simplithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (IO C160, 5.5.2023, Lch. 1) (an 'Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe').

(30) Thairis sin, spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun tarscaoileadh rúndachta a chur isteach a chuirfeadh ar chumas don Choimisiún faisnéis a roinnt le húdaráis iomaíochta eile lasmuigh de LEE a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú acu. Éascaítear le gach tarscaoileadh idirphlé agus anailís chomhpháirteach ar chomhchruinniú mar go gceadaíonn sé don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha a roinnt le húdarás iomaíochta eile a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú aige, lena n-áirítear faisnéis ghnó rúnda a fhaightear ó pháirtithe sa chomhchruinniú. Chuige sin, spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun tarscaoileadh caighdeánach an Choimisiúin a úsáid, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus a thugtar cothrom le dáta ó am go chéile.

ROINN 1

TUAIRISC AR AN GCOMHCHRUINNIÚ

1.1. Tabhair achoimre feidhmiúcháin den chomhchruinniú, ina sonraítear na páirtithe sa chomhchruinniú, cineál an chomhchruinnithe (mar shampla, cumasc, éadáil nó comhfhiontar), réimsí gníomhaíochta na bpáirtithe sa chomhchruinniú, na margaí a mbeidh tionchar ag an gcomhchruinniú orthu (lena n-áirítear na príomh-mhargaí dá ndéantar difear ([13])), agus an réasúnaíocht straitéiseach agus eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.

1.2. Déan achoimre (suas le 500 focal) ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoi Roinn 1.1, lena n-áirítear: an bealach a mbaintear an comhchruinniú amach (trí bhíthin ceannach scaireanna, tairiscint phoiblí, conartha etc, mar shampla.); airteagail an Rialacháin um Chumaisc ar dá bhun a cháilítear idirbheart mar chomhchruinniú; na gnóthais lena mbaineann. I gcás gach gnóthais lena mbaineann, soláthair: Ainm iomlán, tír chorpraithe, príomh-eintiteas rialaithe, cur síos gairid ar ghníomhaíochtaí agus limistéir gheografacha na gníomhaíochta. I gcás comhfhiontair nuachruthaithe, soláthair gníomhaíochtaí atá beartaithe agus limistéir gheografacha na gníomhaíochta. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an achoimre seo ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta nuair a fhaightear fógra. Ní mór an achoimre a dhréachtú ar dhóigh nach bhfuil aon fhaisnéis rúnda ná rúin ghnó inti.

Sampla (scrios le haghaidh an fhógra)

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

[Ainm iomlán Chuideachta A] ([Gearrainm chuideachta A], [Tír thionscnaimh Chuideachta A]), arna rialú ag [Cuideachta X]

[Ainm iomlán Chuideachta B] ([Gearrainm chuideachta B], [Tír thionscnaimh Chuideachta B]), arna rialú ag [Cuideachta Y]

Faigheann [Cuideachta A], de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc rialú aonair ar [Chuideachta B] (ina hiomláine/go páirteach) NÓ

Déanann [Cuideachta A] cumasc iomlán de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, le [Cuideachta B] NÓ

Faigheann [Cuideachta A] agus [Cuideachta B], de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, comhrialú ar [Chuideachta C].

Baintear amach an comhchruinniú trí [bhíthin an comhchruinniú a chur chun feidhme, e.g. trí scaireanna/sócmhainní, etc. a cheannach].

Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

a. *le haghaidh [Cuideachta A]: [Tuairisc ghairid ar an ngníomhaíocht, e.g. ceimiceáin éagsúlaithe le príomhghníom-aíochtaí in eolaíochtaí talmhaíochta, plaisteacha agus ceimiceáin feidhmíochta, agus táirgí agus seirbhísí hidreacarbóin agus fuinnimh].*

b. *le haghaidh [Cuideachta B]: [Tuairisc ghairid ar ghníomhaíocht, e.g., teicneolaíocht agus nuálaíocht sileacón-bhunaithe le príomhghníomhaíochtaí i bhforbairt agus táirgeadh polaiméirí agus ábhar eile bunaithe ar cheimic sileacóin].*

([13]) Féach Roinn 6 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi conas margaí dá ndéantar difear a shainaithint.

ROINN 2

FAISNÉIS MAIDIR LEIS NA PÁIRTITHE

2.1. Faisnéis maidir leis na páirtithe sa chomhchruinniú ([14])

I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair:

2.1.1. ainm an ghnóthais;

2.1.2. cibé an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an gnóthas nó nach bhfuil;

2.1.3. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí iomchuí, agus an post atá aige; is gá gur seoladh le haghaidh seirbhíse atá sa seoladh a thugtar, seoladh chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí ón gCoimisiún agus doiciméid nós imeachta eile, agus is gá go measfar go mbeidh an teagmhálaí a thugtar údaraithe chun glacadh le seirbhís;

2.1.4. má cheaptar ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó de chuid an ghnóthais, an t-ionadaí nó na hionadaithe chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí ón gCoimisiún agus doiciméid nós imeachta eile:

2.1.4.1. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist gach ionadaí, agus an post atá aige; agus

2.1.4.2. An chumhacht aturnae bunaidh (i gcás an pháirtí/na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu).

2.2. Cineál gnó na bpáirtithe

I gcás gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, tabhair tuairisc ar chineál gnó an ghnóthais.

ROINN 3

MIONSONRAÍ AN CHOMHCHRUINNITHE, NA HÚINÉIREACHTA AGUS AN RIALAITHE ([15])

Féadfar an fhaisnéis atá á lorg sa roinn seo a léiriú trí chairteacha eagrúcháin nó léaráidí a úsáid chun struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú a thaispeáint roimh an gcomhchruinniú agus tar éis é a chur i gcrích.

3.1. Tabhair tuairisc ar chineál an chomhchruinnithe a bhfuil fógra á thabhairt ina leith trí thagairt do na critéir ábhartha den Rialachán um Chumaisc agus den Fhógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse ([16]):

3.1.1. Sainaithin na gnóthais nó na ndaoine a rialaíonn gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú ina n-aonar nó go comhpháirteach, go díreach nó go hindíreach, agus tabhair tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe gach ceann acu roimh an comhchruinniú a chur i gcrích.

3.1.2. Tabhair míniú cibé an ceann de na nithe seo a leanas atá sa chomhchruinniú atá beartaithe:

(a) cumasc iomlán;

(b) urlámhas aonair nó comhrialú a fháil;

(c) conradh nó modh eile chun rialú díreach nó indíreach a dheonú de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán um Chumaisc;

(d) comhrialú a fháil i gcomhfhiontar lánfheidhme de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, agus, más amhlaidh, na fáthanna go measfar an comhfhiontar a bheith lánfheidhmeach ([17]).

([14]) Áirítear leis sin an sprioc-chuideachta i gcás tairiscint atá á conspóid, ar cheart na mionsonraí a chomhlánú an oiread agus ab fhéidir sa chás sin.

([15]) Féach Airteagal 3(3) go (5) agus Airteagal 5(4) den Rialachán um Chumaisc.

([16]) Féach Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, (IO C 95, 16.4.2008, Lch. 1), ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52008XC0416%2808%29 ('Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse').

([17]) Féach roinn B IV den Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse.

3.1.3. Tabhair míniú faoin gcaoi a gcuirfear an comhchruinniú chun feidhme (mar shampla trí chomhaontú a chur i gcrích, trí thairiscint phoiblí a sheoladh, etc.).

3.1.4. Faoi threoir Airteagal 4(1) den Rialachán um Chumaisc, tabhair míniú cibé acu a tharla aon cheann de na nithe seo a leanas nó nár tharla tráth an fhógra

(a) tugadh comhaontú i gcrích;

(b) rinneadh leas urlámhais a éadáil;

(c) fógraíodh tairiscint phoiblí nó an rún tairiscint phoiblí a sheoladh;

(d) léirigh na páirtithe sa chomhchruinniú intinn meoin mhacánta chun comhaontú a thabhairt i gcrích.

3.1.5. Tabhair le fios dáta measta aon mhórtheagmhas, ar mórtheagmhais iad atá ceaptha chun an comhchruinniú a chur i gcrích;

3.1.6. Tabhair míniú ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú tar éis an comhchruinniú a chur i gcrích.

3.2. Tabhair tuairisc ar an réasúnaíocht eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.

3.3. Luaigh luach an idirbhirt (an praghas ceannaigh nó luach na sócmhainní uile lena mbaineann, de réir mar a bheidh; sonraigh cibé acu cothromas, airgead, nó sócmhainní eile atá ansin).

3.4. Tabhair tuairisc ar aon tacaíocht airgeadais nó eile a fuair aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú ó údaráis phoiblí agus ar chineál agus méid na tacaíochta sin. Sa chomhthéacs seo:

3.4.1. tabhair le fios cibé ar thairbhigh aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú de chabhair atá nó a bhí faoi réir nósanna imeachta an Aontais um Státchabhair.

3.4.2. tabhair le fios má thug tú fógra nó má tá sé beartaithe agat fógra a thabhairt faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022 Lch. 1-45).

3.5. Tabhair liosta de na dlínsí uile lasmuigh de LEE inar fógraíodh nó ina bhfógrófar an comhchruinniú (roimh nó tar éis an comhchruinniú a chur i gcrích) agus/nó ina bhfuil an comhchruinniú á imscrúdú faoi na rialacha um rialú cumasc. Le haghaidh gach dlínse, tabhair le fios dáta (iarbhír nó ionchais) an fhógra, agus i gcás inarb infheidhme, sainaithin an chéim den imscrúdú.

3.6. Le haghaidh na bpáirtithe sa chomhchruinniú, tabhair liosta de na gnóthais eile uile atá gníomhach sna margaí dá ndéantar difear agus a bhfuil 10 % nó níos mó de na cearta vótála, den scairchaipiteal eisithe nó d'urrúis eile i seilbh na ngnóthas, nó na ndaoine, den ghrúpa, ina sainaithnítear an sealbhóir agus ina luaitear an céatadán ina seilbh.

3.7. Tabhair tuairisc cibé atá nó nach bhfuil scairsheilbh shuntasach neamhrialaithe (i.e. os cionn 10 %) ag ceann amháin nó níos mó d'iomaitheoirí na bpáirtithe in aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú. Tabhair le fios an céatadán agus na cearta a ghabhann leis an scairsheilbh. Tabhair sonraí d'éadálacha a rinne na grúpaí le linn na 3 bliana dheireanacha, arb iad na grúpaí a sainaithníodh i Roinn 2.1 de ghnóthais atá gníomhach sna margaí dá ndéantar difear.

ROINN 4

LÁIMHDEACHAS

Le haghaidh gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú tabhair na sonraí seo a leanas le haghaidh na bliana airgeadais seo caite ([18]):

4.1. láimhdeachas domhanda;

([18]) Maidir leis an láimhdeachas a ríomh féach Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse.

4.2. Láimhdeachas ar fud an Aontais Eorpaigh;

4.3. Láimhdeachas ar fud LEE (AE agus CSTE);

4.4. láimhdeachas i ngach Ballstát (tabhair le fios an Ballstát, más ann dó, ina mbaintear amach níos mó ná dhá thrian de láimhdeachas ar fud an Aontais);

4.5. Láimhdeachas ar fud CSTE;

4.6. láimhdeachas i ngach Stát CSTE (tabhair le fios an Stát CSTE, más ann dó, ina mbaintear amach níos mó ná dhá thrian de láimhdeachas ar fud CSTE; tabhair le fios freisin cibé atá láimhdeachas comhcheangailte na ngnóthas lena mbaineann ar chríoch na Stát CSTE comhionann le 25 % nó níos mó dá láimhdeachas iomlán ar chríoch LEE nó nach bhfuil).

Ní mór sonraí láimhdeachais a sholáthar trí thábla teimpléid an Choimisiúin a líonadh isteach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

ROINN 5

DOICIMÉADACHT AGUS SONRAÍ TACAÍOCHTA

Ní mór do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an méid seo a leanas a sholáthar:

5.1. cóipeanna den leagan deiridh nó is déanaí de gach doiciméad lena gcruthaítear an comhchruinniú, cibé atá sé trí chomhaontú idir na páirtithe sa chomhchruinniú, trí leas urlámhais nó tairiscint phoiblí a éadáil;

5.2. i gcás tairiscint phoiblí, cóip de dhoiciméad na tairisceana. Mura bhfuil doiciméad na tairisceana ar fáil tráth an fhógra, ní mór cóip den doiciméad is déanaí a sholáthar ina léirítear an intinn chun tairiscint phoiblí a sheoladh, agus ní mór cóip de dhoiciméad na tairisceana a chur isteach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná nuair a phostáiltear chuig scairshealbhóirí é;

5.3. tásc den leathanach gréasáin, más ann dó, ag a bhfuil na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú ar fáil, nó mura bhfuil aon leathanach gréasáin mar sin ann, cóipeanna de na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú;

5.4. cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúrthóirí, nó den bhord maoirseachta, ag brath ar struchtúr an rialachais chorparáidigh, nó an duine eile/na daoine eile a chleachtann feidhmeanna comhchosúla (nó dár tarmligeadh na feidhmeanna sin nó dár cuireadh ar a n-iontaoibh iad), nó cruinniú na scairshealbhóirí:

(a) miontuairiscí ó chruinnithe an bhoird bainistíochta, an bhoird stiúrthóirí, an bhoird maoirseachta agus/nó ó chruinniú na scairshealbhóirí ag ar pléadh an t-idirbheart, nó sleachta ó na miontuairiscí sin a bhaineann leis an bplé ar an idirbheart;

(b) anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, láithreoireachtaí agus aon doiciméad inchomparáide chun measúnú nó anailís a dhéanamh ar an gcomhchruinniú i ndáil lena réasúnaíocht (lena n-áirítear doiciméid ina bpléitear an t-idirbheart i ndáil le héadálacha malartacha féideartha), sciartha den mhargadh, dálaí iomaíocha, iomaitheoirí (iarbhír agus ionchais), cumas d'fhás ar dhíolacháin nó leathnú isteach i margaí táirgí nó geografacha eile, agus/nó dálaí ginearálta an mhargaidh;

(c) anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, agus aon doiciméad inchomparáide ón dá bhliain dheireanacha chun measúnú a dhéanamh ar aon cheann de na margaí dá ndéantar difear ([19]) i ndáil le sciartha den mhargadh, dálaí iomaíocha, iomaitheoirí (iarbhír agus ionchais), agus/nó cumas d'fhás ar dhíolacháin nó leathnú isteach i margaí táirgí nó geografacha eile.

Tabhair liosta de na doiciméid a luaitear sa roinn 5.4 seo, agus tabhair le fios le haghaidh gach doiciméid dáta a ullmhaithe agus ainm agus teideal an tseolaí/na seolaithe.

([19]) Féach Roinn 6 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi conas margaí dá ndéantar difear a shainaithint.

5.5. sonraí a bhailíonn agus a stórálann gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú le linn a ngnáthoibríochtaí gnó, agus a d'fhéadfadh a bheith úsáideach d'anailís eacnamaíoch chainníochtúil. Ba cheart faisnéis a áireamh leis an tuairisc ar na sonraí, go háirithe, maidir le:

(a) cineál na sonraí sin (faisnéis maidir le díolacháin nó tairiscintí, corrlaigh bhrabúis, sonraí faoin bpróiseas soláthair, etc.);

(b) an leibhéal dí-chomhiomlánaithe (in aghaidh na tíre, in aghaidh an táirge, in aghaidh an chustaiméara, in aghaidh an chonartha, etc.);

(c) an tréimhse ama dá bhfuil fáil ar na sonraí ina leith agus an fhormáid;

(d) foinse na sonraí (mar shampla, bogearraí Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí (CRM) nó tacar sonraí a cheannaítear ó sholáthraithe seachtracha, etc.).

5.6. tuairisc ar úsáid na sonraí a soláthraítear i roinn 5.5 le linn an ghnáthchúrsa gnó. Go háirithe, tabhair tuairisc, más ábhartha, ar na tacair sonraí inmheánacha a dhéantar leis na sonraí thuas, chomh maith leis an gcineál táirgí agus anailíse um thuairisciú inmheánach, amhail straitéis ghnó, pleananna margaíochta, pleananna infheistíochta, faisnéis faoin margadh agus faireachán ar iomaitheoirí (e.g. comparáid idir na táirgí/seirbhísí agus na táirgí píblíne le páirtí amháin sa chomhchruinniú agus iad siúd lena phríomhiomaitheoirí nó idir na cinn sin leis na páirtithe sa chomhchruinniú; straitéis agus suíomh iomaitheoirí; nó anailísí SWOT ([20])).

ROINN 6

SAINITHE MARGAIDH

Feidhmíonn na margaí ábhartha táirgí agus geografacha chun an raon feidhme a shainaithint ar laistigh de nach mór measúnú a dhéanamh ar chumhacht mhargaidh an eintitis nua a thagann as an gcomhchruinniú ([21]). Nuair a chuireann na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu margaí ábhartha táirgí agus geografacha i láthair, ní mór dóibh, i dteannta le haon sainiú ar mhargadh táirgí agus geografach a mheasann siad a bheith ábhartha, gach sainiú malartach inchreidte ar mhargaí táirgí agus geografacha a chur faoi bhráid. Is féidir sainithe malartacha inchreidte ar mhargaí táirgí agus geografacha a shainaithint ar bhonn chinntí ón gCoimisiún agus bhreithiúnais ó Chúirteanna an Aontais roimhe seo agus (go háirithe i gcás nach bhfuil aon fhasach ann ón gCoimisiún ná ón gCúirt) faoi threoir tuairiscí ón tionscal, staidéir mhargaidh agus doiciméid inmheánacha na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

6.1. Déan plé ar gach sainiú inchreidte ábhartha ar mhargaí ina bhféadfadh margaí dá ndéantar difear eascairt as an gcomhchruinniú atá beartaithe. Mínigh an chaoi a measann na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar cheart na margaí ábhartha táirgí agus geografacha a shainiú.

6.2. Agus gach sainiú ábhartha inchreidte ar mhargaí atá pléite á thabhairt san áireamh, sainaithin gach margadh dá ndéantar difear ([22]) agus tabhair faisnéis achomair maidir le gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú i ngach margadh ábhartha inchreidte. Cuir an oiread rónna is gá leis na táblaí chun gach margadh inchreidte a ndéanann tú measúnú air a chumhdach:

Achoimre ar Mhargaí dá nDéantar Difear Forluití Cothrománacha		
Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain] [Sainaithin an méadrach]

([20]) Tagraítear le SWOT d'anailís ar 'Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí'. Tá aon mhodh eile chun tírdhreach iomaíoch táirge/nuálaíochta éigin faoi réir na sonraí iarrtha freisin.

([21]) Féach an Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainiú ar an margadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail, (IO C 372, 9.12.1997, Lch. 5).

([22]) Le linn teagmhálacha réamhfhógra, nochtfaidh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu faisnéis i ndáil le gach margadh dá bhféadfaí difear a dhéanamh, fiú amháin má mheasann siad sa deireadh nach bhfuil difear déanta do na margaí sin agus d'ainneoin go bhféadfadh na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a bheith de thuairim faoi leith i ndáil leis an tsaincheist maidir le sainiú margaidh.

Achoimre ar Mhargaí dá nDéantar Difear Caidrimh Ingearacha					
Margadh réamhtheachtach			Margadh iartheachtach		
Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain] [Sainaithin an méadrach]	Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain][Sainaithin an méadrach]

6.3. Tabhair tuairisc ar raon feidhme táirgí agus geografach gach sainiú malartach inchreidte margaí (i gcás ina n-áirítear sna margaí sin an LEE ina iomláine nó i bpáirt de) seachas na margaí dá ndéantar difear a shainaithnítear i Roinn 6.2, ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith, mar shampla, i gcás:

(a) ina bhfuil sciar den mhargadh ag aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú atá níos mó ná 25 %, agus gur iomaitheoir ionchasach sa mhargadh sin é aon pháirtí eile sa chomhchruinniú. ina bhféadfaí páirtí a mheas mar iomaitheoir ionchasach, go háirithe, i gcás ina bhfuil sé beartaithe aige dul isteach i margadh, nó i gcás inar chothaigh sé an plean sin nó inar dhírigh sé air le linn na 3 bliana roimhe sin;

(b) inarb ann d'aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú i margadh táirgí, ar margadh in aice láimhe é a bhfuil dlúthbhaint aige le margadh táirgí a ghabhann aon pháirtí eile don chomhchruinniú, agus ina bhfuil sciartha margaidh aonair nó comhcheangailte na bpáirtithe in aon cheann de na margaí sin ag 30 % nó níos mó. Is éard is margaí táirgí ann margaí in aice láimhe a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile nuair a bhíonn na táirgí comhlántach le chéile ([23]) nó nuair a bhaineann siad le raon táirgí a cheannaíonn an tsraith chéanna custaiméirí de ghnáth don úsáid deiridh chéanna ([24]).

Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún breithniú a dhéanamh, ón tús, ar thionchar iomaíoch an chomhchruinnithe bheartaithe sna margaí a shainaithnítear faoi Roinn 6, iarrtar ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu an fhaisnéis a chur isteach faoi Ranna 8 agus 10 den Fhoirm CO seo i ndáil leis na margaí sin.

ROINN 7

FAISNÉIS FAOI MHARGAÍ ATÁ FAOI RÉIR PHOINTE 8 DEN FHÓGRA MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA SIMPLITHE

I gcás margaí a thagann faoi phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní gá i bprionsabal ach roinn 7 a líonadh isteach. Mar sin féin, i gcás inarb ann d'aon cheann de na himthosca a liostaítear i Roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, is gnách nach gcuirfear an clásal solúbthachta i bhfeidhm ([25]). I gcásanna mar sin, ba cheart Ranna 6, 8, 9 agus 10 den Fhoirm seo a chomhlánú.

7.1. Le haghaidh gach margadh a thagann faoi phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ticeáil na boscaí ábhartha thíos. ([26])

☐ De réir gach sainiú inchreidte ar mhargadh, (i) is é 20 % nó níos airde sciar comhcheangailte de mhargadh na bpáirtithe, ach beidh sé fós faoi bhun 25 % i leith aon mhargaidh ábhartha ina bhforluíonn gníomhaíochtaí na bpáirtithe agus (ii) nach ann d'aon cheann de na himthosca speisialta ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe.

([23]) Tugtar táirgí comhlántacha (nó seirbhísí comhlántacha) ar tháirgí (nó ar sheirbhísí), mar shampla, nuair a shamhlaítear úsáid (nó ídiú) táirge amháin go dlúth le húsáid (nó le hídiú) táirge eile, cuir i gcás meaisíní stáplála agus stáplaí, agus printéirí agus cartúis phrintéara.

([24]) Samplaí de tháirgí a bhaineann le réimse den sórt sin is ea uisce beatha agus jin a dhíoltar le beáir agus bialanna, agus ábhair éagsúla a bhaineann le pacáistiú aicme áirithe earraí a dhíoltar le táirgeoirí na n-earraí sin.

([25]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 11.

([26]) Ná comhlánaigh ach amháin tábla amháin le haghaidh gach margadh a thagann faoi phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, agus tic a chur leis na boscaí ábhartha (uile).

☐ Faoi gach sainiú inchreidte ar mhargadh, is é 20 % nó níos airde sciartha comhcheangailte na bpáirtithe den mhargadh, ach fanann faoi bhun 25 % ar aon mhargadh ábhartha i gcás ina bhforluíonn gníomhaíochtaí na bpáirtithe agus cé gurb ann do cheann amháin nó roinnt de na himthosca speisialta ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní léirítear aon imní leis an gcás i ndáil le hiomaíocht ar na cúiseanna a mhínítear i bhfo-Roinn 7.4.
☐ Ní ann d'aon cheann de na himthosca ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, agus comhlíonann an sciar aonair den mhargadh agus na sciartha comhcheangailte den mhargadh leis na páirtithe uile sa chomhchruinniú a ghabhann do ghníomhaíochtaí gnó i margadh atá réamhtheachtach nó iartheachtach ar mhargadh a mbíonn aon pháirtí eile sa chomhchruinniú ag gabháil dó (caidreamh ingearach) ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas: ☐ tá siad 30 % nó níos airde ach fanann siad faoi bhun 35 % sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha, ☐ tá siad níos ísle ná 50 % i margadh amháin, agus tá sciartha aonair agus comhcheangailte na bpáirtithe uile sa chomhchruinniú den mhargadh sna margaí eile go léir a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu níos ísle ná 10 %.
☐ Is ann do cheann amháin nó roinnt de na himthosca ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní léirítear aon imní leis an gcás i ndáil le hiomaíocht ar na cúiseanna a mhínítear i Roinn 7.4, agus comhlíonann an sciar aonair den mhargadh agus na sciartha comhcheangailte den mhargadh leis na páirtithe uile sa chomhchruinniú a ghabhann do chaidreamh ingearach ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leanas: ☐ tá siad 30 % nó níos airde ach fanann siad faoi bhun 35 % sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha, ☐ tá siad níos ísle ná 50 % i margadh amháin, agus tá sciartha aonair agus comhcheangailte na bpáirtithe uile sa chomhchruinniú den mhargadh sna margaí eile go léir a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu níos ísle ná 10 %.

7.2. Comhlánaigh an tábla thíos má thagann forluití cothrománacha ón gcomhchruinniú atá faoi réir phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nó Imeachta Simplithe. Ba cheart duit an tábla a athchruthú a mhéid uaireanta agus is gá chun gach margadh inchreidte a ndearna tú breithniú air a chumhdach:

Forluití cothrománacha – Sciartha den mhargadh									
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha leis)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2		Bliain X -1		Bliain X	
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid
			Gnóthas lena mbaineann 1	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**
			Gnóthas lena mbaineann 2	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**
			Gnóthas lena mbaineann 3	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				**%**	**%**
			Iomaitheoir 2					**%**	**%**
			Iomaitheoir 3					**%**	**%**
			Eile					**%**	**%**
			Iomlán	**100 %**	**100 %**	**100 %**	**100 %**	**100 %**	**100 %**
			Méid an mhargaidh	**EUR**		**EUR**		**EUR**	

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/ gheografaigh):

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

7.3. Comhlánaigh an tábla thíos má thagann caidreamh ingearach ón gcomhchruinniú atá faoi réir phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe. Ba cheart duit an tábla a athchruthú a mhéid uaireanta agus is gá chun gach margadh inchreidte a ndearna tú breithniú air a chumhdach ([27]):

([27]) Mar shampla, maidir leis an gcaidreamh ingearach idir an margadh réamhtheachtach U agus an margadh iartheachtach D, má bhreithnigh tú go raibh na sainithe margaidh réamhtheachtacha U1 agus U2 inchreidte, ba cheart duit dhá thábla a áireamh: ceann amháin ar a n-áirítear faisnéis faoi U1 agus D, agus ceann amháin ar a n-áirítear faisnéis faoi U2 agus D.

Caidreamh ingearach – Sciartha den mhargadh											
RÉAMHTHEACHTACH											
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2		Bliain X -1		Bliain X			
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid		
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%		
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%		
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%		
			Comhcheangailte	%	%	%	%	%	%		
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				%	%		
			Iomaitheoir 2					%	%		
			Iomaitheoir 3					%	%		
			Eile					%	%		
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %		
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR			

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/ gheografaigh):

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

IARTHEACHTACH											
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2		Bliain X -1		Bliain X	
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%
			Comhcheangailte	%	%	%	%	%	%
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				%	%
			Iomaitheoir 2					%	%
			Iomaitheoir 3					%	%
			Eile					%	%
			Iomlán					100 %	100 %
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR	

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh):

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

7.4. **Coimircí agus eisiaimh.**

Comhlánaigh an fhaisnéis seo maidir leis na margaí a sainaithníodh i Ranna 7.2 agus 7.3 ([28]).

Tá scairsheilbh shuntasach neamhrialaithe ag aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú (i.e. os cionn 10 %) nó tras-stiúrthóireachtaí i gcuideachtaí atá gníomhach sna margaí céanna le haon cheann de na páirtithe eile nó i margaí a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu (e.g. tá scairsheilbh mionlaigh neamhrialaithe nó comhstiúrthóirí ag an gcuideachta is faighteoir i gcuideachta atá gníomhach sa mhargadh céanna leis an sprioc-chuideachta).	☐ Tá ☐ Níl
Tá scairsheilbh shuntasach neamhrialaithe ag ceann amháin nó níos mó d'iomaitheoirí na bpáirtithe (i.e. os cionn 10 %) in aon cheann de na gnóthais lena mbaineann. Má tá: Sonraigh % na scairsheilbhe: Sonraigh na cearta a ghabhann leis an scairsheilbh:	☐ Tá ☐ Níl
Tá na páirtithe gníomhach i margaí comharsanach a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus tá sciar den mhargadh 30 % nó níos mó ag aon cheann de na páirtithe go haonarach in aon cheann de na margaí sin faoi aon sainiú margaidh is inchreidte.	☐ Tá ☐ Níl
Tá níos lú ná triúr iomaitheoirí ag a bhfuil sciartha den mhargadh os cionn 5 % in aon mhargadh as a dtagann forluití cothrománacha nó caidreamh ingearach faoi aon sainiú inchreidte ar mhargadh.	☐ Tá ☐ Níl
Sáraítear na tairseacha ábhartha um sciar den mhargadh i dtéarmaí acmhainneachta faoi aon sainiú margaidh is inchreidte ([29]).	☐ Sáraítear ☐ Ní sháraítear
Is iontrálaithe le déanaí iad na páirtithe (nó ceann amháin díobh) sna margaí forluiteacha (i.e. tháinig siad ar an margadh le 3 bliana anuas).	☐ Is ea ☐ Ní hea
Is nuálaithe tábhachtacha sna margaí forluiteacha iad na páirtithe.	☐ Is ea ☐ Ní hea
Thug na páirtithe táirge píblíne tábhachtach chuig an margadh le 5 bliana anuas.	☐ Thug ☐ Níor thug
Tagann forluití táirge píblíne le píblíne nó píblíne margaithe as an gcomhchruinniú	☐ Tagann ☐ Ní thagann
Tá pleananna ag ceann de na páirtithe leathnú chuig margaí táirgí agus/nó margaí geografacha ina bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach nó atá i gcaidreamh ingearach le margaí ina bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach. Mínigh na táirgí agus seirbhísí lena mbaineann pleananna den sórt sin agus a n-uainiú: **[téacs oscailte]**	☐ Tá ☐ Níl
I slabhraí táirgeachta ina bhfuil níos mó ná dhá leibhéal, tá sciartha den mhargadh aonair nó comhcheangailte na bpáirtithe 30 % nó níos airde in aon cheann de na leibhéil sa slabhra luacha (i dtéarmaí luacha, méide, táirgthe nó acmhainneachta).	☐ Tá ☐ Níl
Má d'fhreagair tú 'tá' ar cheann ar bith de na ceisteanna thuas, mínigh an chúis i do thuairimse nach n-eascraíonn ábhair imní maidir leis an iomaíocht as an margadh atá i gceist, agus tabhair na mionsonraí ábhartha go léir: *[téacs oscailte]*	

([28]) Ná comhlánaigh ach tábla amháin le haghaidh gach margadh atá faoi réir phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na coimircí/heisiaimh ina leith (i.e., is é 'Níl' an freagra ar gach ceist i Roinn 7.4). Le haghaidh gach margadh atá faoi réir phointe 8 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe a bhfuil 'Tá' mar fhreagra ar cheist amháin ar a laghad, ba cheart duit tábla ar leithligh a sholáthar.

([29]) Mura bhfuil an méadrach sin ábhartha le haghaidh na margaí ina gcuireann an comhchruinniú le forluí cothrománach nó le caidreamh ingearach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe, roghnaigh 'ní sháraítear'.

ROINN 8

FAISNÉIS FAOIN MARGADH

8.1. Maidir le gach margadh dá ndéantar difear, soláthair an fhaisnéis seo a leanas i gcás gach ceann de na 3 bliana seo caite:

8.1.1. le haghaidh gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, cineál ghnó an ghnóthais, na príomh-fhochuideachtaí gníomhacha agus/nó brandaí, ainmneacha táirgí, agus/nó trádmharcanna a úsáidtear i ngach ceann de na margaí sin;

8.1.2. meastachán ar mhéid iomlán an mhargaidh ó thaobh luach na ndíolachán (in euro) agus méide (aonaid) ([30]). Ba cheart duit a thabhairt le fios an bonn agus na foinsí le haghaidh na ríomhanna agus doiciméid a sholáthar más ann dóibh chun na ríomhanna sin a dheimhniú;

8.1.3. le haghaidh gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, luach agus méid na ndíolachán, chomh maith le meastachán ar na sciartha den mhargadh;

8.1.4. meastachán ar an sciar den mhargadh ó thaobh luacha (agus i gcás inarb iomchuí, ó thaobh toirte) atá ag gach iomaitheoir (lena n-áirítear allmhaireoirí) ag a bhfuil sciar 5 % ar a laghad den mhargadh geografach i gceist. Ba cheart duit na foinsí a shainaithint ar foinsí iad a úsáidtear leis na sciartha sin den mhargadh a ríomh, agus doiciméid a sholáthar i gcás ina bhfuil fáil orthu leis an ríomh a dheimhniú;

8.1.5. meastachán ar an acmhainneacht iomlán sna margaí ábhartha. Ba cheart duit a thabhairt le fios an cion den acmhainneacht sin ar tugadh cuntas ina leith le 3 bliana anuas ag gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, agus a rátaí úsáide acmhainneachta sa tréimhse sin faoi seach. Más infheidhme, ba cheart duit suíomh agus acmhainneacht na saoráidí monaraíochta a shainaithint atá gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú i margaí dá ndéantar difear;

8.1.6. faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha, meastachán ar na díolacháin réamh-mheasta agus ar na sciartha den mhargadh ag na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na chéad 3 bliana agus 5 bliana eile).

Faisnéis maidir le forluitíi cothrománacha agus caidrimh ingearacha lena mbaineann táirgí píblíne

8.2. Maidir le gach táirge ábhartha inchreidte agus gach sainiú ar mhargadh geografach, i gcás inarb ann d'fhorluí cothrománach nó caidreamh ingearach lena mbaineann (i) táirge margaithe amháin nó níos mó le ceann amháin nó le roinnt de na páirtithe sa chomhchruinniú agus táirge píblíne amháin nó níos mó le páirtithe eile sa chomhchruinniú ([31]) nó (ii) táirgí píblíne leis na páirtithe sa chomhchruinniú, ba cheart duit an fhaisnéis a áirítear leis na táblaí thíos a sholáthar:

([30]) Ní mór aschur lúide onnmhairí móide allmhairí a léiriú i luach agus méid margaidh le haghaidh na limistéar geografach atá faoi bhreithniú.

([31]) Ní gá an roinn seo a chomhlánú má nocht tú an fhaisnéis sin i roinn 8.1.6 maidir leis na táirgí píblíne céanna.

Forluití cothrománacha lena mbaineann táirgí píblíne										
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2 ([32])		Bliain X -1		Bliain X		Táirgí píblíne ([33]) (Tabhair ainm)
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 1	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 2	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 3	%	%	%	%	%	%	
			Eile	%	%	%	%	%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh):

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha, meastachán ar na díolacháin réamh-mheasta agus ar na sciartha den mhargadh ag na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na chéad 3 bliana agus 5 bliana eile).

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

([32]) Tabhair sciartha den mhargadh má rinne ceann amháin nó níos mó de na páirtithe táirgí a mhargú.

([33]) Tabhair sciartha den mhargadh le haghaidh iomaitheoirí ag a bhfuil táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirge margaithe ann, soláthair trí iomaitheoir ar a laghad a fhorbraíonn táirgí iomaíocha.

Caidrimh Ingearacha lena mbaineann Táirgí Píblíne										
RÉAMHTHEACHTACH										
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha leis)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2 ([34])		Bliain X -1		Bliain X		Táirgí Píblíne (Tabhair ainm) ([35])
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 1	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 2	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 3	%	%	%	%	%	%	
			Eile	%	%	%	%	%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha, meastachán ar na díolacháin réamh-mheasta agus ar na sciartha den mhargadh a bheidh ag na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na chéad 3 bliana agus 5 bliana eile).

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

([34]) Tabhair sciartha den mhargadh má rinne ceann amháin nó níos mó de na páirtithe táirgí a mhargú.

([35]) Tabhair sciartha den mhargadh le haghaidh iomaitheoirí ag a bhfuil táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirge margaithe ann, liostaigh trí iomaitheoir ar a laghad a fhorbraíonn táirgí iomaíocha.

IARTHEACHTACH										
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha leis)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh)	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	Bliain X -2 ([36])		Bliain X -1		Bliain X		Táirgí píblíne (Tabhair Ainm) ([37])
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 1	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 2	%	%	%	%	%	%	
			Iomaitheoir 3	%	%	%	%	%	%	
			Eile	%	%	%	%	%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/ gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab ionann luach agus méid agus na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith.

Tabhair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha, meastachán ar na díolacháin réamh-mheasta agus ar na sciartha den mhargadh ag na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na chéad 3 bliana agus 5 bliana eile).

Tabhair sonraí teagmhála de chuid Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe.

([36]) Tabhair sciartha den mhargadh má rinne ceann amháin nó níos mó de na páirtithe táirgí a mhargú.

([37]) Tabhair sciartha den mhargadh le haghaidh iomaitheoirí ag a bhfuil táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirge margaithe ann, liostaigh trí iomaitheoir ar a laghad a fhorbraíonn táirgí iomaíocha.

ROINN 9

STRUCHTÚR AN TSOLÁTHAIR

9.1. Tabhair míniú gairid ar struchtúr an tsoláthair i ngach ceann de na margaí dá ndéantar difear. Sonraigh go háirithe:

(a) an chaoi a bhfeidhmíonn na margaí sin;

(b) an bealach ina ndéanann na páirtithe sa chomhchruinniú agus a n-iomaitheoirí is mó na táirgí agus/nó na seirbhísí a tháirgeadh agus a dhíol (mar shampla, cibé a dhéanann páirtithe sa chomhchruinniú agus a n-iomaitheoirí is mó monarú agus díol ar bhonn áitiúil nó nach ndéanann);

(c) an bealach ina ndéanann na páirtithe sa chomhchruinniú praghsáil ar na táirgí agus/nó na seirbhísí;

(d) cineál agus méid chomhtháthú ingearach gach páirtí sa chomhchruinniú i gcomparáid leis na hiomaitheoirí is mó atá acu.

Struchtúr an éilimh

9.2. Tabhair míniú gairid ar struchtúr an éilimh i ngach margadh dá ndéantar difear, ina sonraítear, go háirithe:

(a) céimeanna na margaí i dtéarmaí, mar shampla, borradh, leathnú, aibíocht agus meathlú, agus réamhaisnéis ar ráta fáis an éilimh;

(b) an tábhacht a bhaineann le roghanna custaiméirí, mar shampla ó thaobh dílseacht bhranda, seirbhísí réamhdhíola agus iardhíola a sholáthar, réimse iomlán táirgí a sholáthar nó éifeachtaí gréasáin;

(c) an leas a bhaintear as costais mhalartaithe (ó thaobh ama agus caiteachais) le haghaidh custaiméirí agus iad ag athrú ó sholáthróir amháin go soláthróir eile le haghaidh an dá rud seo a leanas:

(i) táirgí atá ann;

(ii) táirgí nua atá ag ionadú táirgí atá ann cheana (lena n-áirítear gnáth-thréimhse chonarthaí na gcustaiméirí);

(d) méid an chomhchruinnithe nó ráta scaipthe na gcustaiméirí;

(e) an chaoi ina gceannaíonn custaiméirí na táirgí nó seirbhísí faoi thrácht, go háirithe cibé acu an úsáideann siad teicnící soláthair amhail iarrataí ar thogra agus nósanna imeachta tairisceana nó nach n-úsáideann.

ROINN 10

DIFREÁIL TÁIRGE AGUS DÉINE NA HIOMAÍOCHTA

10.1. Tabhair míniú gairid ar mhéid na difreála táirge i ngach margadh dá ndéantar difear, ina sonraítear, go háirithe:

(a) an ról agus an tábhacht a bhaineann leis an difreáil táirge i dtéarmaí cáilíochta ('difreáil ingearach') agus saintréithe táirge eile ('difreáil chothrománach' agus 'difreáil spásúil');

(b) aon deighilt ar chustaiméirí ina ngrúpaí difriúla le tuairisc ar an 'ngnáthchustaiméir' le haghaidh gach grúpa;

(c) le haghaidh forluití cothrománacha, an iomaíocht idir na páirtithe sa chomhchruinniú i gcoitinne, chomh maith le déine an ionadaithe idir na táirgí leis na páirtithe sa chomhchruinniú, lena n-áirítear le haghaidh gach ceann de na grúpaí custaiméirí agus 'gnáthchustaiméirí' a shainaithnítear mar fhreagairt ar an gceist i bpointe (b).

Córais dáileacháin agus líonraí seirbhíse

10.2. Tabhair tuairisc ghairid ar:

(a) na córais dáileacháin atá i réim sa mhargadh agus an tábhacht atá leo, agus a mhéid a dhéanann tríú páirtithe agus/nó gnóthais leis an ngrúpa céanna leis na páirtithe an dáileadh, chomh maith le tábhacht na gconarthaí um dháileadh eisiach agus chineálacha eile na gconarthaí fadtéarmacha;

(b) na líonraí seirbhíse (mar shampla, cothabháil agus deisiúchán) atá i réim agus an tábhacht atá leo sna margaí sin. Cé mhéad de na seirbhísí sin a dhéanann tríú páirtithe agus/nó gnóthais leis an ngrúpa céanna leis na páirtithe?

Iontráil sa mhargadh agus imeacht ón margadh

10.3. Le 5 bliana anuas, tabhair le fios ar tharla aon iontráil shuntasach isteach in aon mhargadh dá ndéantar difear. Más amhlaidh sin, sainaithin iontrálaithe den sórt sin, agus tabhair measachán ar an sciar reatha den mhargadh le gach iontrálaí den sórt sin.

10.4. Tabhair le fios i do thuairimse an bhfuil gnóthais ann (lena n-áirítear iad siúd nach n-oibríonn faoi láthair ach amháin lasmuigh den Aontas Eorpach nó de LEE) ar dóigh dóibh go rachaidh siad isteach in aon mhargadh dá ndéantar difear. Más amhlaidh, mínigh an fáth go dtarlóidh iontráil den sórt sin agus tabhair measachán ar an tréimhse ar dócha go dtarlóidh an iontráil laistigh di.

10.5. Tabhair tuairisc ghairid ar na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar iontráil isteach i ngach ceann de na margaí dá ndéantar difear, agus scrúdú á dhéanamh ar iontráil ó dhearcadh geografach agus táirgí araon. Má dhéanann tú amhlaidh, ba cheart duit an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh i gcás inarb iomchuí:

(a) na costais iomlána a bhaineann le hiontráil (taighde agus forbairt, táirgeadh, bunú córas dáileacháin, cur chun cinn, fógraíocht, seirbhísiú agus mar sin de) ar scála atá coibhéiseach le hiomaitheoir inmharthanach aonair, maille le lua ar an sciar den mhargadh atá ag iomaitheoir den sórt sin;

(b) aon bhacainn dhlíthiúil nó rialála ar iontráil, amhail údarú rialtais nó socrú caighdeánach in aon fhoirm;

(c) aon bhacainn ar rochtain le haghaidh custaiméirí, amhail na cinn úd mar thoradh ar nósanna imeachta maidir le deimhniúchán táirgí, nó an tábhacht a bhaineann le cáil agus le teist chruthaithe;

(d) aon ghá agus féidearthacht le rochtain a fháil ar phaitinní, fios gnó agus cearta maoine intleachtúla eile sna margaí sin;

(e) a mhéid is sealbhóirí, ceadúnaithe nó ceadúnóirí ar phaitinní, fios gnó agus/nó seirbhísí sna margaí ábhartha gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú;

(f) an tábhacht a bhaineann le barainneachtaí scála agus le raon feidhme agus le héifeachtaí líonra le haghaidh tháirgeadh nó dháileadh táirgí agus/nó seirbhísí sna margaí dá ndéantar difear;

(g) rochtain ar fhoinsí soláthair, amhail infhaighteacht amhábhar agus an bonneagar riachtanach.

10.6. Mínigh an bhfuil táirgí píblíne ([38]) ag aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú, nó ag aon cheann de na hiomaitheoirí nó an bhfuil sé beartaithe acu acmhainneacht táirgthe nó díolacháin a leathnú in aon cheann de na margaí dá ndéantar difear. Má tá, tabhair measachán ar na díolacháin réamh-mheasta agus na sciartha den mhargadh ag na páirtithe sa chomhchruinniú le linn na chéad 3 bliana agus 5 bliana eile.

10.7. Tabhair le fios cibé a tharla aon imeacht ó aon mhargadh dá ndéantar difear le 5 bliana anuas nó nár tharla. Má tharla, sainaithin an chuideachta a d'imigh ón margadh agus tabhair measachán ar a sciar den mhargadh sa bhliain roimh an imeacht.

([38]) Faoi threoir do d'fhreagairt ar Ranna 8.1.6 agus 8.2 thuas.

Taighde agus forbairt

10.8. Tabhair cuntas ar an tábhacht atá le taighde agus forbairt le haghaidh na margaí dá ndéantar difear ó thaobh cumas gnólachtaí chun bheith iomaíoch san fhadtéarma. Mínigh cineál an taighde agus na forbartha a dhéanann na páirtithe sa chomhchruinniú sna margaí dá ndéantar difear. Má dhéanann tú amhlaidh, ba cheart duit na nithe seo a leanas a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí:

(a) treochtaí agus déine an taighde agus na forbartha sna margaí sin agus le haghaidh na bpáirtithe sa chomhchruinniú. Is féidir déine an taighde agus na forbartha a léiriú leis an gcaiteachas ar thaighde agus forbairt; an líon fostaithe atá tiomnaithe don taighde agus forbairt (i dtéarmaí coibhéisí fostaithe lánaimseartha); líon agus tábhacht na saoráidí taighde agus forbartha; nó líon na bpaitinní a comhdaíodh le 3 bliana anuas;

(b) cúrsa na forbartha teicneolaíochta le haghaidh na margaí sin in imeacht tréimhse ama iomchuí (lena n-áirítear minicíocht thabhairt isteach na dtáirgí agus/nó seirbhísí nua, forbairt i dtáirgí agus/nó seirbhísí, próisis táirgthe, córais dáileacháin);

(c) an phleanáil agus na tosaíochtaí taighde a bheidh ag na páirtithe sa chomhchruinniú sna chéad 3 bliana eile.

Sonraí teagmhála

10.9. Tabhair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist cheann na roinne dlí (nó duine eile a chleachtann feidhmeanna comhchosúla; agus i gcásanna nach bhfuil duine den sórt sin ann, an príomhfheidhmeannach) le haghaidh ([39]):

(a) na hiomaitheoirí arna sainaithint de réir roinn 8.1.4;

(b) gach ceann de na chéad deich gcustaiméir is mó ag páirtithe i ngach ceann de na margaí dá ndéantar difear;

(c) na hiontrálaithe le déanaí arna sainaithint faoi roinn 10.3; agus

(d) na hiontrálaithe ionchasacha arna sainaithint faoi roinn 10.4.

Ní mór sonraí teagmhála a sholáthar trí theimpléad an Choimisiúin a úsáid, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

10.10. Soláthair ainm, seoladh, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphost de chuid ionadaí amháin nó níos mó den phríomhcheardchumainn agus/nó den phríomhchomhlachais oibrithe atá ann i bpáirtithe an chomhchruinnithe. Ní mór sonraí teagmhála a sholáthar trí theimpléad an Choimisiúin a úsáid, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

ROINN 11

ÉIFEACHTÚLACHTAÍ

Dá mba mhian leat go ndéanfaidh an Coimisiún breithmheas sonrach ón tús ([40]) le feiceáil ar dócha go gcuirfidh na gnóthachain éifeachtúlachta a eascróidh as an gcomhchruinniú le cumas agus le dreasacht an eintitis nua chun feidhmiú ar son na hiomaíochta chun tairbhe tomhaltóirí nó nach dócha; tabhair tuairisc ar gach éifeachtúlacht, agus tabhair doiciméid tacaíochta a bhaineann léi (lena n-áirítear coigilteas costais, tabhairt isteach táirgí nua, agus seirbhís nó feabhsuithe táirgí) a mheasann na páirtithe a tharlóidh mar thoradh ar an gcomhchruinniú atá beartaithe i ndáil le haon táirge ábhartha ([41]).

([39]) Féadfaidh an Coimisiún ag tráth ar bith, lena n-áirítear le fógra iomlán a fháil ar chomhchruinniú ar bhonn na Foirme CO seo, líon sonraí teagmhála níos airde a iarraidh le haghaidh gach ceann de chatagóirí na rannpháirtithe margaidh atá sainaitheanta san Fhoirm CO seo, agus sonraí teagmhála a iarraidh le haghaidh catagóirí eile na rannpháirtithe margaidh, mar shampla soláthróirí.

([40]) Mura dtugtar an fhaisnéis arna hiarraidh maidir le héifeachtúlachtaí ag céim an fhógra, ní fhágann sé sin nach féidir an fhaisnéis a sholáthar ag tráth nach déanaí. Dá luaithe a thugtar an fhaisnéis áfach, is é is fearr is féidir leis an gCoimisiún na maímh maidir le héifeachtúlacht a fhíorú.

([41]) Le tuilleadh treoraíochta a fháil maidir le measúnú ar éifeachtúlachtaí, féach Treoirlínte ón gCoimisiún maidir leis an measúnú ar chumaisc chothrománacha faoin Rialachán ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais, (IO C 31, 5.2.2004, Lch. 5), ar fáil aghttps://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A52004XC0205%2802%29.

Le haghaidh gach maíomh maidir le héifeachtúlacht, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

(a) míniú mionsonraithe ar an gcaoi a gcuirfeadh an comhchruinniú atá beartaithe ar chumas don eintiteas nua an éifeachtúlacht a bhaint amach. Sonraigh na bearta a mheasann na páirtithe a ghlacfaidh siad chun an éifeachtúlacht a bhaint amach, na rioscaí a ghabhann leis an éifeachtúlacht a bhaint amach, agus an t-am agus na costais is gá chun í a bhaint amach;

(b) i gcás inarb indéanta go réasúnach é, cainníochtú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht agus míniú mionsonraithe ar an gcaoi a ndearnadh an cainníochtú a ríomh. I gcás inarb ábhartha, tabhair meastachán freisin ar thábhacht na n-éifeachtúlachtaí a bhaineann le tabhairt isteach táirgí nua nó le feabhsuithe nua ar cháilíocht. I gcás éifeachtúlachtaí a mbaineann coigilteas costais leo, luaigh ar leithligh an coigilteas costais sheasta aonuaire, an coigilteas costais sheasta athfhilltigh, agus an coigilteas costais athraithigh (in EUR in aghaidh an aonaid agus in EUR in aghaidh na bliana);

(c) a mhéid tairbhe is dócha a bhainfidh custaiméirí as an éifeachtúlacht agus míniú mionsonraithe ar an gcaoi ar thángthas ar an gconclúid sin;

(d) an chúis nach bhféadfadh an páirtí nó na páirtithe an éifeachtúlacht sin a bhaint amach an oiread céanna ar mhodh eile seachas tríd an gcomhchruinniú beartaithe, agus ar bhealach nach dóigh dó ábhair imní a tharraingt i ndáil le hiomaíocht.

ROINN 12

ÉIFEACHTAÍ COMHOIBRITHEACHA A BHÍONN AG COMHFHIONTAR

I gcás comhfhiontair, chun críoch Airteagal 2(4) den Rialachán um Chumaisc, freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) An bhfuil gníomhaíochtaí fós ar siúl den chuid is mó ag dhá mháthairchuideachta nó níos mó sa mhargadh céanna leis an gcomhfhiontar nó i margadh atá réamhtheachtach nó iartheachtach ón margadh ina ndéanann an comhfhiontar sin a chuid gníomhaíochtaí nó i margadh in aice láimhe a bhfuil dlúthbhaint aige leis an margadh seo?

Más freagra deimhneach atá ann, tabhair le fios le haghaidh gach ceann de na margaí dá dtagraítear anseo:

i) Láimhdeachas gach máthairchuideachta sa bhliain airgeadais roimhe sin;

ii) an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí an chomhfhiontair i ndáil leis an láimhdeachas sin;

iii) an sciar de mhargadh atá ag gach máthairchuideachta.

(b) Más deimhneach é an freagra ar phointe (a) agus i do thuairimse nach dtagann comhordú idir gnóthais neamhspleácha lena sriantar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE ó chruthú an chomhfhiontair, agus i gcás inarb infheidhme, de réir bhrí fhorálacha comhfhreagracha Chomhaontú LEE ([42]), tabhair do chúiseanna leis sin.

(c) Gan dochar do na freagraí ar phointí (a) agus (b) agus chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcás, má mheasann tú go bhfuil feidhm ag na coinníollacha d'Airteagal 101(3) CFAE agus, i gcás inarb infheidhme, ag forálacha comhfhreagracha Chomhaontú LEE ([43]), mínigh an fáth gurb amhlaidh. Faoi Airteagal 101(3) CFAE, féadfar forálacha Airteagal 101(1) CFAE a dhearbhú de bheith neamh-infheidhme má dhéanann an oibríocht:

i) má rannchuidíonn an oibríocht le feabhas a chur le táirgeadh nó le dáileadh earraí, nó le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn;

ii) má ligeann an oibríocht do thomhaltóirí sciar cothrom den táirge dá thoradh a fháil;

iii) mura bhforchuireann an oibríocht srianta ar na gnóthais lena mbaineann nach bhfuil fíor-riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach; agus

iv) mura dtugann an oibríocht caoi do na gnóthais sin ar dheireadh a chur le hiomaíocht i ndáil le cuid mhór de na táirgí atá i gceist.

([42]) Féach Airteagal 53(1) de Chomhaontú LEE.
([43]) Féach Airteagal 53(3) de Chomhaontú LEE.

ROINN 13

DEARBHÚ

Ní mór an dearbhú seo a leanas a chur ag deireadh an fhógra agus é sínithe ag na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu, nó thar a gceann siúd:

‘*Dearbhaíonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm CO, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann. Tá siad ar an eolas faoi fhorálacha Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc.*’

I gcás foirmeacha a bhfuil síniú digiteach curtha leo, is chun críche faisnéise amháin iad na réimsí a leanas. Ba cheart iad a bheith ag comhfhreagairt do mheiteashonraí an ríomhshínithe chomhfhreagraigh (na ríomhshínithe comhfhreagracha).

Dáta:

[sínitheoir 1]	[sínitheoir 2 más infheidhme]
Ainm:	Ainm:
Eagraíocht:	Eagraíocht:
Post:	Post:
Seoladh:	Seoladh:
Uimhir theileafóin:	Uimhir theileafóin:
Ríomhphost::	Ríomhphost::
[“ríomhshínithe” / síniú]	[“ríomhshínithe” / síniú]

IARSCRÍBHINN II

FOIRM GHEARR CO MAIDIR LE FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHOMHCHRUINNIÚ DE BHUN RIALACHÁN (CE) Uimh. 139/2004 ÓN gCOMHAIRLE

(FOIRM GHEARR CO)

1. **Réamhrá**

(1) Sonraítear san Fhoirm Ghearr CO an fhaisnéis nach mór do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu a chur ar fáil agus iad ag cur fógra faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le comhchruinnithe áirithe atá beartaithe atá incháilithe lena n-athbhreithniú faoin nós imeachta simplithe.

(2) Agus an Fhoirm Ghearr CO seo á comhlánú agat, tarraingítear d'aird ar Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([1]) (an "Rialachán um Chumaisc") agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (an "Rialachán Cur Chun Feidhme") ([2]), a bhfuil an Fhoirm Ghearr Co seo i gceangal leis. Tarraingítear d'aird freisin ar an bhFógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe chun comhchruinnithe áirithe a láimhseáil ([3]).

(3) Mar riail ghinearálta, féadfar an Fhoirm Ghearr CO a úsáid chun fógra thabhairt do chomhchruinnithe, i gcás ina gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) faigheann dhá ghnóthas nó níos mó comhrialú ar chomhfhiontar, ar choinníoll nach mbeidh aon láimhdeachas reatha laistigh de chríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA) ([4]), agus nach mbeidh sé beartaithe ag na gnóthais lena mbaineann aon sócmhainn a aistriú laistigh de LEE chuig an gcomhfhiontar tráth an fhógra ([5]);

(b) faigheann dhá ghnóthas nó níos mó comhrialú ar chomhfhiontar, ar choinníoll gur gníomhaíochtaí diomaibhseacha gníomhaíochtaí an chomhfhiontair in LEE. Tagraítear leis sin do chomhchruinnithe ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas ([6]):

i) i dtaca le láimhdeachas reatha bliantúil an chomhfhiontair agus/nó láimhdeachas na ngníomhaíochtaí a rannchuidítear mar aon leis an láimhdeachas bliantúil ionchasach, gur lú ná EUR 100 milliún in LEE an láimhdeachas sin;

ii) is lú ná EUR 100 milliún in LEE luach iomlán na sócmhainní arna n-aistriú chuig an gcomhfhiontar agus atá beartaithe tráth an fhógra;

(c) cumascann dhá ghnóthas nó níos mó, nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comhrialú ar ghnóthas eile, ar choinníoll nach bhfuil aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh táirgí agus geografach céanna, ná i margadh ábhartha táirgí atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí ina bhfuil páirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach ([7]);

(d) cumascann dhá ghnóthas nó níos mó nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comhrialú ar ghnóthas eile agus comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach thíos faoi gach sainiú margaidh is inchreidte ([8]):

i) i dtaca leis an sciar comhcheangailte den mhargadh ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh táirge agus geografach céanna (forluí cothrománach), go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leanas:

(aa) tá sé níos ísle ná 20 %;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an "Rialachán um Chumaisc") (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([2]) Féach lch 22 an Iris Oifigiúil

([3]) Fógra ón gCoimisiún chun comhchruinnithe áirithe a láimhseáil ar bhealach simplithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (IO C 160, 5.5.2023, lch. 1) (an "Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe").

([4]) Tagraíonn an téarma "láimhdeachas reatha" do láimhdeachas arna ghiniúint ag an gcomhfhiontar tráth an fhógra. Is féidir láimhdeachas an chomhfhiontair a chinneadh de réir na gcuntas iniúchta is déanaí ó na máthairchuideachtaí, nó ón gcomhfhiontar féin, ag brath ar infhaighteacht cuntas ar leithligh le haghaidh na n-acmhainní arna gcomhcheangal sa chomhfhiontar.

([5]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 5(a).

([6]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 5(b).

([7]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 5(c).

([8]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 5(d).

(bb) tá sé níos ísle ná 50 % agus tá an incrimint (deilte) d'Innéacs Herfindahl-Hirschman ("HHI") a eascraíonn as an gcomhchruinniú ar an margadh sin faoi bhun 150;

ii) na sciartha aonair agus/nó comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí a bhfuil páirtí ar bith eile sa chomhchruinniú gníomhach ann (caidreamh ingearach), comhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leanas:

(aa) tá siad níos ísle ná 30 % ar na margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha;

(bb) tá siad níos ísle ná 30 % ar an margadh réamhtheachtach agus tá sciar ceannaigh is lú ná 30 % ag páirtithe sa chomhchruinniú atá gníomhach sa mhargadh iartheachtach maidir le hionchuir réamhtheachtacha;

(cc) tá siad níos ísle ná 50 % ar na margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, tá incrimint (deilte) Innéacs Herfindahl-Hirschman (HHI) a eascraíonn as an gcomhchruinniú faoi bhun 150 ar na margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, agus is ionann an gnóthas atá níos lú i dtéarmaí an sciar den mhargadh sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon;

(e) tá páirtí le hurlámhas aonair a fháil ar ghnóthas ar a raibh comhrialú aige cheana féin ([9]).

(4) Ina theannta sin, arna iarraidh sin do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin nós imeachta simplithe agus ar bhonn Foirm Ghearr CO ar chomhchruinnithe ina gcumascann dhá ghnóthas nó níos mó nó ina bhfaigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comhrialú ar ghnóthas eile, ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll a leagtar amach thíos faoi gach sainiú margaidh is inchreidte ([10]):

(a) i dtaca leis an sciar comhcheangailte den mhargadh ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú a n-eascraíonn forluí cothrománach as a ngníomhaíochtaí, gur faoi bhun 25 % fós an sciar comhcheangailte sin;

(b) i dtaca leis na sciartha aonair agus comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú atá ag gabháil do chaidreamh ingearach, go gcomhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha a leanas:

i) tá siad níos ísle ná 35 % sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha;

ii) tá siad níos ísle ná 50 % in aon mhargadh amháin ach i dtaca leis na sciartha aonair agus comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe uile sa chomhchruinniú, go bhfuil na sciar sin níos lú ná 10 % sna margaí uile eile a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu.

(5) Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh faoin nós imeachta simplithe agus ar bhonn Foirm Ghearr CO ar chomhchruinnithe ina bhfaigheann dhá ghnóthas nó níos mó comhrialú ar chomhfhiontar, ar choinníoll ([11]):

(a) is lú ná EUR 150 milliún ar chríoch LEE láimhdeachas bliantúil reatha an chomhfhiontair agus/nó láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú; agus

(b) i dtaca le luach iomlán na sócmhainní arna n–aistriú chuig an gcomhfhiontar in LEE agus atá beartaithe tráth an fhógra, is lú ná EUR 150 milliún é.

(6) D'fhéadfadh an Coimisiún a chur de cheangal i gcónaí gur leis an bhFoirm CO a chuirfí an fógra in iúl i gcás inar cosúil nach bhfuil na coinníollacha maidir leis an bhFoirm Ghearr CO á gcomhlíonadh, nó, ar bhonn eisceachtúil, i gcás ina bhfuil siad á gcomhlíonadh, ach go gcinnfidh an Coimisiún, dá ainneoin sin, go bhfuil sé riachtanach fógra a thabhairt leis an bhFoirm CO le go ndéanfar imscrúdú leordhóthanach ar ábhair imní fhéideartha i ndáil le hiomaíocht.

([9]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 5(e).
([10]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 8.
([11]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 9.

2. **Conas an Fhoirm Ghearr CO a chomhlánú agus a sheoladh isteach**

(7) I gcás cumasc de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc nó i gcás comhrialú a fháil de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc, ní mór do na páirtithe sa chumasc nó iad sin a mbeidh comhrialú á fháil acu Foirm Ghearr CO a chomhlánú i bpáirt le chéile. I gcás urlámhas aonair a fháil de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc, ní mór don fhaighteoir an Fhoirm Ghearr CO a chomhlánú. I gcás tairiscint phoiblí chun gnóthas a fháil, ní mór don tairgeoir an Fhoirm Ghearr CO a chomhlánú.

(8) Is gá ranna difriúla den Fhoirm Ghearr CO a chomhlánú, ag brath ar shaintréithe an chomhchruinnithe agus na cúiseanna a bhfuil an comhchruinniú cáilithe don láimhseáil shimplithe ([12]):

(a) Is gá Ranna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 13, 14, 15, agus 16 a chomhlánú i ngach cás;

(b) Ní mór Roinn 8 a chomhlánú má eascraíonn forluití cothrománacha idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe as an gcomhchruinniú;

(c) Ní mór Ranna 9 agus/nó 10 a chomhlánú má eascraíonn caidreamh ingearach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe as an gcomhchruinniú;

(d) Ní mór Roinn 11 a chomhlánú i ngach cás, seachas le haghaidh comhchruinnithe a thagann faoi phointe 5(a) nó 5(c) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe;

(e) Ní mór Roinn 12 a chomhlánú i gcás comhfhiontair.

(9) Roimh fhógra a chur isteach go foirmiúil faoin nós imeachta simplithe, agus gan beann ar an gcatagóir simplithe faoina dtagann an comhchruinniú, ní mór do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu iarraidh a chur isteach maidir le foireann cáis a leithdháileadh. Ní mór go léireofaí san iarraidh cineál an idirbhirt, catagóir an cháis shimplithe faoina dtagann sé agus dáta ionchasach an fhógra ([13]). Iarradh ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu chun fógra díreach a thabhairt maidir le catagóirí áirithe cásanna simplithe gan aon teagmháil réamhfhógra nó le teagmháil réamhfhógra an-ghearr ([14]). Sna cásanna sin, ní mór an iarraidh go leithdháilfear foireann cáis a chur isteach 1 seachtain amháin ar a laghad roimh dháta ionchasach an fhógra. I gcásanna as a n-eascraíonn cásanna d'fhorluití cothrománacha nó caidreamh neamh-chothrománacha idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú, ba cheart teagmhálaithe réamhfhógra a thionscnamh tríd an iarraidh ar fhoireann cáis a leithdháileadh a chur isteach 2 sheachtain ar a laghad roimh dháta ionchasach an fhógra.

(10) Próiseálfar aon sonraí pearsanta a chuirtear isteach san Fhoirm CO i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. ([15])

(11) I dtaca le Foirm Ghearr CO a shíniú, ní mór do dhaoine déanamh amhlaidh ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu nó ag ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu. Is gá na doiciméid chomhfhreagracha maidir le cumhacht aturnae a chur i gceangal leis an bhFoirm Ghearr CO ([16]). Foilseofar na sonraíochtaí teicniúla agus na treoracha le haghaidh sínitheoirí ó am go chéile in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([12]) Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 9.

([13]) Is féidir teacht ar an iarraidh ar fhoireann cáis a leithdháileadh ag: https://ec.europa.eu/competition-policy/mergers/practical-information_en.

([14]) Go háirithe, idirbhearta a thagann faoi phointe 5(a) agus 5(c) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe (Féach Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, pointe 27).

([15]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32018R1725EUR-Lex - 32018R1725 - EN - EUR-Lex (europa.eu). Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe Cumaisc ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

([16]) Féach teimpléad an doiciméid maidir le cumhacht aturnae ag https://ec.europa.eu/competition/mergers/legislation/power_of_attorney_template_en.docx.

3. **Sainithe chun críche na Foirme Giorra CO seo**

(12) Chun críche na Foirme Giorra CO seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) "Páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú" nó "páirtí/páirtithe": an páirtí/na páirtithe is faighteoir san éadáil agus an páirtí/na páirtithe faighte araon, nó na páirtithe a bheidh ag cumasc le chéile, lena n-áirítear gach gnóthas a mbeidh leas urlámhais á fháil ann nó gach gnóthas a chuirfear faoi réir tairiscint phoiblí. Mura sonraítear a mhalairt, leis na téarmaí "páirtí/páirtithe" a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu agus "páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú" áirítear gach gnóthas a bhaineann leis na grúpaí céanna lena mbaineann na páirtithe sin.

(b) "Bliain": bliain féilire, mura sonraítear a mhalairt. Mura sonraítear a mhalairt, baineann an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm Ghearr CO leis an mbliain roimh dháta an fhógra.

4. **Ceanglas maidir le fógra ceart iomlán a thabhairt**

(13) Ní mór gach faisnéis a éilítear san Fhoirm Ghearr CO a bheith ceart agus iomlán. Is gá an fhaisnéis a theastaíonn a sholáthar sa Roinn iomchuí den Fhoirm Ghearr CO. Is faoin uile pháirtí a bheidh ag comhlánú an fhógra a bheidh sé cruinneas na faisnéise a chuirfidh sé ar fáil a chinntiú. Ba cheart na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara go háirithe:

(a) Faoi Airteagal 10(1) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 5(2) agus Airteagal (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, ní thosóidh na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán um Chumaisc maidir leis an bhfógra go dtí go mbeidh an fhaisnéis uile nach mór a sholáthar in éineacht leis an bhfógra faighte ag an gCoimisiún. Áirithítear leis an gceanglas seo go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith laistigh de na teorainneacha ama dochta dá bhforáiltear sa Rialachán um Chumaisc. Má bhíonn fógra neamhiomlán, cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a thug fógra, nó a n-ionadaithe, ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn gan mhoill.

(b) Ba cheart don pháirtí/do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu seiceáil, le linn dóibh a bhfógra a ullmhú, go bhfuil ainmneacha agus uimhreacha teagmhála agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sheoltar chuig an gCoimisiún, cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta.

(c) I gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, measfar gur faisnéis neamhiomlán í aon fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach a bheidh san fhógra.

(d) Ní mór sonraí teagmhála a iarrtar a sholáthar san fhormáid a d'fhorordaigh an Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta ar a suíomh gréasáin ([17]). Tá sé fíor-riachtanach I gcás próiseas imscrúdaithe iomchuí go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuige seo, is gá duit a áirithiú go bhfuil na seoltaí ríomhphoist a sholáthraítear pearsantaithe agus sannta do dhaoine teagmhála sonracha agus nach boscaí poist cuideachta ginearálta iad (e.g., info@, hello@). Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil an fógra neamhiomlán bunaithe ar shonraí teagmhála míchuí.

(e) Faoi Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, aon pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a thugann faisnéis mhícheart nó mhíthreorach ar fáil, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, is féidir fíneálacha suas le 1 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais lena mbaineann a ghearradh orthu. Ina theannta sin, faoi Airteagal 6(3), pointe (a), agus Airteagal 8(6), pointe (a), den Rialachán um Chumaisc, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le comhoiriúnacht comhchruinnithe a chúlghairm i gcás ina bhfuil an cinneadh sin bunaithe ar fhaisnéis mhícheart a bhfuil ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú freagrach aisti.

(f) Féadfaidh duine scríobh chuig an gCoimisiún lena iarradh air glacadh leis go bhfuil an fógra iomlán gan beann nach bhfuil faisnéis a éilítear san Fhoirm Ghearr CO seo tugtha agat, más faisnéis í nach bhfuil fáil agat go réasúnta uirthi i bpáirt nó ina hiomláine (mar shampla toisc nach raibh an fhaisnéis faoi sprioc ar fáil le linn tairiscint atá faoi chonspóid). Breithneoidh an Coimisiún iarraidh den sórt sin, má thugann tú na cúiseanna nach raibh an fhaisnéis sin ar fáil agus go dtabharfaidh tú na measteacháin is fearr is féidir leat ar na sonraí atá in easnamh chomh maith le foinsí maidir leis na measteacháin sin. I gcás inar féidir, ba cheart a thabhairt le fios cá háit a bhféadfadh an Coimisiún teacht ar aon chuid den fhaisnéis a iarradh nach raibh ar fáil duitse.

([17]) Féach https://ec.europa.eu/competition-policy/mergers/practical-information_en..

(g) Faoi Airteagal 4(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis ar leith a sholáthar san fhógra a ligean ar ceal i gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás. Dá bhrí sin, féadfaidh tú, i réamhfhógra, iarraidh i scríbhinn a sheoladh isteach ag iarraidh ar an gCoimisiún d'oibleagáid a tharscaoileadh chun faisnéis áirithe a sholáthar a mheasann tú nach bhfuil gá léi ionas go mbeidh an Coimisiún in ann an cás a scrúdú. Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh den sórt sin a sheoladh an tráth céanna leis an dréacht-Fhoirm Ghearr CO sa réamhfhógra. Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i ríomhphost ar leithligh a sheoltar chuig an bhfoireann cáis freagrach. Déanfaidh an Coimisiún breith ar iarrataí ar tharscaoileadh chomh fada is go dtugtar údar leordhóthanach iontu ar an gcúis nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis i gceist chun an cás a scrúdú. I gcomhréir le "Dea-chleachtais maidir le himeachtaí um rialú cumasc CE a riar" de chuid Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, is iondúil go n-éileodh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta 5 lá oibre sula bhfreagrófaí iarrataí ar tharscaoileadh. D'fhonn amhras a sheachaint, ba cheart duit a thabhairt faoi deara nach gcuirtear cosc ar an gCoimisiún in aon chor ón bhfaisnéis sin a iarraidh tráth ar bith (roimh nó tar éis an fhógra), mar shampla trí iarraidh ar fhaisnéis faoi Airteagal 11 den Rialachán um Chumaisc mar gheall gur ghlac an Coimisiún leis nach raibh gá faisnéis áirithe a iarraidh san Fhoirm Ghearr CO chun an fógra maidir le comhchruinniú a chomhlánú.

5. **Filleadh ar an ngnáthnós imeachta agus fógra faoi Fhoirm CO**

(14) Agus measúnú á dhéanamh féachaint an féidir fógra a thabhairt faoi chomhchruinniú faoin nós imeachta simplithe leis an bhFoirm Ghearr CO, áiritheoidh an Coimisiún go mbunófar gach imthoisc ábhartha ar bhealach atá soiléir a dhóthain. Maidir leis seo, is ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu atá an fhreagracht an fhaisnéis cheart agus iomlán a sholáthar.

(15) Más rud é, tar éis fógra a bheith tugtha faoin gcomhchruinniú, go measann an Coimisiún nach leor fógra a thabhairt faoin nós imeachta simplithe, féadfaidh an Coimisiún a cheangal go dtabharfaí fógra iomlán, nó i gcás inarb iomchuí, fógra páirteach, leis an bhFoirm Ghearr CO. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh in aon cheann de na himthosca a leanas:

(a) go ndealraíonn sé nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an bhFoirm Ghearr CO a úsáid;

(b) gan beann go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an bhFoirm Ghearr CO a úsáid, go bhfuil gá le fógra iomlán nó páirteach a thabhairt leis an bhFoirm CO chun imscrúdú iomchuí a dhéanamh ar imní fhéideartha i ndáil le hiomaíocht nó chun a shuí gur comhchruinniú de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán um Chumaisc atá san idirbheart;

(c) go bhfuil faisnéis mhícheart nó mhíthreorach san Fhoirm Ghearr CO;

(d) go gcuireann Ballstát nó Stát CSTE in iúl laistigh de 15 lá oibre ón uair a fhaightear an chóip den Fhoirm Ghearr CO gurb ann d'imní i ndáil le hiomaíocht a bhfuil bunús leis maidir leis an gcomhchruinniú ar tugadh fógra ina leith;

(e) go gcuireann tríú páirtí in iúl gurb ann d'imní i ndáil le hiomaíocht a bhfuil bunús leis laistigh den teorainn ama atá leagtha síos ag an gCoimisiún le haghaidh tuairimí tríú páirtí.

(16) Sna cásanna sin, féadfar déileáil leis an bhfógra mar fhógra atá neamhiomlán i bponc ábhartha de réir bhrí Airteagal 5(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme athbhreithnithe. Cuirfidh an Coimisiún na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, nó a n-ionadaithe, ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn gan mhoill. Ní bheidh éifeacht leis an bhfógra ach ar an dáta a bhfaighfear an fhaisnéis go léir atá riachtanach.

6. **Rúndacht**

(17) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 17(2) den Rialachán um Chumaisc mar aon leis na forálacha comhfhreagracha de Chomhaontú LEE ceanglaítear ar an gCoimisiún, na Ballstáit, Údarás Faireacháin CSTE agus Stáit CSTE, mar aon lena gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, ar faisnéis í den chineál atá cumhdaithe ag an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

(18) Má chreideann tú go ndéanfaí dochar do do leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar ort a chur ar fáil, ba cheart duit an fhaisnéis sin a chur isteach ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar "Rúin Ghnó". Ba cheart duit fáthanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

(19) I gcás cumasc nó fáil i gcomhpháirt, nó i gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná ceann amháin de na páirtithe an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ba cheart gach iarscríbhinn den sórt sin a chur i gceangal leis an bhfógra ionas gur féidir a mheas go bhfuil sé iomlán.

ROINN 1

FAISNÉIS GHINEARÁLTA AN CHÁIS

(*)**Cás-uimhir:** **M.**	(*)**Ainm an cháis:**	**Teanga:**
(*) * le comhlánú leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn an Clár um Chumaisc		

Mura sonraítear a mhalairt, ba cheart tagairtí d'Airteagail sna táblaí thíos a léamh mar thagairtí d'Airteagail an Rialacháin um Chumaisc.

Fógra faoi láimhseáil shimplithe: Is ea	Rialachán um Chumaisc
Dlínse: ☐ Airteagal 1(2) ☐ Airteagal 1(3) ☐ Airteagal 4(5) ☐ Airteagal 22	Bunús fógartha: ☐ Airteagal 4(1) ☐ Airteagal 4(4) ☐ Airteagal 4(5) ☐ Airteagal 22
Comhchruinniú: ☐ Cumasc [Airteagal 3(1), pointe (a)] ([18]) ☐ Urlámhas aonair a fháil [Airteagal 3(1), pointe (b)] ☐ Comhrialú a fháil [Airteagal 3(1), pointe (b)] ([19]) ☐ Comhrialú a fháil ar chomhfhiontar úrnua [Airteagal 3(4)] ([20]) ☐ Comhrialú a fháil in aon chás eile (i.e. go bhfuil scairshealbhóir rialaithe amháin ar a laghad a bhí ann roimhe seo fós ann) [Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4)] ([21])	Catagóir de chás i gcomhréir leis an bhFógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe: ☐ Pointe 5(a) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 5(e) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 5(b) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 5(c) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 8 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 5(d) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐ Pointe 9 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe

([18]) Tarlaíonn cumasc nuair a chónascann dhá ghnóthas neamhspleácha nó níos mó ina ngnóthas nua agus go dtagann deireadh leo mar eintitis dhlítheanacha ar leithligh. Féach pointí 9 agus 10 d'Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú ("Fógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún") (IO C 95, 16.4.2008, lch. 1), ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52008XC0416%2808%29 le haghaidh tuilleadh faisnéise agus treoraíochta maidir le gnéithe dlínse.

([19]) Tagraíonn an cás seo do chomhrialú ar sprioc-chuideachtaí nach raibh rialaithe cheana ag aon cheann de na páirtithe a fhaigheann comhrialú (i.e. rialú a fháil ar ghnóthas ó thríú páirtí neamhghaolmhar). Féach go háirithe an Fógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún, pointe 91.

([20]) Tagraítear sa chatagóir seo do chomhfhiontar úrnua a chruthú nach n-aistríonn máthairchuideachtaí gníomhaíocht eacnamaíoch atá ann cheana chuige (i.e. fochuideachta nó gnólacht a bhfuil láithreacht mhargaidh aige) nó i gcás nach n-aistríonn siad ach sócmhainní nach ionann iad agus gnó astu féin.

([21]) Áirítear ar na cásanna sin, i measc nithe eile, (i) comhfhiontair lánfheidhme nua a chruthú i gcás ina n-aistríonn máthairchuideachta amháin nó níos mó gnó reatha nó gníomhaíocht eacnamaíoch agus (ii) iontráil nó ionadú scairshealbhóirí rialaithe comhfhiontair. Féach go háirithe an Fógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún, pointe 92.

An bhfuil an fógra nasctha le cás roimhe seo (oibríocht nasctha/idirbheart comhthreomhar/cás tréigthe nó tarraingthe siar)? TÁ ☐ NÍL ☐ Más rud é go bhfuil, soláthair cás-uimhir:	An bhfuil an fógra nasctha le comhairliúchán ar an gcomhchruinniú céanna? TÁ ☐ NÍL ☐ Más rud é go bhfuil, soláthair uimhir chomhairliúcháin:
Modh chun an comhchruinniú a chur chun feidhme: ☐ Tairiscint phoiblí fógartha an [DÁTA]. ☐ Ceannach scaireanna ☐ Ceannach sócmhainní ☐ Ceannach urrús ☐ Conradh bainistíochta nó aon mhodh conarthach eile ☐ Ceannach scaireanna i ngnóthas nuachruthaithe ina gcuimsítear comhfhiontar	Luach an chomhchruinnithe in EUR:
Suíomh na gcuideachtaí atá rannpháirteach sa chomhchruinniú: ☐ Laistigh den Bhallstát céanna ☐ Laistigh den tríú tír céanna ☐ I mBallstáit éagsúla ☐ I dtríú tíortha éagsúla	

ROINN 2

CUIDEACHTAÍ ATÁ RANNPHÁIRTEACH SA CHOMHCHRUINNIÚ AGUS A LÁIMHDEACHAS

Gnóthais lena mbaineann ([22])	Catagóir ([23])	Arna rialú ag	Tuairisc achomair ar ghníomhaíochtaí gnó an ghnóthais lena mbaineann

Ba cheart duit cairt a sholáthar de struchtúr úinéireachta agus rialaithe gach gnóthais lena mbaineann roimh an comhchruinniú a chur i gcrích agus ina dhiaidh sin:

([22]) Chun sainmhíniú a fháil ar ghnóthais lena mbaineann, féach an Fógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún, pointí 129-153.
([23]) An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó páirtí eile.

Gnóthais lena mbaineann	An tír thionscnaimh	Ról ([24])	Láimhdeachas (i milliún EUR) ([25])		Bliain an láimhdeachais ([26])
			Ar fud an domhain	Ar fud an Aontais	
Láimhdeachas comhcheangailte na ngnóthas ar fad lena mbaineann					

☐ Ní ghnóthaíonn gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais laistigh den Bhallstát céanna.

Má thugtar fógra faoin gcumasc ar bhonn Airteagal 1(3) den Rialachán um Chumaisc, ba cheart duit an tábla a leanas a chomhlánú freisin. Ba cheart duit faisnéis a áireamh maidir le gach Ballstát a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 1(3), pointí (b) agus (c) agus rónna a chur leis an tábla, más gá:

Ainm an Bhallstáit ábhartha chun críche Airteagal 1(3), pointe (b) agus (c) den Rialachán um Chumaisc	Láimhdeachas comhcheangailte na ngnóthas ar fad lena mbaineann sa Bhallstát sin (i milliún EUR)	Ainm na ngnóthas ábhartha lena mbaineann chun críche Airteagal 1(3), pointe (c) den Rialachán um Chumaisc	Láimhdeachas an ghnóthais lena mbaineann sa Bhallstát seo (in EUR milliúin)

☐ Ní ghnóthaíonn gach ceann de na gnóthais lena mbaineann níos mó ná dhá thrian dá láimhdeachas comhiomlán ar fud an Aontais laistigh den Bhallstát céanna.

([24]) A = Faighteoir i gcás urlámhas aonair nó comhrialú a fháil (más ann do níos mó ná ceann amháin, sainmhínigh A1, A2, etc,).
T = Sprioc i gcás urlámhas aonair a fháil (más ann do níos mó ná ceann amháin, sainmhínigh T1, T2, etc,).
JV = Comhfhiontar i gcás comhrialú a fháil más ann do níos mó ná ceann amháin, sainmhínigh JV1, JV2, etc,).
MP = Páirtí Cumaisc i gcás cumaisc (más ann do níos mó ná ceann amháin, sainmhínigh MP1, MP2, etc,).

([25]) Ní mór an fhaisnéis láimhdeachais a chur ar fáil in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim le linn na mblianta nó na dtréimhsí eile i gceist.

([26]) Mura dtiteann an bhliain fhioscach leis an mbliain féilire, tabhair le fios deireadh na bliana fioscaí san fhormáid (ll/mm/bbbb).

Láimhdeachas i gcríoch Stáit CSTE ([27])	
Tá láimhdeachas comhcheangailte na ngnóthas lena mbaineann i gcríoch Stáit CSTE cothrom le 25 % nó níos mó dá láimhdeachas iomlán i gcríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA).	TÁ □ NÍL □
Tá láimhdeachas níos mó ná EUR 250 milliún an ceann i gcríoch Stáit CSTE ag dhá ghnóthas lena mbaineann ar a laghad.	TÁ □ NÍL □
D'fhéadfadh an comhchruinniú beartaithe a bheith ina iarrthóir lena tharchur chuig Stát CSTE mar go n-eascraíonn margadh/margaí dá ndéantar difear as, laistigh de chríoch aon cheann de na Stáit CSTE a chuireann saintréithe ar fad margaidh ar leith i láthair.	TÁ □ NÍL □

ROINN 3

AINM AN TÁIRGE/NA DTÁIRGÍ LENA MBAINEANN ([28]) DE RÉIR NACE ([29])

Ainm an táirge/na dtáirgí	NACE

ROINN 4

TUAIRISC ACHOIMRE AR AN GCOMHCHRUINNIÚ

Soláthair achoimre neamhrúnda (suas le 250 focal) ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoi Roinn 1.1, lena n-áirítear: an bealach a mbaintear an comhchruinniú amach (trí bhíthin ceannach scaireanna, tairiscint phoiblí, conartha etc, mar shampla.); airteagail an Rialacháin um Chumaisc ar dá bhun a cháilítear idirbheart mar chomhchruinniú; na gnóthais lena mbaineann. I gcás gach gnóthais lena mbaineann, soláthair: Ainm iomlán, tír chorpraithe, príomh-eintiteas rialaithe, cur síos gairid ar ghníomhaíochtaí agus limistéir gheografacha na gníomhaíochta. I gcás comhfhiontair nuachruthaithe, soláthair gníomhaíochtaí atá beartaithe agus limistéir gheografacha na gníomhaíochta. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an achoimre seo ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta nuair a fhaightear fógra. Ní mór an achoimre a dhréachtú ar dhóigh nach bhfuil aon fhaisnéis rúnda ná rúin ghnó inti.)

([27]) Áirítear an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua i Stáit CSTE.

([28]) Níor cheart duit a áireamh ach cóid NACE na dtáirgí a mbíonn aon forluití cothrománacha agus/nó caidrimh neamh-chothrománacha mar thoradh orthu. Le haghaidh cásanna gan forluí cothrománach ná caidreamh neamh-chothrománach, ba cheart duit cóid NACE phríomhtháirgí na sprice a áireamh.

([29]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh, IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ar fáil ag EUR-Lex - 32006R1893 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

Sampla (scrios le haghaidh an fhógra)

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

[Ainm iomlán Chuideachta A] ([Gearrainm chuideachta A], [Tír thionscnaimh Chuideachta A], arna rialú ag [Cuideachta X]

[Ainm iomlán Chuideachta B] ([Gearrainm chuideachta B], [Tír thionscnaimh Chuideachta B], arna rialú ag [Cuideachta Y]

Faigheann [Cuideachta A], de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Rialachán um Chumaisc rialú aonair ar [Chuideachta B] (ina hiomláine/go páirteach) NÓ

Téann [Cuideachta A] i gcumasc iomlán de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, le [Cuideachta B] NÓ

Faigheann [Cuideachta A] agus [Cuideachta B], de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, comhrialú ar [Chuideachta C].

Baintear amach an comhchruinniú trí [bhíthin an comhchruinniú a chur chun feidhme, e.g. trí scaireanna/sócmhainní, etc. a cheannach)].

Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

a. *le haghaidh [Cuideachta A]: [Tuairisc ghairid ar an ngníomhaíocht, e.g. ceimiceáin éagsúlaithe le príomhghníomaíochtaí in eolaíochtaí talmhaíochta, plaisteacha agus ceimiceáin feidhmíochta, agus táirgí agus seirbhísí hidreacarbóin agus fuinnimh].*

b. *le haghaidh [Cuideachta B]: [Tuairisc ghairid ar ghníomhaíocht, e.g., teicneolaíocht agus nuálaíocht sileacón-bhunaithe le príomhghníomhaíochtaí i bhforbairt agus táirgeadh polaiméirí agus ábhar eile bunaithe ar cheimic sileacóin].*

ROINN 5

AN RÉASÚNAÍOCHT ATÁ LEIS AN GCOMHCHRUINNIÚ AGUS UAINIÚ

5.1.	**An réasúnaíocht atá leis an gcomhchruinniú** Ba cheart duit tuairisc achoimre a thabhairt ar an réasúnaíocht atá leis an gcomhchruinniú atá beartaithe.	
5.2.	**Uainiú** Ba cheart duit tuairisc achoimre a thabhairt ar uainiú an chomhchruinnithe atá beartaithe (lena n-áirítear dáta ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le dúnadh, más infheidhme).	

5.3. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 6

DLÍNSE ([30])

6.1. **Tuairisc achomair ar an gcomhchruinniú agus athrú rialaithe (suas le 250 focal)**

Sampla 1 (scrios le haghaidh an fhógra)

De bhun comhaontaithe um dhíol agus cheannach scaireanna arna shíniú an X.X.XX, gheobhaidh [Cuideachta A] scaireanna a léiríonn 75 % de chearta vótála iomlána [Chuideachta B]. Coinneoidh [an Scairshealbhóir Mionlaigh M] an 25 % atá fágtha de chearta vótála [Chuideachta B]. De bhrí go nglacfar le cinntí i ndáil le straitéis tráchtála [Chuideachta B] trí thromlach simplí, feidhmeoidh [Cuideachta A] a bhfuil tromlach na scaireanna agus na vótaí aige tionchar cinntitheach ar [Chuideachta B]. Beidh rialú aonair dá bhrí sin ag [Cuideachta A] ar [Chuideachta B].

Sampla 2 (scrios le haghaidh an fhógra)

De bhun comhaontaithe um dhíol agus cheannach scaireanna arna shíniú an X.X.XX, gheobhaidh [Cuideachta A] scaireanna a léiríonn 40 % de chearta vótála iomlána [Chuideachta B]. Coinneoidh [Cuideachta C] an 60 % atá fágtha de chearta vótála [Chuideachta B]. Beidh 7 gcomhalta ar an mbord, agus ceapfaidh [Cuideachta A] 3 díobh. Beidh cearta crosta ag [Cuideachta A] maidir le ceapachán ardbhainistíochta, maidir leis an mbuiséad, agus an plean gnó. Beidh comhrialú dá bhrí sin ag [Cuideachta A] agus [Cuideachta C] ar [Chuideachta B].

6.2. **Urlámhas rialaithe**

☐ **Urlámhas rialaithe aonair**

Faigheann an faighteoir rialú aonair ar an sprioc/na spriocanna de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán um Chumaisc. Ba cheart duit ainmneacha an urlámhais rialaithe aonair a shonrú trí tic a chur leis na boscaí ábhartha:

☐ Faigheann [Gnóthas 1] rialú aonair dearfach, i.e. tromlach na gceart vótála ar an sprioc/na spriocanna (rialú aonair de jure)

☐ Faigheann [Gnóthas 1] rialú aonair diúltach ar an sprioc/na spriocanna, i.e. an fhéidearthacht chun cearta crosta aonair a fheidhmiú ar chinntí straitéiseacha (rialú aonair de jure). Ba cheart duit a mhíniú céard iad na cinntí sin:

☐ Faigheann [Gnóthas 1] rialú aonair de facto ar an sprioc/na spriocanna lena [ba cheart duit an scairsheilbh agus cearta vótála beachta a thabhairt le fios] % mar gur dóchúil go bhfaighidh sé tromlach na gceart vótála ag cruinnithe scairshealbhóirí (na sprice).

Ba cheart duit a thabhairt le fios freisin má tá aon cheann de na gnéithe seo a leanas i láthair sa chomhchruinniú:

☐ Seo a leanas patrúin vótála chruinnithe scairshealbhóirí na sprice/spriocanna le 5 bliana anuas: [ba cheart duit faisnéis a sholáthar maidir leis an ráta freastail ag na cruinnithe sin le haghaidh gach bliana]. Lena scairshealbhú, bheadh tromlach ag [Gnóthas 1] ag cruinnithe scairshealbhóirí na mblianta [ba cheart duit na cruinnithe sin a thabhairt le fios].

☐ Tá na scaireanna eile scaipthe go forleathan.

☐ Tá naisc struchtúracha, eacnamaíocha nó teaghlaigh le [Gnóthas 1] ag scairshealbhóirí tábhachtacha eile. Ba cheart duit na naisc sin a mhíniú: […].

☐ Níl ag scairshealbhóirí eile ach leas airgeadais amháin (sa sprioc).

([30]) Ba cheart duit tagairt a dhéanamh don Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún.

□ **Comhrialú a fháil**

□ Faigheann [Gnóthas 1], [Gnóthas 2] agus [Gnóthas 3] (cuir cinn eile leis de réir mar is gá) comhrialú ar an sprioc/na spriocanna de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán um Chumaisc trí chomhionannas i gcearta vótála nó ceapachán chuig comhlachtaí cinnteoireachta nó cearta crosta (pointí 64-73 den Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún).			
	Faighteoirí		
	Gnóthas 1	**Gnóthas 2**	**Gnóthas 3**
Scairsheilbh sa chomhfhiontar (%)			
Cearta vótála (%)			
An líon ionadaithe a ceapadh i gcomhlacht cinnteoireachta an chomhlachta [31] **/ an líon iomlán comhaltaí sa chomhlacht cinnteoireachta**			
Tá vóta réitigh ag ionadaí an chomhlachta bainistíochta (tá/níl)	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**
Tá cearta crosta acu ar cheapachán bainistíochta sinsearaí (tá/níl)	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**
Tá cearta crosta acu ar ghlacadh plean gnó (tá/níl)	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**
	Má tá, soláthair cóip den phlean nó pleananna gnó is déanaí maidir leis an sprioc.		
Tá Cearta crosta acu ar ghlacadh buiséid (tá/níl)	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**	□ **Tá** □ **Níl**
Tá cearta crosta acu ar infheistíochtaí	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos an leibhéal infheistíochtaí agus a minicíocht san earnáil shonrach.**	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos an leibhéal infheistíochtaí agus a minicíocht san earnáil shonrach.**	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos an leibhéal infheistíochtaí agus a minicíocht san earnáil shonrach.**
Tá cearta eile acu a bhaineann go sonrach leis an margadh	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos cé na cearta crosta.**	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos cé na cearta crosta.**	□ **Tá** □ **Níl** **Tabhair le fios sa chill thíos cé na cearta crosta.**

[31] Ba cheart aird a thabhairt ar an gcomhlacht cinnteoireachta a dhéanann cinntí straitéiseacha den chineál ar a dtugtar tuairisc san Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún, Ranna 3.1 agus 3.2 agus é seo á chomhlánú.

☐ Faigheann [Gnóthas 1], [Gnóthas 2] agus [Gnóthas 3] (cuir cinn eile leis de réir mar is gá) comhrialú ar an sprioc/na spriocanna de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán um Chumaisc trí mhodhanna eile (féach pointí 74-80 den Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse ón gCoimisiún), go háirithe: ☐ Faigheann [Gnóthas 1], [Gnóthas 2] agus [Gnóthas 3] (cuir cinn eile leis de réir mar is gá) comhrialú ar an sprioc/na spriocanna trí bhíthin comhaontaithe comhthiomsaithe, cuideachta shealbhaíochta nó aon bhealach dlíthiúil eile. ☐ Faigheann [Gnóthas 1], [Gnóthas 2] agus [Gnóthas 3] (cuir cinn eile leis de réir mar is gá) comhrialú de facto ar an sprioc/na spriocanna ar bhonn leasanna comhchoiteanna láidre. Ba cheart duit míniú a thabhairt ar leasanna comhchoiteanna den sórt sin: […]

6.3. **Feidhmiúlacht iomlán (le comhlánú má thagann an comhchruinniú faoi Airteagal 3(4) nó Airteagal 3(1), pointe (b) i gcomhar le hAirteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc)**

☐ Tá an comhfhiontar lánfheidhme de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc mar gheall go bhfeidhmíonn an comhfhiontar ar bhonn marthanach na feidhmeanna ar fad a bhaineann le heintiteas eacnamaíoch neamhspleách). Go sonrach:
☐ Beidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcomhfhiontar le feidhmiú go neamhspleách ar an margadh, go háirithe bainistíocht thiomanta, acmhainní airgeadais, foireann, agus sócmhainní leordhóthanacha.
☐ Beidh a rochtain féin ag an gcomhfhiontar ar an margadh, rochtain atá neamhspleách óna mháthairchuideachtaí nó beidh láithreacht aige ann.
☐ Bainfidh an comhfhiontar amach níos mó ná 50 % dá dhíolacháin chuig tríú páirtithe ar bhonn marthanach (i.e., níos faide ná tréimhse tosaigh 3 bliana). NÓ ☐ Tá sé i gceist go ndéanfadh an comhfhiontar níos mó ná 50 % dá dhíolacháin leis na máthairchuideachtaí níos faide ná tréimhse tosaigh, ach déanfar iad sin bunaithe ar dhálaí an mhargaidh, lena n-áirítear ar na téarmaí agus coinníollacha céanna le díolacháin chuig tríú páirtithe.
☐ Tá sé i gceist go bhfeidhmeoidh an comhfhiontar ar bhonn marthanach mar nach bhfuil sé socraithe le haghaidh fad teoranta gearr agus is ionann fad a ghníomhaíochtaí agus [tabhair le fios an fad]. ☐ Níl aon chinneadh tríú páirtí nó aon chinneadh seachtrach ar feitheamh a bhfuil tábhacht riachtanach ag baint leis chun gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair a sheoladh.
☐ Eile: [mínigh]

6.4. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 7

CATAGÓIR NA LÁIMHSEÁLA SIMPLITHE (FAOI THREOIR NA BPOINTÍ ÁBHARTHA SAN FHÓGRA MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA SIMPLITHE)

(a) **Pointe 5(a) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe** ☐

☐ Níl an comhfhiontar gníomhach laistigh de chríoch an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE):
☐ Níl aon láimhdeachas reatha (i.e. tráth an fhógra) nó lena bhfuil coinne (sna 3 bliana tar éis an fhógra) ag an gcomhfhiontar laistigh de LEE.

☐ Níl sé pleanáilte ag máthairchuideachtaí an chomhfhiontair aon aistriú sócmhainní a dhéanamh chuig an gcomhfhiontar laistigh de LEE tráth an fhógra. ([32]).
Má chomhlánaíonn an comhchruinniú na critéir i bpointe 5(a) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní gá Ranna 8, 9 agus 11 thíos a chomhlánú.

AGUS/NÓ

(b) Pointe 5(b) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐

☐ Tá gníomhaíochtaí diomaibhseacha reatha nó a bhfuil coinne leo ag an gcomhfhiontar laistigh de LEE:
☐ Tá láimhdeachas reatha bliantúil an chomhfhiontair, agus/nó láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú ([33]) tráth an fhógra mar aon leis an láimhdeachas bliantúil ionchasach sna 3 bliana tar éis an fhógra níos lú ná EUR 100 milliún in LEE.
☐ Luach iomlán na sócmhainne arna haistriú chuig an gcomhfhiontar atá beartaithe tráth an fhógra ([34]) is lú ná EUR 100 milliún i LEE é.

AGUS/NÓ

(c) **Pointe 5(c) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe** ([35]) ☐

☐ Níl aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú gníomhach sa mhargadh táirge agus geografach céanna.
☐ Níl aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú gníomhach i margaí réamhtheachtacha nó iartheachtacha a chéile.
Má chomhlánaíonn an comhchruinniú na critéir i bpointe 5(c) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní gá Ranna 8, 9 agus 11 thíos a chomhlánú.

AGUS/NÓ

(d) Pointe 5(d) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐

☐ Cumascann dhá ghnóthas nó níos mó nó faigheann aon ghnóthas amháin nó níos mó urlámhas aonair nó comhrialú ar ghnóthas eile agus comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 5(d)(i) agus 5(d)(ii) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe faoi gach sainiú margaidh is inchreidte. ([36]).

([32]) Aon sócmhainn a bhfuil sé beartaithe í a aistriú chuig an gcomhfhiontar tráth an fhógra, ba cheart an tsócmhainn sin a bhreithniú, gan beann ar an dáta a aistreofar na sócmhainní sin iarbhír chuig an gcomhfhiontar.

([33]) Tagraíonn an nath "agus/nó" don éagsúlacht cásanna a chumhdaítear. Áirítear orthu sin:

— i gcás sprioc-chuideachta a fháil i gcomhpháirt, is é láimhdeachas na sprioc-chuideachta sin (an comhfhiontar) an láimhdeachas atá le cur san áireamh;

— i gcás comhfhiontar a chruthú lena rannchuidíonn na máthairchuideachtaí a ngníomhaíochtaí, is iad na gníomhaíochtaí rannchuidithe sin an láimhdeachas atá le cur san áireamh;

— i gcás ina dtiocfaidh páirtí nua rialaithe isteach i gcomhfhiontar atá ann cheana, ní mór láimhdeachas an chomhfhiontair agus láimhdeachas na ngníomhaíochtaí lenar rannchuidigh an mháthairchuideachta nua (más ann dóibh) a chur san áireamh.

([34]) Aon sócmhainn a bhfuil sé beartaithe í a aistriú chuig an gcomhfhiontar tráth an fhógra, ba cheart an tsócmhainn sin a bhreithniú, gan beann ar an dáta a aistreofar na sócmhainní sin iarbhír chuig an gcomhfhiontar.

([35]) Is gá tic a chur leis an dá bhosca ionas go mbeadh feidhm ag an gcatagóir seo.

([36]) Tá feidhm ag na tairseacha le haghaidh forluití cothrománacha agus caidrimh ingearacha maidir le haon sainiú malartach inchreidte ar mhargadh táirgí agus ar mhargadh geografach a bhféadfadh gá a bheith lena mbreithniú i gcás ar leith. Tá sé tábhachtach go bhfuil na sainithe margaidh foluiteacha a leagtar amach san fhógra beacht go leor chun údar cuí a thabhairt leis an measúnú nach gcomhlíontar na tairseacha sin, agus go luaitear gach sainiú malartach inchreidte ar mhargadh a bhféadfadh gá a bheith lena mbreithniú (lena n-áirítear margaí geografacha atá níos cúinge ná margaí náisiúnta).

☐ Leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile le chéile sa chomhchruinniú ar páirtithe iad atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh táirge agus geografach céanna (forluití cothrománacha), comhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leanas: ☐ tá siad níos lú ná 20 %; ☐ tá siad níos ísle ná 50 % agus tá an incrimint (deilte) d'Innéacs Herfindahl-Hirschman ("HHI") a eascraíonn as an gcomhchruinniú ar na margaí sin faoi bhun 150. ([37]).
☐ Leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach agus le chéile sa chomhchruinniú agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh táirgí ina bhfuil aon pháirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach (caidrimh ingearacha), comhlíontar ceann amháin de na coinníollacha a leanas: ☐ tá siad níos ísle ná 30 % réamhtheachtach agus iartheachtach; ☐ tá siad níos ísle ná 30 % ar an margadh réamhtheachtach agus tá sciar ceannaithe an eintitis iartheachtach níos ísle ná 30 %; ☐ tá siad níos ísle ná 50 % ar na margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, tá incrimint (deilte) HHI a eascraíonn as an gcomhchruinniú faoi bhun 150 ar na margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, agus tá an gnóthas atá níos lú i dtéarmaí sciartha den mhargadh mar an gcéanna sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha. ([38]).

AGUS/NÓ

(e) Pointe 5(e) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ☐

☐ Faigheann an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige urlámhas aonair ar ghnóthas ar a bhfuil comhrialú aige cheana féin.

AGUS/NÓ

(f) Pointe 8 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe (clásal solúbthachta) ☐

☐ Faoi gach sainiú margaidh is inchreidte, (i) fanann sciartha comhcheangailte de mhargadh na bpáirtithe faoi bhun 25 % ar aon mhargadh ábhartha i gcás ina bhforluíonn gníomhaíochtaí na bpáirtithe agus (ii) nach bhfuil ann d'aon cheann de na cúinsí speisialta ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe.
☐ Faoi gach sainiú margaidh is inchreidte, fanann sciartha comhcheangailte de mhargadh na bpáirtithe faoi bhun 25 % ar aon mhargadh ábhartha i gcás ina bhforluíonn gníomhaíochtaí na bpáirtithe agus cé gur ann do cheann amháin nó roinnt de na cúinsí speisialta ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní ardaíonn an cás aon imní i ndáil le hiomaíocht ar na cúiseanna a mhínítear i Roinn 11.

([37]) Ríomhtar HHI trí uimhreacha cearnacha sciartha margaidh aonair na ngnólachtaí ar fad sa mhargadh a shuimiú: féach Treoirlínte an Choimisiúin maidir leis an measúnú ar chumaisc chothrománacha faoin Rialachán ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú, IO C 31, 5.2.2004, lch. 5, pointe 16, ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex%3A52004XC0205%2802%29. Mar sin féin, chun Deilte HHI a eascraíonn as an gcomhchruinniú a ríomh, is leor suim shuimeanna cearnacha na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe go haonarach (toisc nach dtagann aon athrú ar na sciartha den mhargadh atá ag na hiomaitheoirí uile eile sa mhargadh agus dá bhrí sin nach dtéann siad i bhfeidhm ar thoradh na cothromóide) a bhaint de shuim chearnach na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhchruinniú (lena rá ar bhealach eile, suim chearnach na sciartha den mhargadh atá ag an eintiteas cumaiscthe tar éis an chomhchruinnithe).

([38]) Is é is aidhm don chatagóir seo incrimintí beaga a chuimsiú a bhíonn i gceist le comhtháthú ingearach a bhí ann roimhe. Mar shampla, Cuideachta A atá gníomhach i margadh réamhtheachtach agus i margadh iartheachtach (ag a bhfuil sciar de 45 % i ngach ceann acu), faigheann an Chuideachta sin seilbh ar Chuideachta B atá gníomhach sa mhargadh réamhtheachtach agus sa mhargadh iartheachtach céanna (ag a bhfuil sciar de 0.5 % i ngach ceann acu). Ní chuimsítear leis an gcatagóir sin cásanna ina n-eascraíonn an chuid is mó den chomhtháthú ingearach as an idirbheart, fiú má bhíonn na sciartha den mhargadh comhcheangailte níos lú ná 50 % agus an Deilte HHI níos lú ná 150. Mar shampla, ní chuimsítear sa chatagóir seo an cás seo a leanas: Cuideachta A atá gníomhach ar bhonn réamhtheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 45 % agus gníomhach ar bhonn iartheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 0.5 %, faigheann an Chuideachta sin seilbh ar Chuideachta B atá gníomhach ar bhonn réamhtheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 0.5 % agus gníomhach ar bhonn iartheachtach agus ag a bhfuil sciar den mhargadh de 45 %.

☐ Ní ann d'aon cheann de na cúinsí ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C maidir leis an Nós Imeachta Simplithe agus leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach agus le chéile sa chomhchruinniú agus atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh ina bhfuil aon pháirtí eile sa chomhchruinniú gníomhach (caidrimh ingearacha), comhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: ☐ tá siad níos ísle ná 35 % sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha; ☐ tá siad níos ísle ná 50 % i margadh amháin, agus tá sciartha aonair agus comhcheangailte na bpáirtithe uile sa chomhchruinniú den mhargadh sna margaí eile go léir a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu níos ísle ná 10 %.
☐ Is ann do cheann amháin nó roinnt de na cúinsí ar a dtugtar tuairisc i roinn II.C den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ní ardaíonn an cás aon imní i ndáil le hiomaíocht ar na cúiseanna a mhínítear i Roinn 11 agus leis na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe uile go haonarach agus le chéile sa chomhchruinniú atá rannpháirteach i gcaidrimh ingearacha, comhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: ☐ tá siad níos ísle ná 35 % sna margaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha; ☐ tá siad níos ísle ná 50 % i margadh amháin, agus tá sciartha aonair agus comhcheangailte na bpáirtithe uile sa chomhchruinniú den mhargadh sna margaí eile go léir a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu níos ísle ná 10 %.

AGUS/NÓ

(g) Pointe 9 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe (clásal solúbthachta) ☐

☐ Tá láimhdeachas reatha bliantúil an chomhfhiontair, agus/nó láimhdeachas na ngníomhaíochtaí arna rannchuidiú tráth an fhógra ([39]) níos mó ná EUR 100 milliún, ach níos lú ná EUR 150 milliún in LEE.
☐ Tá luach iomlán na sócmhainní arna n-aistriú chuig an gcomhfhiontar atá beartaithe tráth an fhógra níos mó ná EUR 100 milliún, ach níos lú ná EUR 150 milliún in LEE ([40]).
☐ Má tá an comhfhiontar gníomhach in LEE agus má eascraíonn forluití cothrománacha agus/nó caidrimh ingearacha as an gcomhchruinniú, ba cheart duit Roinn 8 agus/nó 9 faoi seach a chomhlánú.

Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

ROINN 8

FORLUITÍ COTHROMÁNACHA

8.1. **Ba cheart duit an tábla thíos a chomhlánú má eascraíonn as an gcomhchruinniú forluití cothrománacha, lena n-áirítear forluití idir (i) táirgí píblíne ([41]) agus táirgí margaithe nó (ii) táirgí píblíne (i.e. forluití píblíne go píblíne).** ([42]) **Ba cheart duit an tábla a athchruthú a mhéid uaireanta agus is gá chun gach margadh inchreidte a ndearna tú breithniú air a chumhdach:**

([39]) Féach Fonóta 33.
([40]) Féach Fonóta 34.
([41]) Is éard is táirgí píblíne ann táirgí ar dócha go dtabharfar chun an mhargaidh iad sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Cumhdaíonn "Táirgí píblíne" seirbhísí chomh maith.
([42]) I gcás forluití cothrománacha lena mbaineann táirgí píblíne, ba cheart duit scaireanna a sholáthar do na táirgí margaithe a dhéanann iomaíocht sa mhargadh inchreidte ábhartha.

Forluití cothrománacha – sciartha den mhargadh agus táirgí píblíne

Fasaigh (áirigh tagairt do na míreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	**Bliain X -2**		**Bliain X -1**		Bliain X		Táirgí píblíne ([43]) (Ainm)
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh**				%	%	
			Iomaitheoir 2					%	%	
			Iomaitheoir 3					%	%	
			Eile					%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab iad luach agus méid na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith:

Má thagann an cás faoi phointe 5(d)(i)(bb) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ba cheart duit deilte HHI a sholáthar:

Soláthair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha):

Soláthair sonraí teagmhála Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe:

([43]) Ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar i gcás na bpáirtithe agus/nó na n-iomaitheoirí a thairgeann táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirgí margaithe, ba cheart duit 3 iomaitheoir ar a laghad a bhfuil táirgí píblíne iomaíocha á bhforbairt acu a shainaithint.

8.2. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 9

CAIDRIMH INGEARACHA

9.1. **Ba cheart duit an tábla thíos a chomhlánú má eascraíonn caidrimh ingearacha as an gcomhchruinniú,** [44] **lena n-áirítear idir (i) táirgí píblíne agus táirgí margaithe nó (ii) táirgí píblíne (i.e. caidrimh ingearacha píblíne go píblíne). Ba cheart duit an tábla a athchruthú a mhéid uaireanta agus is gá chun gach margadh inchreidte a ndearna tú breithniú air a chumhdach** [45]:

(44) Caidrimh ingearacha a thagann faoi phointe 5(d)(ii)(bb) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe a eisiamh. Le haghaidh na gcaidreamh ingearach sin, ba cheart duit Roinn 10 thíos a chomhlánú.

(45) Mar shampla, maidir leis an gcaidreamh ingearach idir an margadh réamhtheachtach U agus an margadh iartheachtach D, má bhreithnigh tú go raibh na sainithe margaidh réamhtheachtacha U1 agus U2 inchreidte, ba cheart duit dhá thábla a áireamh: (i) faisnéis maidir le U1 agus D, agus (ii) faisnéis maidir le U2 agus D.

Caidrimh ingearacha – sciartha den mhargadh agus táirgí píblíne											
RÉAMHTHEACHTACH											
Fasaigh (áirigh tagairt do na míreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	**Bliain X -2**		**Bliain X -1**		Bliain X		Táirgí píblíne (Ainm) ([46])
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				%	%	
			Iomaitheoir 2					%	%	
			Iomaitheoir 3					%	%	
			Eile					%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab iad luach agus méid na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith:

Má thagann an cás faoi phointe 5(d)(ii)(cc) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ba cheart duit deilte HHI a sholáthar (luach agus méid le haghaidh 3 bliana):

Soláthair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha):

Soláthair sonraí teagmhála Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe:

([46]) Ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar i gcás na bpáirtithe agus/nó na n-iomaitheoirí a thairgeann táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirgí margaithe, ba cheart duit 3 iomaitheoir ar a laghad a bhfuil táirgí píblíne iomaíocha á bhforbairt acu a shainaithint.

IARTHEACHTACH											
Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh)	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	**Bliain X -2**		**Bliain X -1**		Bliain X		Táirgí píblíne (Ainm) ([47])
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	**%**	**%**	**%**	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	**%**	**%**	**%**	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	**%**	**%**	**%**	%	%	%	
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				%	%	
			Iomaitheoir 2					%	%	
			Iomaitheoir 3					%	%	
			Eile					%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/ gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab iad luach agus méid na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith:

Má thagann an cás faoi phointe 5(d)(ii)(cc) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, ba cheart duit deilte HHI a sholáthar (luach agus méid le haghaidh 3 bliana):

Soláthair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha):

Soláthair sonraí teagmhála Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe:

([47]) Ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar i gcás na bpáirtithe agus/nó na n-iomaitheoirí a thairgeann táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirgí margaithe, ba cheart duit 3 iomaitheoir ar a laghad a bhfuil táirgí píblíne iomaíocha á bhforbairt acu a shainaithint.

9.2. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 10

CAIDRIMH INGEARACHA A THAGANN FAOI PHOINTE 5(D)(II)(BB) DEN FHÓGRA ÓN GCOIMISIÚN MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA SIMPLITHE

10.1. **Ba cheart duit na táblaí thíos a chomhlánú má eascraíonn caidrimh ingearacha as an gcomhchruinniú a thagann faoi phointe 5(d)(ii)(bb) den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe, lena n-áirítear idir (i) táirgí píblíne agus táirgí margaithe nó (ii) táirgí píblíne (i.e. caidrimh ingearacha píblíne go píblíne). Ba cheart duit an tábla a athchruthú a mhéid uaireanta agus is gá chun gach margadh inchreidte a ndéanann tú measúnú air a chumhdach** ([48]):

([48]) Mar shampla, maidir leis an gcaidreamh ingearach idir an margadh réamhtheachtach U agus an margadh iartheachtach D, má bhreithnigh tú go raibh na sainithe margaidh réamhtheachtacha U1 agus U2 inchreidte, ba cheart duit dhá thábla a áireamh: (i) faisnéis maidir le U1 agus D, agus (ii) faisnéis maidir le U2 agus D.

Caidrimh ingearacha faoi phointe 5(d)(ii)(bb) den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an Nós Imeachta Simplithe – sciartha den mhargadh agus táirgí píblíne

RÉAMHTHEACHTACH

Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidtea breith-níodh	Margadh geografach inchreidtea breith-níodh	Soláthar táirgí i margaí réamhtheachtacha (Sciartha den mhargadh)							Ceannach táirgí i margaí réamhtheachtacha (Ceannach scaireanna)					
			Eintiteas	**Bliain X -2**		**Bliain X -1**		Bliain X		Táirgí píblíne (Ainm) ([49])	Bliain X -2		Bliain X -1		Bliain X	
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid		Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%							
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%							
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%							
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**							
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh**				%	%		**Ná comhlánaigh**					
			Iomaitheoir 2					%	%							
			Iomaitheoir 3					%	%							
			Eile					%	%							
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh**	**Ná comhlánaigh**					
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR			**Ná comhlánaigh**					

([49]) Ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar i gcás na bpáirtithe agus/nó na n-iomaitheoirí a thairgeann táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirgí margaithe, ba cheart duit 3 iomaitheoir ar a laghad a bhfuil táirgí píblíne iomaíocha á bhforbairt acu a shainaithint.

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, tabhair tuairimí na bpáirtithe i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh):

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab iad luach agus méid na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith:

Soláthair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí (lena n-áirítear céim a bhforbartha):

Mínigh cibé ar cheannaigh nó nár cheannaigh ceann amháin nó níos mó de na gnóthais lena mbaineann an táirge ionchuir réamhtheachtach ó ghnóthas amháin nó níos mó lena mbaineann i mBliain X; Bliain X-1; nó Bliain X-2, ina dtugtar le fios céatadán na gceannachán sin le haghaidh iomlán na gceannachán de chuid an ghnóthais lena mbaineann:

Soláthair sonraí teagmhála Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe:

IARTHEACHTACH

Fasaigh (áirigh tagairt do mhíreanna ábhartha)	Margadh táirgí inchreidte a breithníodh	Margadh geografach inchreidte a breithníodh	Soláthróir	**Bliain X -2**		**Bliain X -1**		Bliain X		Táirgí píblíne (Ainm) ([50])
				Luach	Méid	Luach	Méid	Luach	Méid	
			Gnóthas lena mbaineann 1	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 2	%	%	%	%	%	%	
			Gnóthas lena mbaineann 3	%	%	%	%	%	%	
			Comhcheangailte	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	
			Iomaitheoir 1	**Ná comhlánaigh.**				%	%	
			Iomaitheoir 2					%	%	
			Iomaitheoir 3					%	%	
			Eile					%	%	
			Iomlán	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	100 %	**Ná comhlánaigh.**
			Méid an mhargaidh	EUR		EUR		EUR		

([50]) Ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar i gcás na bpáirtithe agus/nó na n-iomaitheoirí a thairgeann táirgí margaithe. Mura bhfuil aon táirgí margaithe, ba cheart duit 3 iomaitheoir ar a laghad a bhfuil táirgí píblíne iomaíocha á bhforbairt acu a shainaithint.

Tabhair tuairisc ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe sa mhargadh seo:

Tabhair tuilleadh mionsonraí anseo (go háirithe mura bhfuil aon fhasach ann, ba cheart duit tuairimí na bpáirtithe a thabhairt i leith shainiú an mhargaidh táirgí/gheografaigh)]:

Méadrachtaí, foinsí agus modheolaíocht a leantar chun an sciar den mhargadh a ríomh. Murab iad luach agus méid na méadrachtaí is coitianta chun an sciar den mhargadh a ríomh sna margaí ábhartha, ba cheart duit sciartha den mhargadh a sholáthar bunaithe ar mhéadrachtaí malartacha agus míniú a thabhairt ina leith:

Soláthair faisnéis maidir le táirgí píblíne na bpáirtithe agus a n-iomaitheoirí, lena n-áirítear céim a bhforbartha:

Soláthair sonraí teagmhála Iomaitheoir 1, Iomaitheoir 2, agus Iomaitheoir 3 san fhormáid fhorordaithe:

Tabhair meastachán ar cén céatadán den éileamh iomlán ar ionchur réamhtheachtach a léirítear sa mhargadh iartheachtach i mBliain X, X-1, agus X-2. Ba cheart duit freisin na tionscail, earnálacha agus feidhmeanna deiridh a shainaithint i gcás inar féidir an t-ionchur réamhtheachtach a úsáid seachas sa mhargadh iartheachtach, lena n-áirítear céatadán an éilimh iomláin don táirge réamhtheachtach le haghaidh táirge réamhtheachtach gach tionscail, earnála agus/nó feidhme deiridh. Mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil don mhargadh ar fad ba cheart duit a thabhairt le fios cion na ndíolachán a rinne páirtí gníomhach sa mhargadh réamhtheachtach lena 10 bpríomhchustaiméir (lena n-áirítear na páirtithe eile, más infheidhme):

10.2. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 11

COIMIRCÍ AGUS EISIAIMH ([51])

Tá scairsheilbh shuntasach neamhrialaithe ag aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú (i.e. os cionn 10 %) nó tras-stiúrthóireachtaí i gcuideachtaí atá gníomhach sna margaí céanna le haon cheann de na páirtithe eile nó i margaí a bhfuil caidreamh ingearach eatarthu (e.g. tá scairsheilbh mionlaigh neamhrialaithe nó comhstiúrthóirí ag an ngnóthas is faighteoir i ngnóthas atá gníomhach sa mhargadh céanna leis an sprioc).	☐ Tá ☐ Níl
Tá scairsheilbh shuntasach neamhrialaithe ag ceann amháin nó níos mó d'iomaitheoirí na bpáirtithe (i.e. os cionn 10 %) in aon cheann de na gnóthais lena mbaineann. Má tá: sonraigh % na scairsheilbhe: sonraigh na cearta a ghabhann leis an scairsheilbh:	☐ Tá ☐ Níl
Tá na páirtithe gníomhach i margaí in aice láimhe agus tá sciar den mhargadh 30 % nó níos mó ag aon cheann de na Páirtithe go haonarach in aon cheann de na margaí sin faoi aon sainiú margaidh is inchreidte	☐ Tá ☐ Níl
Fanfaidh níos lú ná 3 iomaitheoir le sciartha den mhargadh os cionn 5 % in aon mhargadh as a dtagann forluití cothrománacha nó caidrimh ingearacha faoi aon sainiú margaidh is inchreidte.	☐ Tá ☐ Níl
Sáraítear na tairseacha ábhartha um sciar den mhargadh i dtéarmaí acmhainneachta faoi aon sainiú margaidh is inchreidte ([52]).	☐ Tá ☐ Níl
Is iontrálaithe le déanaí iad na páirtithe (nó ceann díobh) sna margaí forluiteacha (i.e. tháinig siad ar an margadh le 3 bliana anuas)	☐ Is ea ☐ Ní hea
Is nuálaithe tábhachtacha sna margaí forluiteacha iad na páirtithe.	☐ Is ea ☐ Ní hea
Thug na páirtithe táirge píblíne tábhachtach chuig an margadh le 5 bliana anuas.	☐ Is ea ☐ Ní hea
Tagann forluití táirge píblíne le píblíne nó píblíne margaithe as an gcomhchruinniú.	☐ Tagann ☐ Ní thagann
Tá pleananna ag ceann de na páirtithe leathnú i margaí táirgí agus/nó margaí geografacha ina bhfuil an páirtí eile gníomhach nó atá i gcaidreamh ingearach le táirgí ina bhfuil an páirtí eile gníomhach. Mínigh na táirgí agus seirbhísí lena mbaineann pleananna den sórt sin agus a n-uainiú: **[téacs oscailte].**	☐ Tá ☐ Níl
I slabhraí táirgeachta ina bhfuil níos mó ná dhá leibhéal, tá sciartha den mhargadh aonair nó comhcheangailte na bpáirtithe 30 % nó níos airde in aon cheann de na leibhéil sa slabhra luacha (i dtéarmaí luacha, méide, táirgthe nó acmhainneachta).	☐ Tá ☐ Níl

([51]) Ná comhlánaigh ach tábla amháin le haghaidh gach margadh a thagann faoi aon cheann de na catagóirí den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe nach bhfuil feidhm ag ceann ar bith de na coimircí/eisiaimh ina leith (i.e., is é "Níl" freagra gach ceiste i Roinn 11). Le haghaidh gach margadh a thagann faoi aon cheann de na catagóirí den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe a bhfuil "Tá" mar fhreagra ar cheist amháin ar a laghad, ba cheart duit tábla ar leithligh a sholáthar.

([52]) Má tá an méadrach ábhartha le haghaidh margaidh ina gcuireann an comhchruinniú le forluí cothrománach nó le caidreamh ingearach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe.

Tá coinne leis go sáróidh láimhdeachas bliantúil an chomhfhiontair EUR 100 milliúin go suntasach in LEE laistigh de 3 bliana ina dhiaidh sin.	☐ Tá ☐ Níl
Tá coinne leis go sáróidh láimhdeachas bliantúil an chomhfhiontair EUR 150 milliúin go suntasach in LEE laistigh de 3 bliana ina dhiaidh sin. Má tá coinne leis go sáróidh láimhdeachas bliantúil an chomhfhiontair EUR 100 milliúin go suntasach in LEE laistigh de na 3 bliana ina dhiaidh sin, soláthair an láimhdeachas a bhfuil coinne leis le haghaidh na 3 bliana amach romhainn: **[téacs oscailte].**	☐ Tá ☐ Níl
Má fhreagair tú "tá" ar cheann ar bith de na ceisteanna thuas, mínigh an chúis go gceapann tú gur cheart caitheamh leis an gcás faoin bhFógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe agus soláthair na sonraí ábhartha ar fad: **[téacs oscailte].**	

ROINN 12

ÉIFEACHTAÍ COMHOIBRITHEACHA A BHÍONN AG COMHFHIONTAR

12.1. **An bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl i gcónaí ag dhá mháthairchuideachta nó níos mó sa mhargadh céanna leis an gcomhfhiontar nó i margadh atá réamhtheachtach nó iartheachtach ón margadh ina ndéanann an comhfhiontar sin a chuid gníomhaíochtaí nó i margadh comharsanach a bhfuil dlúthbhaint aige leis an margadh seo?**			☐ Tá	☐ Níl
Máthairchuideachta	Margadh	Láimhdeachas	Sciar den mhargadh	
Comhfhiontar	Margadh	Láimhdeachas	Sciar den mhargadh	

12.2. **Mínigh an gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 101(1) agus Airteagal 101(3) den Chonradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, i gcás inarb infheidhme na forálacha comhfhreagracha den Chomhaontú LEE, sa chás seo.**

12.3. **Cuir le do fhreagra le haon fhaisnéis ar mhian leat a chur faoi bhráid an Choimisiúin.**

ROINN 13

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige	Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige 2 (más infheidhme)
Ainm	Ainm
Seoladh	Seoladh
Uimhir theileafóin	Uimhir theileafóin
Ríomhphost	Ríomhphost
Suíomh Gréasáin	Suíomh Gréasáin
Sprioc	Uimhir theileafóin
Ainm	Ríomhphost
Seoladh	Suíomh Gréasáin
Ionadaí údaraithe an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige	Ionadaí údaraithe an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige 2
Ainm	Ainm
Eagraíocht	Eagraíocht
Seoladh	Seoladh

Uimhir theileafóin	Uimhir theileafóin
Ríomhphost	Ríomhphost

ROINN 14

IARSCRÍBHINNÍ

☐	Doiciméid lena dtugtar an comhchruinniú i gcrích	Forálacha lena mbunaítear athrú i rialú:
		Forálacha lena mbunaítear feidhmiúlacht iomlán:
☐	Bundoiciméad nó bundoiciméid maidir le cumhacht aturnae (ón bpáirtí/ó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu)	
☐	Sonraí láimhdeachais – miondealú LEE	
☐	Modheolaíocht sciartha den mhargadh	
☐	Níor cheart an méid a leanas a sholáthar ach amháin i gcásanna ina dtagann forluití cothrománacha amháin nó níos mó agus/nó naisc ingearacha in LEE as an gcomhchruinniú: — Cóipeanna de na cuir i láthair ar fad seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúrthóirí, nó den bhord maoirseachta, i bhfianaise an struchtúir rialachais chorparáidigh, nó an duine eile/na daoine eile a chleachtann feidhmeanna comhchosúla (nó dár tarmligeadh na feidhmeanna sin nó dár cuireadh ar a n-iontaoibh iad), nó cruinniú na scairshealbhóirí chun anailís a dhéanamh ar an gcomhchruinniú dá dtugtar fógra. — Tásc den seoladh idirlín, más ann dó, i gcás ina bhfuil na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú ar fáil, nó mura bhfuil aon seoladh idirlín mar sin ann, cóipeanna de na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla is déanaí leis na páirtithe sa chomhchruinniú.	
☐	Iarscríbhinní eile	Tabhair tuairisc

ROINN 15

FÓGRAÍ EILE

15.1. **An bhfuil an comhchruinniú infhógartha i ndlínsí eile?**

☐ Tá

☐ Níl

Má tá, liostaigh anseo iad:

15.2. **Tabhair le fios má thug tú fógra nó má tá sé beartaithe agat fógra a thabhairt faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lgh. 1-45).**

ROINN 16

DEARBHÚ

☐ Dearbhaíonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis a áirítear san fhoirm seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid ábhartha, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann.

☐ Tá an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar an eolas faoi Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc.

I gcás foirmeacha atá sínithe go digiteach, is le haghaidh faisnéise amháin iad na réimsí a leanas. Ba cheart iad a bheith ag comhfhreagairt do mheiteashonraí an ríomhshínithe chomhfhreagraigh (na ríomhshínithe comhfhreagracha).

Dáta:

[sínitheoir 1] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: [“r-shínithe” / síniú]	[sínitheoir 2, más infheidhme] Ainm: Eagraíocht: Post: Seoladh: Uimhir theileafóin: Ríomhphost: [“r-shínithe” / síniú]

IARSCRÍBHINN III

FOIRM A BHAINEANN LE hAIGHNEACHTAÍ RÉASÚNAITHE DE BHUN AIRTEAGAIL 4(4) AGUS 4(5) DE RIALACHÁN (CE) Uimh. 139/2004 ÓN gCOMHAIRLE

(FOIRM AR)

RÉAMHRÁ

A. **Cuspóir na Foirme AR**

(1) Sonraítear leis an bhFoirm AR seo an fhaisnéis nach mór a sholáthar agus aighneacht réasúnaithe á déanamh maidir le tarchur réamhfhógra faoi Airteagal 4(4) nó (5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) ("an Rialachán um Chumaisc"). Leagtar síos córas rialaithe cumasc an Aontais Eorpaigh sa Rialachán um Chumaisc agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an "Rialachán Cur Chun Feidhme") ([2]) a bhfuil an Fhoirm AR seo i gceangal leis. Tabhair do d'aire na forálacha comhfhreagracha den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]) ("Comhaontú LEE").

B. **Teagmhálacha roimh an Fhoirm AR agus iarrataí ar tharscaoileadh a chur isteach**

(2) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar san Fhoirm AR seo a sholáthar i ngach cás i bprionsabal agus is ceanglas dá bhrí sin é maidir le hiarraidh chomhlánaithe ar tharchur réamhfhógra.

1. **Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach**

(3) In imthosca eisceachtúla, i dtaca le heilimintí sonracha a cheanglaítear leis an bhFoirm AR seo, nach mbeidh fáil go réasúnach orthu ag na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu i bpáirt nó ina n-iomláine (e.g., toisc nach bhfuil fáil ar fhaisnéis faoi sprioc-chuideachta i gcás tairiscint atá faoi chonspóid). Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar nó aon cheanglas eile san Fhoirm AR a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i bpointe B.3.

2. **Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás**

(4) De bhun Airteagal 4(2) agus Airteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis faoi leith a sholáthar san Fhoirm AR, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile a ligean ar ceal, i gcás ina mbreithneoidh an Coimisiún nach gá na hoibleagáidí ná na ceanglais sin a chomhlíonadh chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás. Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar nó aon cheanglas eile san Fhoirm AR a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i bpointe B.3.

3. **Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh**

(5) Páirtithe atá i dteideal Foirm AR a chur isteach, iarrtar orthu dul i mbun teagmhálacha leis an gCoimisiún roimh an aighneacht a chur isteach. Ba cheart do pháirtithe dul i mbun teagmhálacha den sórt sin ar bhonn dréacht-Fhoirm AR. I dtaca leis an bhféidearthacht le dul i mbun teagmhálacha roimh ré, is seirbhís í sin a thairgeann an Coimisiún

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an "Rialachán um Chumaisc")(IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.)

([2]) IO L, 119,5.5.2023 lch. 22.

([3]) Féach go háirithe Airteagal 57 de Chomhaontú LEE, pointe 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Comhaontú LEE, Prótacail 21 agus 24 a ghabhann le Comhaontú LEE, (ar fáil ag EUR-Lex - 21994A0103(74) - EN - EUR-Lex (europa.eu)), mar aon le Prótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú (dá ngairtear "Comhaontú Faireacháin agus Cúirte" anseo feasta), ar fáil ag EUR-Lex - JOL_1994_344_R_0001_003 - EN - EUR-Lex (europa.eu) . Ní mór a thuiscint go gciallaíonn aon tagairt do Stáit CSTE na Stáit CSTE sin ar Páirtithe Conarthacha iad i gComhaontú LEE. Ón 1 Bealtaine 2004, is iad na Stáit sin an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

do pháirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu ar bhonn deonach chun cur isteach foirmiúil na Foirme AR sin a ullmhú. Dá réir sin, cé nach bhfuil siad sainordaitheach, tá teagmhálacha roimh ré iontach luachmhar do na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu agus don Choimisiún araon chun an méid faisnéise atá riachtanach san Fhoirm AR seo a chinneadh go beacht agus, i bhformhór na gcásanna, tiocfaidh díobh an méid faisnéise is gá a laghdú go mór.

(6) I gcúrsa teagmhálacha roimh ré, féadfaidh páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu iarrataí a dhéanamh ar tharscaoileadh. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) míníonn na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu go sásúil cén fáth nach bhfuil fáil go réasúnach ar an bhfaisnéis ábhartha agus soláthraíonn na meastacháin is fearr le haghaidh na sonraí atá ar iarraidh, agus na foinsí le haghaidh na meastachán sin á sainaithint. I gcás inar féidir, ba cheart do na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu eolas a thabhairt faoin áit a bhféadfadh an Coimisiún nó an Ballstát nó Stát CSTE nó na Ballstáit agus Stáit CSTE ábhartha teacht ar aon chuid den fhaisnéis iarrtha nach bhfuil ar fáil;

(b) míníonn na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu go sásúil cén fáth nach gá an fhaisnéis ábhartha chun an Fhoirm AR a scrúdú.

(7) I dtaca le hiarrataí ar tharscaoileadh, ba cheart iad a chur isteach an tráth céanna agus a chuirtear an dréacht-Fhoirm AR isteach. Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i dtéacs na dréacht-Fhoirme AR féin (ag tús na roinne nó na foroinne ábhartha). Déileálfaidh an Coimisiún le hiarrataí ar tharscaoileadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréacht-Fhoirm AR. Beidh 5 lá oibre ag teastáil ón gCoimisiún de ghnáth sula bhfreagrófar d'iarraidh ar tharscaoileadh. I gcás ina gcuirfear iarraidh ar tharscaoileadh isteach agus é d'údar cuí léi nach gá an fhaisnéis chun an Fhoirm AR a scrúdú, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an mBallstát/na Ballstáit ábhartha nó le húdarás nó le húdaráis ábhartha Stát CSTE sula gcinnfidh sé an nglacfaidh sé leis an iarraidh.

(8) Chun amhras a sheachaint, ós rud é go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis nach gá aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm AR seo chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh ar tharchur réamhfhógra, ní choisceann sé sin ar bhealach ar bith an Coimisiún an fhaisnéis sin a iarraidh tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarraidh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 11 den Rialachán um Chumaisc.

(9) Féadfaidh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu tagairt a dhéanamh do na "Dea-chleachtais maidir le himeachtaí um rialú cumasc CE a riar" de chuid Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin ("AS na hIomaíochta"), mar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin AS na hIomaíochta agus a nuashonraítear ó am go ham, lena dtugtar treoraíocht maidir le teagmhálacha réamhfhógra agus maidir le hiarrataí ar tharchur réamhfhógra a ullmhú.

C. **An ceanglas maidir le haighneacht cheart chomhlánaithe a thabhairt**

(10) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar san Fhoirm AR seo a sholáthar i ngach cás i bprionsabal agus is ceanglas dá bhrí sin é maidir le hiarraidh chomhlánaithe ar tharchur réamhfhógra. Ní mór an fhaisnéis uile a sholáthar sa roinn chuí den Fhoirm AR seo agus ní mór í a bheith ceart agus comhlánaithe.

(11) Ba cheart duit na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara go háirithe:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus (5) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 5(2) agus (4), agus Airteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, ní thosóidh na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán um Chumaisc maidir leis an bhFoirm AR go dtí go mbeidh an fhaisnéis uile nach mór a sholáthar in éineacht leis an aighneacht faighte ag an gCoimisiún. Is amhlaidh sin chun a áirithiú go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar tharchur réamhfhógra laistigh de na teorainneacha ama dochta a leagtar síos sa Rialachán um Chumaisc.

(b) i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán um Chumaisc, is gnách go ndéanfar an cinneadh cás a tharchur ina iomláine nó i bpáirt chuig Ballstát nó Stát CSTE, nó gan a dhéanamh, ar bhonn na faisnéise atá san Fhoirm AR, gan an Coimisiún iarrachtaí imscrúdaithe breise a dhéanamh. I gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Rialachán um Chumaisc, i dtaca le seasamh Ballstáit nó Stát CSTE maidir le cás a tharchur chuig an gCoimisiún, is gnách go gcinnfear an seasamh sin ar bhonn na faisnéise atá san Fhoirm AR, gan na húdaráis lena mbaineann iarrachtaí imscrúdaithe breise a dhéanamh;

(c) dá bhrí sin, ní mór do na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a fhíorú, le linn dóibh a n-aighneacht réasúnaithe a ullmhú, gur leor na foinsí neamhspleácha a thugtar mar thaca leis an bhfaisnéis agus na hargóintí uile ar a bhfuiltear ag brath;

(d) i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus Airteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, breithneofar gur faisnéis neamhchomhlánaithe í aon fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach a bheidh san aighneacht réasúnaithe;

(e) faoi Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, má sholáthraíonn páirtithe a bhfuil aighneacht réasúnaithe á cur isteach acu faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fíneálacha suas le 1 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais lena mbaineann a ghearradh orthu ([4]).

D. **Conas aighneacht réasúnaithe a dhéanamh**

(12) Is i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais a bheidh an aighneacht réasúnaithe. Is í an teanga sin teanga na n-imeachtaí feasta le haghaidh na bpáirtithe uile a bhfuil aighneacht á cur isteach acu.

(13) Chun an cúram a éascú d'údaráis na mBallstát agus Stát CSTE maidir leis an bhFoirm AR a láimhseáil, moltar go mór do pháirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu aistriúchán ar a n-aighneacht réasúnaithe a sholáthar don Choimisiún i dteanga nó i dteangacha a thuigfidh gach duine ar seoladh an fhaisnéis chuige. Maidir le hiarrataí ar tharchur chuig (a) Ballstát nó Ballstáit nó Stát nó Stáit CSTE, moltar go mór do na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu cóip den iarraidh a áireamh leis an aighneacht, i dteanga/i dteangacha an Bhallstáit/na mBallstát agus Stát nó Stáit CSTE ar a bhfuil an tarchur a iarradh dírithe.

(14) Tá an fhaisnéis a iarrtar leis an bhFoirm AR sin le leagan amach agus úsáid á baint as uimhreacha na ranna agus na míreanna, agus tá dearbhú le síniú de réir mar a fhoráiltear i Roinn 6, agus an doiciméadacht tacaíochta le cur i gceangal léi. I gcás inarb ionann cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a cheanglaítear le haghaidh roinn amháin le faisnéis a cheanglaítear le haghaidh roinn eile, níor cheart an fhaisnéis chéanna sin a chur isteach faoi dhó cé gur cheart crostagairt chruinn a úsáid.

(15) I dtaca leis an bhFoirm AR a shíniú, ní mór do dhaoine déanamh amhlaidh ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann an pháirtí nó gach ceann de na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach aige nó acu nó ag ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach aige nó acu. Sonraíochtaí agus treoracha teicniúla maidir le haighneachtaí réasúnaithe (lena n-áirítear sínithe), is féidir iad a aimsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(16) Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hiarscríbhinní. Tá sé riachtanach, áfach, na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile a chur i láthair i gcorp na Foirme AR. Ní úsáidfear iarscríbhinní a ghabhann leis an bhFoirm AR sin ach amháin chun an fhaisnéis a sholáthraítear san Fhoirm AR féin a fhorlíonadh.

(17) Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ní mór iad a aistriú go dtí teanga na n-imeachtaí (Airteagal 3(4) agus Airteagal 6(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

(18) Maidir leis na doiciméid tacaíochta d'fhéadfaí gur cóipeanna de na bunchóipeanna a bheidh iontu. Sa chás sin, ní mór don pháirtí cur isteach a dheimhniú go bhfuil siad fíor agus iomlán.

([4]) I gcás páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a sholáthraíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach san Fhoirm AR, is féidir leis an gCoimisiún na bearta a dhéanamh ar a dtugtar tuairisc san Fhógra ón gCoimisiún freisin, maidir le cás a tharchur i leith comhchruinnithe ("Fógra maidir le Tarchur") (IO C 56, 5.3.2005, lch. 2), pointe 60, ar fáil ag EUR-Lex - 52005XC0305(01) - EN - EUR-Lex (europa.eu).

E. **Rúndacht agus Sonraí Pearsanta**

(19) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 17(2) den Rialachán um Chumaisc mar aon leis na forálacha comhfhreagracha de Chomhaontú LEE ([5]) ceanglaítear ar an gCoimisiún, na Ballstáit, Údarás Faireacháin CSTE agus Stáit CSTE, mar aon lena gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, ar faisnéis í den chineál a chumhdaítear leis an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu.

(20) Má chreideann tú go ndéanfaí dochar do do leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a chuir tú ar fáil, ba cheart duit an fhaisnéis sin a chur isteach ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar "Rúin Ghnó". Ba cheart duit fáthanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

(21) I gcás cumasc nó fáil i gcomhpháirt, nó i gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná ceann amháin de na páirtithe an aighneacht réasúnaithe, féadfar rúin ghnó a chur isteach in iarscríbhinní ar leithligh, agus tagairt a dhéanamh dóibh san aighneacht mar iarscríbhinn. Ionas go measfaí an fógra a bheith iomlán, ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san aighneacht réasúnaithe.

(22) Próiseálfar aon sonra pearsanta a chuirtear isteach san Fhoirm AR i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. ([6])

F. **Sainmhínithe agus treoracha chun críocha na Foirme AR seo**

(23) Chun críocha na Foirme seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) "Páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú" nó "páirtí/páirtithe": Baineann na téarmaí seo leis an bpáirtí is faighteoir/na páirtithe is faighteoirí san éadáil agus an páirtí/na páirtithe faighte araon, nó leis na páirtithe a bheidh ag cumasc le chéile, lena n-áirítear gach gnóthas a mbeidh leas urlámhais á fháil ann nó gach gnóthas a chuirfear faoi réir tairiscint phoiblí. Mura sonraítear a mhalairt, leis na téarmaí "páirtí/páirtithe" a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu agus "páirtí/páirtithe sa chomhchruinniú" áirítear gach gnóthas a bhaineann leis na grúpaí céanna lena mbaineann na páirtithe sin.

(b) "Margadh ábhartha táirgí": Margadh ábhartha táirgí ina bhfuil na táirgí nó na seirbhísí uile sin, nó iad araon, a mheasann an tomhaltóir a bheith inmhalartaithe nó inionadaithe, de bharr shaintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí, a bpraghsanna agus na húsáide atá beartaithe leo. I gcásanna áirithe, féadfaidh margadh ábhartha táirgí a bheith comhdhéanta de roinnt táirgí nó seirbhísí aonair, nó iad araon, a bhfuil na saintréithe fisiceacha nó teicniúla céanna den chuid is mó acu agus atá inmhalartaithe. Ar na fachtóirí atá ábhartha don mheasúnú ar an margadh ábhartha táirgí tá an anailís, ar bhonn an tsainmhínithe seo, ar na fáthanna a gcuirtear táirgí nó seirbhísí sna margaí sin san áireamh agus na fáthanna a bhfágtar cinn eile as an áireamh, agus ag féachaint, mar shampla, d'inionadaitheacht táirgí agus seirbhísí, praghsanna, tras-phraghasleaisteachas an éilimh nó fachtóirí ábhartha eile (mar shampla, inionadaitheacht ó thaobh an tsoláthair i gcásanna iomchuí).

(c) "Margadh ábhartha geografach": Cuimsíonn an margadh ábhartha geografach an limistéar ina bhfuil na gnóthais lena mbaineann páirteach i soláthar agus éileamh táirgí nó seirbhísí ábhartha, ina bhfuil na coinníollacha iomaíochta sách aonchineálach agus a fhéadfar a idirdhealú ó limistéir gheografacha in aice láimhe toisc, go háirithe, go bhfuil na dálaí iomaíochta difriúil go maith sna limistéir sin. Ar na fachtóirí atá ábhartha don mheasúnú ar an margadh ábhartha geografach tá, inter alia, cineál agus saintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann, bacainní iontrála, roghanna tomhaltóirí, difríochtaí suntasacha i sciar den mhargadh na ngnóthas ó limistéar geografach in aice le chéile nó difríochtaí suntasacha i bpraghsanna.

([5]) Féach, go háirithe, Airteagal 122 de Chomhaontú LEE, Airteagal 9 de Phrótacal 24 a ghabhann le Comhaontú LEE agus Airteagal 17(2) de Chaibidil XIII de Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Faireacháin agus Cúirte.

([6]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39. Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe Cumaisc ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

(d) "Forluí cothrománach": Eascraíonn cásanna d'fhorluití cothrománacha as comhchruinniú nuair atá na páirtithe sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó sa mhargadh nó sna margaí ábhartha táirgí agus geografacha céanna (lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt ([7])). ([8])

(e) "Caidreamh neamh-chothrománach": Eascraíonn caidreamh neamh-chothrománach as comhchruinniú nuair atá gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú i gcaidreamh nach forluí cothrománach atá ann.

(f) "Caidreamh ingearach": Eascraíonn caidrimh ingearacha as comhchruinniú nuair atá páirtí amháin nó níos mó sa chomhchruinniú ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó i margadh táirgí, ar margadh é atá réamhtheachtach nó iartheachtach ó mhargadh a bhfuil páirtí ar bith eile sa chomhchruinniú gníomhach ann (lena n-áirítear táirgí píblíne a fhorbairt). ([9])

(g) "Margaí dá ndéantar difear": Is iad margaí dá ndéantar difear gach margadh ábhartha táirgí agus geografach, chomh maith le margaí ábhartha malartacha inchreidte táirgí agus geografacha i gcás ina bhfuil forluí cothrománach idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe nó i gcás ina bhfuil caidreamh cothrománach nó ingearach eatarthu agus nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh athbhreithniú faoi phointe 5 den Fhógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe ([10]) agus nach dtairbhíonn de chlásail solúbthachta de phointe 8 den Fhógra Simplithe.

(h) Ciallaíonn "bliain" bliain féilire, mura sonraítear a mhalairt. Mura sonraítear a mhalairt, baineann an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm AR seo leis an mbliain roimh dháta na haighneachta réasúnaithe.

(24) Ní mór na sonraí airgeadais a iarrtar san Fhoirm AR seo a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim le linn na mblianta nó na dtréimhsí eile i gceist.

G. **Comhar idirnáisiúnta idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta eile**

(25) Spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun an comhar idirnáisiúnta idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta eile a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú acu a éascú. I dtaithí an Choimisiúin, baineann tairbhí suntasacha do na gnóthais lena mbaineann le dea-chomhar idir an Coimisiún agus údaráis iomaíochta i ndlínsí lasmuigh de LEE. Chuige sin, spreagann an Coimisiún páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu mar aon leis an bhFoirm AR seo, liosta a sheoladh isteach de na dlínsí lasmuigh de LEE ina bhfuil an comhchruinniú faoi réir imréiteach rialála faoi rialacha rialaithe cumaisc roimh é a chur i gcrích nó ina dhiaidh sin.

(26) Thairis sin, spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun tarscaoileadh rúndachta a chur isteach a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún faisnéis a roinnt le húdaráis iomaíochta eile lasmuigh de LEE a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú acu. Éascaítear le gach tarscaoileadh idirphlé agus anailís chomhpháirteach ar chomhchruinniú mar go gceadaíonn sé don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha a roinnt le húdarás iomaíochta eile a bhfuil an comhchruinniú céanna á athbhreithniú aige, lena n-áirítear faisnéis ghnó rúnda a fhaightear ó pháirtithe sa chomhchruinniú. Chuige sin, spreagann an Coimisiún na páirtithe sa chomhchruinniú chun tarscaoileadh caighdeánach an Choimisiúin a úsáid, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus a thugtar cothrom le dáta ó am go chéile.

ROINN 1

1.1. Buneolas

1.1.1. Tabhair achoimre feidhmiúcháin den chomhchruinniú, ina sonraítear na páirtithe sa chomhchruinniú, cineál an chomhchruinnithe (mar shampla, cumasc, éadáil nó comhfhiontar), réimsí gníomhaíochta na bpáirtithe sa chomhchruinniú, na margaí a mbeidh tionchar ag an gcomhchruinniú orthu (lena n-áirítear na príomh-mhargaí dá ndéantar difear), agus an réasúnaíocht straitéiseach agus eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.

([7]) Is éard is táirgí píblíne ann táirgí ar dócha go dtabharfar chun an mhargaidh iad sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma. Cumhdaíonn "táirgí píblíne" seirbhísí freisin.

([8]) Le forluití cothrománacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear forluití cothrománacha idir táirgí píblíne agus forluití idir aon táirge margaithe amháin nó níos mó agus táirge píblíne amháin nó níos mó.

([9]) Le caidrimh ingearacha a bhaineann le táirgí píblíne, áirítear caidrimh idir táirgí píblíne agus caidrimh idir aon táirge margaithe amháin nó níos mó agus aon táirge píblíne amháin nó níos mó.

([10]) Fógra ón gCoimisiún chun comhchruinnithe áirithe a láimhseáil ar bhealach simplithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle, (IO C 160, 5.5.2023, lch. 1) (an "Fógra maidir leis an Nós Imeachta Simplithe").

1.1.2. Tabhair le fios cibé an ndéantar an aighneacht réasúnaithe faoi Airteagal 4(4) nó Airteagal (5) den Rialachán um Chumaisc, de bhun na bhforálacha comhfhreagracha den Chomhaontú LEE, nó iad araon.

1.2. Faisnéis faoin bpáirtí (nó na páirtithe) a bhfuil aighneacht á cur isteach aige/acu agus páirtithe eile sa chomhchruinniú ([11])

Le haghaidh gach páirtí a bhfuil aighneacht réasúnaithe á déanamh acu chomh maith le gach páirtí eile sa chomhchruinniú, ba cheart duit an méid a leanas a sholáthar:

1.2.1. ainm an ghnóthais;

1.2.2. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaí iomchuí agus an post atá aige; is gá gur seoladh le haghaidh seirbhíse atá sa seoladh a thugtar chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí an Choimisiúin agus doiciméid nós imeachta eile, agus measfar go mbeidh an teagmhálaí a thugtar údaraithe chun glacadh le seirbhís;

1.2.3. má cheaptar ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó de chuid an ghnóthais, chuig ar féidir fógra a thabhairt maidir le doiciméid agus, go háirithe, cinntí ón gCoimisiún agus doiciméid nós imeachta eile:

1.2.3.1. ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist gach ionadaí agus an post atá acu; agus

1.2.3.2. bundoiciméad nó bundoiciméid na cumhachta aturnae (i gcás páirtí/ na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu) ([12]).

ROINN 2

CÚLRA GINEARÁLTA AGUS MIONSONRAÍ FAOIN GCOMHCHRUINNIÚ

Féadfar an fhaisnéis atá á lorg sa roinn seo a léiriú trí chairteacha eagrúcháin nó léaráidí a úsáid chun struchtúr úinéireachta agus rialaithe na bpáirtithe sa chomhchruinniú a thaispeáint roimh an gcomhchruinniú agus tar éis é a chur i gcrích.

2.1. Tabhair tuairisc ar chineál an chomhchruinnithe a bhfuil fógra á thabhairt ina leith trí thagairt do na critéir ábhartha den Rialachán um Chumaisc agus den Fhógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse ([13]):

2.1.1. sainaithin na gnóthais nó na daoine a rialaíonn gach gnóthas lena mbaineann ina n-aonar nó go comhpháirteach, go díreach nó go hindíreach, agus tabhair tuairisc ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe gach ceann de na gnóthais lena mbaineann roimh an comhchruinniú a chur i gcrích;

2.1.2. tabhair míniú cibé an ceann de na nithe seo a leanas atá sa chomhchruinniú atá beartaithe:

(a) cumasc iomlán;

(b) urlámhas aonair nó comhrialú a fháil;

(c) conradh nó modh eile chun rialú díreach nó indíreach a dheonú de réir bhrí Airteagal 3(2) den Rialachán um Chumaisc;

(d) comhrialú a fháil i gcomhfhiontar lánfheidhme de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, agus más amhlaidh, na fáthanna go meastar an comhfhiontar a bheith lánfheidhmeach ([14]);

2.1.3. mínigh cén chaoi a gcuirfear an comhchruinniú chun feidhme (mar shampla trí chomhaontú a chur i gcrích, trí thairiscint phoiblí a sheoladh, etc.);

2.1.4. faoi threoir Airteagal 4(1) den Rialachán um Chumaisc, mínigh cibé a tharla aon cheann de na nithe seo a leanas nó nár tharla tráth an fhógra:

(a) tugadh comhaontú i gcrích;

([11]) Áirítear leis sin an sprioc-chuideachta i gcás tairiscint atá á conspóid, ar cheart na mionsonraí a chomhlánú an oiread agus ab fhéidir sa chás sin.

([12]) Féach teimpléad an doiciméid maidir le cumhacht aturnae ag https://ec.europa.eu/competition/mergers/legislation/power_of_attorney_template_en.docx.

([13]) Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ("Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse") IO C 95, 16.4.2008, lch. 1, ar fáil ag EUR-Lex - 52008XC0416(08) - EN - EUR-Lex (europa.eu).

([14]) Féach Roinn B IV den Fhógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse.

(b) rinneadh leas urlámhais a éadáil;

(c) fógraíodh tairiscint phoiblí nó an rún tairiscint phoiblí a sheoladh;

(d) léirigh na gnóthais lena mbaineann intinn meoin mhacánta chun comhaontú a thabhairt i gcrích;

2.1.5. tabhair le fios dáta aon mhórtheagmhas a bhfuil coinne leis, ar mórtheagmhais iad atá ceaptha chun an comhchruinniú a chur i gcrích;

2.1.6. tabhair míniú ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe gach gnóthais lena mbaineann tar éis an comhchruinniú a chur i gcrích.

2.2. Tabhair tuairisc ar an réasúnaíocht eacnamaíoch atá leis an gcomhchruinniú.

2.3. Luaigh luach an chomhchruinnithe [an praghas ceannaigh (nó luach gach sócmhainne lena mbaineann de réir mar a bheidh); sonraigh cibé acu cothromas, airgead, nó sócmhainní eile atá ansin].

2.4. Tabhair sonraí leordhóthanacha nó sonraí eile lena léiriú cibé a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an comhchruinniú na tairseacha dlínsiúla a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán um Chumaisc tríd an bhfaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid maidir le gach ceann de na gnóthais lena mbaineann de réir an chomhchruinnithe don bhliain airgeadais dheireanach ([15]):

2.4.1. láimhdeachas domhanda;

2.4.2. –Láimhdeachas ar fud an Aontais;

2.4.3. Láimhdeachas ar fud an LEE (AE agus CSTE);

2.4.4. láimhdeachas i ngach Ballstát (tabhair le fios an Ballstát, más ann dó, ina mbaintear amach níos mó ná dhá thrian de láimhdeachas ar fud an Aontais);

2.4.5. Láimhdeachas ar fud CSTE;

2.4.6. láimhdeachas i ngach Stát de chuid CSTE (tabhair le fios an Stát CSTE, más ann dó, ina mbaintear amach níos mó ná dhá thrian de láimhdeachas ar fud CSTE; tabhair le fios freisin cibé atá láimhdeachas comhcheangailte na ngnóthas lena mbaineann ar chríoch na Stát CSTE comhionann le 25 % nó níos mó dá láimhdeachas iomlán ar chríoch LEE nó nach bhfuil).

Ní mór sonraí láimhdeachais a sholáthar trí thábla teimpléid an Choimisiúin a líonadh isteach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

ROINN 3

SAINITHE MARGAIDH

Feidhmíonn na margaí ábhartha táirgí agus geografacha chun an raon feidhme a shainaithint ar laistigh de nach mór measúnú a dhéanamh ar chumhacht mhargaidh an eintitis nua a thagann as an gcomhchruinniú ([16]). Le linn do na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu margaí ábhartha táirgí agus geografacha a chur i láthair, ní mór dóibh, i dteannta le haon sainiú ar mhargaí táirgí agus geografacha a mheasann siad a bheith ábhartha, gach sainiú inchreidte ar mhargaí táirgí agus geografacha a chur faoi bhráid. Is féidir sainithe malartacha inchreidte ar mhargaí táirgí agus geografacha a shainaithint ar bhonn chinntí ón gCoimisiún agus bhreithiúnais ó Chúirteanna an Aontais roimhe seo agus (go háirithe i gcás nach bhfuil aon fhasach ann ón gCoimisiún ná ón gCúirt) faoi threoir tuairiscí ón tionscal, staidéir mhargaidh agus doiciméid inmheánacha na bpáirtithe cur isteach.

3.1. Déan plé ar gach sainiú inchreidte ábhartha ar mhargaí ina bhféadfadh margaí dá ndéantar difear eascairt as an gcomhchruinniú atá beartaithe. Mínigh an chaoi a measann na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu ar cheart na margaí ábhartha táirgí agus geografacha a shainiú.

([15]) Maidir leis na coincheapa "gnóthas lena mbaineann" agus le láimhdeachas a ríomh, féach Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlínse faoi.

([16]) Féach an Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainiú ar an margadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail IO C 372, 9.12.1997, lch. 5.

3.2. Agus gach sainiú ábhartha inchreidte ar mhargaí atá pléite á thabhairt san áireamh, ba cheart duit gach margadh dá ndéantar difear a shainaithint ([17]) agus faisnéis achomair a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí na bpáirtithe sa chomhchruinniú i ngach margadh ábhartha inchreidte. Cuir an oiread rónna agus is gá leis na táblaí chun gach margadh inchreidte a ndéanann tú measúnú air a chumhdach:

Achoimre ar Mhargaí dá nDéantar Difear
Forluití Cothrománacha

Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain] [Sainaithin an méadrach]

Achoimre ar Mhargaí dá nDéantar Difear
Caidrimh Ingearacha

Réamhtheachtach			**Iartheachtach**		
Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain] [Sainaithin an méadrach]	Sainiú ar mhargadh táirgí	Sainiú ar mhargadh geografach	Sciar comhcheangailte den mhargadh [Sainaithin an bhliain] [Sainaithin an méadrach]

ROINN 4

FAISNÉIS MAIDIR LE MARGAÍ DÁ NDÉANTAR DIFEAR

Maidir le gach margadh dá ndéantar difear, ba cheart duit an fhaisnéis seo a leanas don bhliain dheireanach a chur ar fáil:

4.1. le haghaidh gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, cineál ghnó an ghnóthais, na príomh-fhochuideachtaí gníomhacha, brandaí, ainmneacha táirgí, agus trádmharcanna, a úsáidtear i ngach ceann de na margaí sin;

4.2. meastachán ar mhéid iomlán an mhargaidh i dtéarmaí luacha díola (in euro) agus méid (aonaid) ([18]). Ba cheart duit a thabhairt le fios an bonn agus na foinsí le haghaidh na ríomhanna agus doiciméid a sholáthar más ann dóibh chun na ríomhanna sin a dheimhniú;

4.3. le haghaidh gach ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú, luach agus méid na ndíolachán, chomh maith le meastachán ar na sciartha den mhargadh;

4.4. meastachán ar an sciar den mhargadh i dtéarmaí luacha (agus méid i gcás inarb iomchuí) de na trí iomaitheoir is mó (rud a thugann le fios an bunús leis na meastacháin);

4.5. más comhfhiontar é an comhchruinniú, tabhair le fios cibé a choinníonn dhá mháthairchuideachta nó níos mó cuid mhaith de ghníomhaíochtaí sa mhargadh céanna leis an gcomhfhiontar nó i margadh atá iartheachtach nó réamhtheachtach le ceann an chomhfhiontair, nó nach gcoinníonn siad iad ([19]) .

([17]) Le linn theagmhálacha réamhfhógra, nochtfaidh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu faisnéis i ndáil le gach margadh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, fiú amháin má mheasann siad sa deireadh nach bhfuil difear déanta do na margaí sin agus d'ainneoin go bhféadfadh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a bheith de thuairim faoi leith i ndáil leis an tsaincheist maidir le sainiú margaidh.

([18]) Ní mór aschur lúide onnmhairí móide allmhairí a léiriú i luach agus méid margaidh le haghaidh na limistéar geografach atá faoi bhreithniú.

([19]) Le haghaidh sainithe margaidh féach Roinn 3.

ROINN 5

MIONSONRAÍ NA HIARRATA TARCHURTHA AGUS NA FÁTHANNA AR CHEART AN CÁS A THARCHUR

5.1. Maidir le tarchuir a dhéantar de bhun Airteagal 4(4) den Rialachán um Chumaisc agus tarchuir a dhéantar de bhun na bhforálacha ábhartha den Chomhaontú LEE:

5.1.1. sainaithin an Ballstát (na Ballstáit) agus an Stát CSTE (na Stáit CSTE) ar cheart dó nó dóibh i do thuairimse scrúdú a dhéanamh ar an gcomhchruinniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Rialachán um Chumaisc, agus a thabhairt le fios cibé a rinne tú nó nach ndearna tú teagmháil neamhfhoirmiúil leis an mBallstát (na Ballstáit) seo agus leis an Stát CSTE (na Stáit CSTE);

5.1.2. sonraigh cé acu atá tú ag iarraidh go ndéanfaí an cás ar fad a tharchur nó cuid de. Más amhlaidh atá tú ag iarraidh go ndéanfaí cuid den chás a tharchur, sonraigh go soiléir an chuid nó na codanna den chás dá n-iarrann tú an tarchur. Más amhlaidh atá tú ag iarraidh go ndéanfaí an cás a tharchur, ní mór duit a dheimhniú nach ann d'aon mhargadh dá ndéantar difear lasmuigh de chríoch an Bhallstáit nó na mBallstát agus an Bhallstáit nó na mBallstát CSTE dá n-iarrann tú an tarchur a dhéanamh chuige nó chucu;

5.1.3. mura n-éiríonn margaí dá ndéantar difear as an gcomhchruinniú atá beartaithe de réir bhrí na Foirme AR seo, tabhair míniú i leith ([20]):

(a) an margadh (na margaí) ina bhféadfadh an comhchruinniú difear suntasach a dhéanamh don iomaíocht laistigh de Bhallstát agus conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh;

(b) an fáth go léirítear le gach ceann de na margaí a shainaithnítear sa fhreagra don cheist a leagtar amach i bpointe (a) na saintréithe uile de mhargadh sonrach.

5.1.4. I gcás ina n-éiríonn Ballstát agus/nó Ballstát CSTE inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar chás iomlán nó ar chuid de tar éis tarchuir de bhun Airteagal 4(4) den Rialachán um Chumaisc, an dtoilíonn tú leis go bhféadfaidh an Ballstát nó na Ballstáit agus/nó an Stát CSTE nó na Stáit CSTE i gceist tarraingt ar an bhfaisnéis atá san Fhoirm AR seo chun críche imeachtaí náisiúnta dá chuid nó dá gcuid a bhaineann leis an gcás sin (nó le cuid de)? Ná tabhair freagra ach amháin le "Toilíonn" nó "Ní thoilíonn".

5.2. Maidir le tarchuir a dhéantar de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán um Chumaisc agus tarchuir a dhéantar de bhun na bhforálacha ábhartha den Chomhaontú LEE:

5.2.1. i gcás gach Ballstáit agus Ballstáit CSTE, sonraigh cé acu an féidir nó nach féidir an comhchruinniú a athbhreithniú faoina dhlí iomaíochta náisiúnta. Ní mór an fhaisnéis seo a sholáthar trí thábla teimpléid an Choimisiúin a chomhlánú, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta. I gcás gach Ballstáit agus Ballstáit CSTE, ní mór duit "Is féidir" (más féidir an comhchruinniú a athbhreithniú de réir an dlí iomaíochta náisiúnta) nó "Ní féidir" (mura féidir é a athbhreithniú) a thabhairt le fios;

5.2.2. le haghaidh gach Ballstáit agus Ballstáit CSTE inar chomhlánaigh tú "Is féidir" sa tábla dá dtagraítear i bpointe 5.2.1, tabhair sonraí airgeadais nó sonraí leordhóthanacha eile ina léirítear go gcomhlíonann an comhchruinniú na critéir dhlínsiúla ábhartha de réir an dlí náisiúnta is infheidhme;

5.2.3. mínigh an fáth ar cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an gcás más rud é ([21]):

(a) go n-éiríonn margaí dá ndéantar difear as an gcomhchruinniú atá beartaithe (de réir bhrí na Foirme AR seo) lena mbaineann raon feidhme náisiúnta i níos lú ná trí Bhallstát;

(b) nach n-éiríonn margaí dá ndéantar difear as an gcomhchruinniú atá beartaithe (de réir bhrí na Foirme AR seo).

ROINN 6

DEARBHÚ

Ní mór an aighneacht réasúnaithe teacht chun críche leis an dearbhú seo a leanas a shíneoidh gach ceann de na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu nó a shíneofar ar a son:

"Dearbhaíonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil an aighneacht á cur isteach aige nó acu, tar éis dó nó dóibh fiorú cúramach a dhéanamh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san aighneacht réasúnaithe seo, a mhéid is eol dó nó dóibh, fíor, ceart agus iomlán, gur soláthraíodh fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm AR, go bhfuil na meastacháin uile atá inti sainaitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad ar na fíorais bhunúsacha atá inti, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha inti. Is feasach dóibh forálacha d"Airteagal 14(1), pointe (a), den Rialachán um Chumaisc."

([20]) Le haghaidh phrionsabail treorach maidir le tarchur cásanna, féach an Fógra maidir le Tarchur, pointe 17 agus fonóta 21.

([21]) Le haghaidh phrionsabail treorach maidir le tarchur cásanna, féach an Fógra maidir le Tarchur, pointe 28.

I gcás foirmeacha a bhfuil síniú digiteach curtha leo, is chun críche faisnéise amháin iad na réimsí seo a leanas. Ba cheart iad a bheith ag comhfhreagairt do mheiteashonraí an ríomhshínithe chomhfhreagraigh (na ríomhshínithe comhfhreagracha).

Dáta:

[sínitheoir 1]	[sínitheoir 2 más infheidhme]
Ainm:	Ainm:
Eagraíocht:	Eagraíocht:
Post:	Post:
Seoladh:	Seoladh:
Uimhir theileafóin:	Uimhir theileafóin:
Ríomhphost::	Ríomhphost::
[“ríomhshínithe” / síniú]	[“ríomhshínithe” / síniú]

IARSCRÍBHINN IV

FOIRM A BHAINEANN LEIS AN bhFAISNÉIS MAIDIR LE GEALLTANAIS ARNA gCUR ISTEACH DE BHUN AIRTEAGAL 6(2) AGUS AIRTEAGAL 8(2) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 139/2004 ÓN gCOMHAIRLE

(FOIRM RM)

RÉAMHRÁ

(1) Leis an bhfoirm seo, sonraítear an fhaisnéis agus na doiciméid atá le cur isteach ag na gnóthais lena mbaineann agus gealltanais á dtairiscint acu de bhun Airteagal 6(2) nó Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. ([1]) Tá gá leis an bhfaisnéis atá á hiarraidh chun go mbeidh an Coimisiún in ann scrúdú a dhéanamh ar cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil sé de chumas ag na gealltanais an comhchruinniú a dhéanamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach trí bhac suntasach ar iomaíocht éifeachtach a chosc. Beidh leibhéal na faisnéise éagsúil ag brath ar chineál agus ar struchtúr an leighis atá beartaithe. Mar shampla, beidh faisnéis níos mionsonraithe riachtanach le haghaidh leigheasanna ina mbeidh gearradh amach i gceist ná mar a bheadh i gcás gnólachtaí neamhspleácha atá á ndífheistiú.

(2) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar san Fhoirm RM a sholáthar sa roinn iomchuí den Fhoirm RM agus ní mór í a bheith ceart agus iomlán.

(3) I gcomhréir le hAirteagail 5(4) agus 6(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an "Rialachán Cur Chun Feidhme"), ([2]) breithneofar gur faisnéis neamhiomlán í aon fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach a bheidh san Fhoirm RM.

(4) Faoi Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc, má sholáthraíonn páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fíneálacha suas le 1 % de láimhdeachas comhiomlán an ghnóthais lena mbaineann a ghearradh orthu.

(5) De bhun Airteagal 6(3), pointe (a), agus Airteagal 8(6), pointe (a), den Rialachán um Chumaisc, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh maidir le comhoiriúnacht comhchruinnithe dá dtugtar fógra a chúlghairm i gcás ina mbeidh an cinneadh sin bunaithe ar fhaisnéis mhícheart a bhfuil ceann de na páirtithe sa chomhchruinniú freagrach aisti.

(6) De bhun Airteagal 4(2) agus Airteagal 20(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le haon fhaisnéis faoi leith a sholáthar san Fhoirm RM a ligean ar ceal, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile i gcás ina mbreithneoidh an Coimisiún nach gá na hoibleagáidí nó na ceanglais sin a chomhlíonadh chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás. Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar nó aon cheanglas eile san Fhoirm RM a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Tá an Coimisiún ar fáil chun iarrataí den sórt sin a phlé leis na páirtithe go hoscailte.

Aon sonraí pearsanta a chuirfear isteach san Fhoirm RM sin, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([3])

I dtaca leis an bhFoirm Ghearr RM a shíniú, ní mór do dhaoine déanamh amhlaidh ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt acu agus/nó thar ceann aon pháirtí eile ag a bhfuil na gealltanais á síniú nó ag ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige/acu agus/nó d'aon pháirtí eile ag a bhfuil na gealltanais á síniú. Sonraíochtaí agus treoracha teicniúla maidir le sínithe, is féidir iad a aimsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (an "Rialachán um Chumaisc") (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1), ar fáil ag EUR-Lex - 32004R0139 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

([2]) Féach leathanach 22 an Iris Oifigiúil

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39), ar fáil ag EUR-Lex - 32018R1725 - EN - EUR-Lex (europa.eu). Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe Cumaisc ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

ROINN 1

ACHOIMRE AR NA GEALLTANAIS

1. Soláthair achoimre neamhrúnda ar chineál agus ar raon feidhme na ngealltanas atá á dtairiscint. Féadfaidh an Coimisiún an achoimre sin a úsáid le haghaidh na tástála margaidh le tríú páirtithe ar na gealltanais atá á dtairiscint.

ROINN 2

OIRIÚNACHT CHUN IMNÍ I NDÁIL LE HIOMAÍOCHT A BHAINT

2. Soláthair faisnéis lena dtaispeántar oiriúnacht na ngealltanas atá á dtairiscint chun deireadh a chur leis an gcosc suntasach ar iomaíocht éifeachtach atá sainaitheanta ag an gCoimisiún.

ROINN 3

DIALL Ó THÉACSANNA CAIGHDEÁNACHA

3. Soláthair iarscríbhinn, lena sainaithnítear aon diall ó na gealltanais arna dtairiscint, as téacs caighdeánach na ngealltanas atá cothrom le dáta mar atá foilsithe ar shuíomh gréasáin AS na hIomaíochta.

ROINN 4

FAISNÉIS MAIDIR LE GNÓLACHT ATÁ LE DÍFHEISTIÚ

4. I gcás ina mbeidh dífheistiú gnólachta i gceist leis na gealltanais arna dtairiscint, soláthair an fhaisnéis agus na doiciméid a leanas.

Faisnéis ghinearálta maidir leis an ngnólacht atá le dífheistiú

Ba cheart an fhaisnéis a leanas a sholáthar maidir le gach gné d'oibriú an ghnólachta atá le dífheistiú (i.e., roimh dhífheistiú) agus maidir le haon athrú atá á bheartú don todhchaí cheana féin.

4.1. Tabhair tuairisc ar struchtúr dlíthiúil an ghnólachta atá le dífheistiú agus soláthair eagraghram na cuideachta lena mínítear na háiteanna mar a bhfuil an gnólacht atá le dífheistiú comhtháite. Tabhair tuairisc ar na heintitis ar leis an ngnólacht atá le dífheistiú iad, agus a n-áit ghnó chláraithe agus a n-áit bhainistíochta á sonrú, mar aon leis an struchtúr eagrúcháin ginearálta agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le struchtúr riaracháin an ghnólachta atá le dífheistiú. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.2. Luaigh cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil aon bhac dlíthiúil roimh aistriú an ghnólachta atá le dífheistiú nó roimh aistriú na sócmhainní, lena n-áirítear cearta tríú páirtithe agus formheasanna riaracháin a cheanglaítear.

4.3. Tabhair tuairisc ar shlabhra luacha iomlán na dtáirgí atá á dtáirgeadh nó na seirbhísí atá á soláthar ag an ngnólacht atá le dífheistiú, lena n-áirítear suíomh na saoráidí ábhartha. Liostaigh agus tabhair tuairisc ar na táirgí atá á monarú nó ar na seirbhísí atá á soláthar, go háirithe ar a saintréithe teicniúla agus ar a saintréithe eile, ar na brandaí atá i gceist, ar an láimhdeachas atá á ghiniúint le gach ceann de na táirgí nó de na seirbhísí sin, agus ar aon nuálaíocht nó ar aon ghníomhaíocht taighde agus forbartha nó ar aon táirge píblíne nó ar aon táirge nua atá réidh le seoladh agus ar na seirbhísí atá á mbeartú. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.4. Tabhair tuairisc ar an leibhéal ar a n-oibrítear feidhmeanna fíor-riachtanacha an ghnólachta atá le dífheistiú (mar shampla, taighde agus forbairt, táirgeadh, margaíocht agus díolacháin, loighistic, caidreamh le custaiméirí, caidreamh le soláthróirí, córais TF) más rud é nach ndéantar ar leibhéal an ghnólachta atá le dífheistiú iad. Ba cheart an ról atá á fheidhmiú ar na leibhéil eile sin a bheith sa tuairisc, mar aon leis an gcaidreamh leis an ngnólacht atá le dífheistiú agus leis na hacmhainní (amhail pearsanra, sócmhainní, acmhainní airgeadais) atá i gceist leis an bhfeidhm.

4.5. Tabhair tuairisc mhionsonraithe ar na naisc idir an gnólacht atá le dífheistiú agus na heintitis eile atá á rialú ag aon cheann de na páirtithe sa chomhchruinniú (gan beann ar threo an naisc) amhail:

(a) conarthaí soláthair, táirgthe, dáileacháin, seirbhíse, taighde agus forbartha nó conarthaí eile;

(b) sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe;

(c) pearsanra atá comhroinnte nó ar iasacht;

(d) córais chomhroinnte TF nó córais eile;

(e) custaiméirí comhroinnte.

4.6. Tabhair tuairisc i dtéarmaí ginearálta ar gach sócmhainn inláimhsithe agus dholáimhsithe atá á n-úsáid nó faoi úinéireacht an ghnólachta atá le dífheistiú, lena n-áirítear, in aon chás, cearta maoine intleachtúla agus brandaí. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.7. Cuir cairt eagrúcháin isteach lena sainaithneofar an líon pearsanra atá ag obair faoi láthair i ngach ceann d'fheidhmeanna an ghnólachta atá le dífheistiú agus liosta de na fostaithe sin nach féidir déanamh dá n-uireasa le haghaidh oibriú an ghnólachta atá le dífheistiú, agus tuairisc á tabhairt ar a bhfeidhmeanna. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.8. Tabhair tuairisc ar chustaiméirí an ghnólachta atá le dífheistiú, lena n-áirítear liosta custaiméirí, tuairisc ar na taifid chomhfhreagracha atá ar fáil, agus soláthair an láimhdeachas iomlán arna ghiniúint ag an ngnólacht atá le dífheistiú le gach ceann de na custaiméirí sin (in EUR agus mar chéatadán de láimhdeachas iomlán an ghnólachta atá le dífheistiú). Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.9. Soláthair na sonraí airgeadais ábhartha uile le haghaidh an ghnólachta atá le dífheistiú, lena n-áirítear an láimhdeachas agus EBITDA a baineadh amach le 3 bliana airgeadais anuas, agus an réamhaisnéis don chéad 2 bhliain airgeadais eile. Más rud é go bhfuil sé ar fáil, soláthair an plean gnó nó straitéiseach atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh an ghnólachta atá le dífheistiú, lena n-áirítear aon réamhaisnéis a fhéadfaidh a bheith ar fáil. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.10. Sainaithin agus tabhair tuairisc ar aon athrú atá tarlaithe le 2 bhliain anuas ar eagrú an ghnólachta atá le dífheistiú nó ar na naisc le gnóthais eile atá á rialú ag na páirtithe. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

4.11. Sainaithin agus tabhair tuairisc ar aon athrú, atá á bheartú le haghaidh an chéad 2 bhliain eile, in eagrú an ghnólachta atá le dífheistiú nó ar na naisc le gnóthais eile atá á rialú ag na páirtithe. Más rud é gur gearradh amach atá i gceist leis an ngnólacht, ba cheart an fhaisnéis uile sin a sholáthar freisin maidir leis an ngnólacht ar fad as a ngearrfaí amach an gnólacht atá le dífheistiú.

Faisnéis ar an ngnólacht atá le dífheistiú mar a thuairiscítear sna gealltanais arna dtairiscint agus i gcomparáid leis an ngnólacht atá le dífheistiú mar a oibrítear faoi láthair

4.12. Agus do chuid freagraí ar cheisteanna 4.1-4.11 thuas á gcur san áireamh, leag amach na difríochtaí uile idir (i) an gnólacht atá le dífheistiú mar a thuairiscítear sna gealltanais atá á dtairiscint agus (ii) an gnólacht atá le dífheistiú mar a oibrítear faoi láthair é. I gcás inarb ann d'aon sócmhainn inláimhsithe nó dholáimhsithe, d'aon phearsanra, saoráid, conradh, táirge, taighde agus forbairt, táirge píblíne, seirbhís chomhroinnte etc. atá á dtáirgeadh nó á n-úsáid ag an ngnólacht atá le dífheistiú ar bhealach ar bith faoi láthair nó ar a bhfuil an gnólacht sin ag brath ar bhealach ar bith ach nach n-áirítear sna gealltanais, soláthair liosta cuimsitheach.

Fáil ag ceannaitheoir oiriúnach

4.13. Mínigh na cúiseanna, dar leat féin, ar dócha go bhfaighidh ceannaitheoir oiriúnach an gnólacht atá le dífheistiú sa tráthchlár atá beartaithe sna gealltanais arna dtairiscint.

ROINN 5

DEARBHÚ

Ní mór an dearbhú a leanas a chur ag deireadh na Foirme RM atá le síniú ag na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu nó thar a gceann siúd agus ag aon pháirtí eile atá ag síniú na ngealltanas:

"*Dearbhaíonn na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu agus aon pháirtí eile ag a bhfuil na gealltanais á síniú, de réir mar is fearr is eol dóibh agus mar a chreideann siad, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra seo fíor, ceart agus iomlán, gur soláthraíodh fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm RM, go bhfuil na meastacháin uile atá ann sainaitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá curtha in iúl. Tá siad ar an eolas faoi fhorálacha Airteagal 14(1), pointe (a) den Rialachán um Chumaisc.*"

I gcás foirmeacha a bhfuil síniú digiteach curtha leo, is chun críocha faisnéise amháin iad na réimsí seo a leanas. Ba cheart iad a bheith ag comhfhreagairt do mheiteashonraí an ríomhshínithe chomhfhreagraigh (na ríomhshínithe comhfhreagracha).

Dáta:

[sínitheoir 1]	[sínitheoir 2 más infheidhme]
Ainm:	Ainm:
Eagraíocht:	Eagraíocht:
Post:	Post:
Seoladh:	Seoladh:
Uimhir theileafóin:	Uimhir theileafóin:
Ríomhphost::	Ríomhphost::
["ríomhshínithe" / síniú]	["ríomhshínithe" / síniú]